

09/10

OLLSCOIL NA hÉIREANN MÁ NUAD TUARASCÁIL AN UACHTARÁIN

NUI MAYNOOTH
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

I RANGÚ DOMHANDA NA NOLLSCOILEANNA A FOILSÍODH I MÍ DHEIREADH FÓMHAIR SEO CAITE, AICMÍODH AN OLLSCOIL I MEASC AN 500 OLLSCOIL IS FEARR AR DOMHAN, AGUS I RANGÚ OLLSCOILEANNA NA HÉIREANN AN SUNDAY TIMES DON TRÉIMHSE CHÉANNA LÉIRÍODH GO BHFUIL SÍ SA CHÉAD ÁIT MAIDIR LE HIONCAM TAIGHDE IN AGHAIDH AN DUINE ACADÚIL AGUS AR CHOMHCHÉIM SA CHÉAD ÁIT MAIDIR LE FOSTAÍOCHT I MEASC NA MAC LÉINN.

09/10

OLLSCOIL NA hÉIREANN MÁ NUAD TUARASCÁIL AN UACHTARÁIN

NUI MAYNOOTH
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

1 BROLLACH - FOCAL ÓN UACHTARÁN

Brollach - Focal ón Uachtarán 3

2 SÚIL SIAR AR AN MBLIAIN

2.1 Na hImeachtaí 9
2.2 Na Luachanna Saothair 15
2.3 An Seomra Foirne 23
2.4 Eispéireas na Mac Léinn 28
2.5 An Dearcadh Idirnáisiúnta 32
2.6 An Oifig Rochtana 34
2.7 An Leabharlann 36
2.8 Gníomhaíochtaí Alumni 38
2.9 Oifig na Gaeilge agus Oifig na dTeangacha Oifigiúla 39

3 TAIGHDE

3.1 Buaicphointí Taighde 43
3.2 Gníomhaíochtaí Tráchtálaithe 45

4 AN TÚDARÁS RIALAITHE

An tÚdarás Rialaithe 48

5 AIRGEADAS, STAITISTICÍ & URRAITHEOIRÍ

5.1 Cuntais Ioncaim & Caiteachais 51
5.2 Staitisticí Mac Léinn 52
5.3 Urraitheoirí Taighde 58

1 BROLLACH - FOCAL ÓN UACHTARÁN

Dul Chun Cinn na hOllscoile

Chuaigh stádas OÉ Má Nuad ó neart go neart i measc a chomh-ollscoileanna in Éirinn agus thar lear araon sa bhliain acadúil seo a chuaigh thart. I Rangú Domhanda na nOllscoileanna a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair seo caite, aicmíodh an Ollscoil i measc an 500 ollscoil is fearr ar domhan, agus i Rangú Ollscoileanna na hÉireann an Sunday Times don tréimhse chéanna léiríodh go bhfuil sí sa chéad áit maidir le hioncam taighde in aghaidh an duine acadúil agus ar chomhchéim sa chéad áit maidir le fostaíocht i measc na mac léinn. Léiríonn na gradaim seo ardchaighdeán an teagaisc agus an taighde ag OÉ Má Nuad agus an tús áite a thugaimid chun na cáilíochtaí agus na scileanna is fearr a chur ar fáil dár gcuid céimithe.

Cé gur tháinig laghdú 6% ar líon iomlán na n-iarratas san earnáil tríú leibhéal, tugann figiúirí ón Lár-Oifig Iontrála le fios gur tháinig méadú 11% ar líon na mac léinn a raibh OÉ Má Nuad ainmnithe mar chéad rogha acu. Go háirithe, cuireann an t-ardú san éileamh ar bhiteicneolaíocht, ríomhaireacht agus staidéir deartha táirgí, ardú 32%, 8% agus 8% faoi seach, in iúl go bhfuil mic léinn ag iarraidh eolas a fhorbairt sna réimsí a d'aithin Rialtas na hÉireann maidir le riachtanais scileanna agus oideachais amach anseo sa gheilleagar cliste. Níl dabht ar bith faoi ach gur chuir an rogha leathan de 22 ábhar laistigh den chéim Baitsiléir Ealaíon leis an mborradh 15% san éileamh air agus na pointí iontrála riachtanacha is airde i measc ollscoil ar bith le dhá bhliain anuas. Go háirithe, mar gheall ar an méadú seo i líon na n-iarratas ar áiteanna san Ollscoil don tríú bliain as a chéile, tá ardú tagtha sna pointí Ardteistiméireachta atá ag teastáil le dul isteach i mbeagnach gach cúrsa atá againn.

Bhí bliain dhearfach ag an ollscoil in 2009 maidir le fás leanúnach agus tionchar idirnáisiúnta ó thaobh an taighde de. Tháinig borradh ar na haschuir dhíreacha a baineadh as infheistíocht i dtaighde ó thaobh líon na gcéimithe PhD agus foilseacháin agus deismireachtaí den scoth. Tháinig méadú go €25.8 milliún ar an gcaiteachas ar thaighde a dtugtar maoiniú ó fhoinsí seachtracha dó, agus sa chaoi sin baineadh amach sprioc Phlean Straitéiseach na hOllscoile don tréimhse 2006-2011 dhá bhliain chun tosaigh ar an sceideal. Chomh maith leis sin, chuir an Oifig um Staidéar Iarchéime fáilte roimh 300 iarchéimí ag tús seimeastar 2010 - an líon ba mhó riamh agus níos mó ná dhá uaire an líon daoine a tháinig isteach 12 mhí roimhe sin. Bhí méadrachtaí tráchtálaithe níos fearr in 2009-10 ná mar a bhí sna blianta a chuaigh thart. D'eascair dhá chuideachta ón Ollscoil, síníodh naoi gcomhaontú ceadúnais, comhdaíodh seacht bpaitinn, cuireadh níos mó ná 14 chomhoibriú tionsclaíoch i gcrích agus baineadh amach cistí tráchtálaithe de €600,000.

Léirítear an rath seo sna himeachtaí dáimhe, dámhachtainí agus ceapacháin foirne, éachtaí na mac léinn agus gníomhaíochtaí sna hOifigí Idirnáisiúnta, Rochtana agus Alumni, chomh maith leis an Leabharlann, iad ar fad ar chaighdeán an-ard. Mar shampla, bhí OÉ Má Nuad ina óstach ar an gcéad Chomhchomhairle Éireannach riamh de chuid Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus is é an baile acadúil don chéad bhean Éireannach a d'fhreastail ar Choiste ar bith de chuid na NA riamh, chomh maith le bheith ar cheann den bheagán a bhain amach Dámhachtain um Fheabhas sa Mhúinteoireacht NAIRTL. Threisigh an Ollscoil leis na chéad chéimithe ón gclár teastais Obair don Phobal in Éirinn atá ag Athrú, an t-aon cheann dá leithéid le haghaidh oibrithe imirceacha, chomh maith leis an Dioplóma uathúil in Eadráin agus Idirghabháil Choinbhleachta. Tá sé i gceist aici freisin a bheith mar cheannródaí ar an gcéad chúrsa Gaeilge in ollscoil sa tSín agus chuidigh sí le tairseach nua a spreagadh do na torthaí taighde a tháinig ó ollscoileanna na hÉireann le chéile. D'éirigh níos fearr ná mar a d'éirigh riamh leis na scoláirí i gcúrsaí spóirt mar galf, snámh, snúcar agus i gcluichí CLG, agus bhain siad gradaim amach ag céad Chluiche Ceannais Gailf Ollscoileanna na hEorpa agus ag Cluichí Ceannais Oscailte na mBan in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór, chomh maith le héachtaí móra i gcomórtais sa snámh agus i snúcar. Rinneadh ionduchtú ar na chéad daoine sna Alumni Móra le Rá 'Déanta i Má Nuad', agus eagraíodh cúrsaí samhraidh ullmhúcháin, seisiúin faisnéis agus meantóireacht piaraí le cabhrú leis na mic léinn lánfhásta, ar tháinig an méadú ba mhó riamh orthu de 14%, an t-athrú a dhéanamh chuig an saol ar an gcampas.

Forbairt Clár

Ba é an toradh a bhí le comhpháirtíocht spreagúil idir OÉ Má Nuad agus Coláiste Oideachais Froebel, ná go mbeidh an ollscoil ar an t-aon cheann amháin a chuirfidh an raon iomlán oideachas múinteoireachta ar fáil ar champas Éireannach – oideachas bunscoile agus meánscoile chomh maith le hoideachas do dhaoine fásta agus oideachas pobail. Déanfar Roinn Oideachais Luath-Óige agus Bunscoile Froebel a bhunú nuair a aistreofar an coláiste oideachais do mhúinteoirí agus na mic léinn uile atá ann chuig OÉ Má Nuad i mí Mheán Fómhair 2013. Bronnfaidh an Ollscoil Baitsiléir san Oideachas ceithre bliana Ollscoil Froebel ansin, chomh maith leis an Ard-Dioplóma sa Bhunoideachas, Céim Máistreachta san Oideachas Speisialta agus Uileghabhálach agus Dioplóma Iarchéime in Ealaíona san Oideachas Speisialta, chomh maith le bheith ag obair chun cúrsaí nua a fhorbairt. Tá samhail nua don oideachas do mhúinteoirí bunscoile á tabhairt isteach leis an gcomhfhiontar iontach seo, ina gcuirtear le chéile an traidisiún saibhir agus cáil den scoth atá ar Froebel a théann siar 67 bliain leis na deiseanna ildisciplíneacha nach féidir a fháil ach ar champas ollscoile. Tá Lárionad Froebel tiomanta le tógáil agus táthar ag súil go mbeidh na mic léinn ann ag comhroinnt go leor modúl le mic léinn oideachais agus sna dáin eile.

Cuireadh comhaontas straitéiseach eile ar bun ar bhonn foirmiúil, sa réimse Staidéar Cosanta, tar éis do OÉ Má Nuad agus Óglaigh na hÉireann Meabhrán Comhaontaithe a shíniú tar éis caidreamh ocht mbliana. Bhain 22 Oifigeach a bhfuil céim ceannfoirt acu a Máistreacht amach i gCeannaireacht, Bainistíocht agus Staidéar Cosanta i mí Mheán Fómhair seo caite, agus ciallaíonn sé sin go bhfuil líon iomlán na n-iarchéimithe os cionn 150 anois, le hoifigigh ó fhórsaí idirnáisiúnta san áireamh. Chomh maith leis sin, cuireann an Ollscoil Teastas dochtúireachta ar fáil i gCeannaireacht Straitéiseach d'oifigigh shinsearacha, modúil éagsúla ar fáil don Scoil Choisithe ag an gColáiste Míleata agus roinnt cúrsaí ar fáil do Scoil na nDaltaí. Bunaíodh Comhchoiste Acadúil um Staidéar Cosanta freisin le maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt fhadtéarmach an oideachais mhíleata i measc na nÓglach, i gcomhar le hOÉ Má Nuad, le leanúint ar aghaidh ag tógáil saineolais don ról méadaitheach atá aige mar choimeádaí síochána idirnáisiúnta, eadránaí i gceantair choinbhleachta agus mar ailtire agus éascaitheoir san athghiniúint shóisialta.

Ag fanacht leis an téama céanna, tá Lárionad nua um Idirghabháil Choinbhleachta le bunú in onóir an tSeanadóra Edward M. Kennedy, atá ar shlí na fírinne. Baineann an leagáid fhíorluachmhar a d'fhág sé ina dhiaidh le coinbhleachtaí a leigheas agus teacht ar chomhaontú. Díreoidh Lárionad Kennedy um Idirghabháil Choinbhleachta, an chéad cheann dá leithéid in Éireann, go sainiúil ar réiteach coinbhleachta, eadráin, ceannaireacht agus rannpháirtíocht shibhialta – gach ceann acu ina réimse a bhí tábhachtach don Seanadóir Kennedy feadh a shaol polaitiúil. Tá seasamh ceannaireachta bainte amach go ceannródaíoch ag OÉ Má Nuad sa réimse seo le blianta beaga anuas, agus tá 40 mac léinn ag cur máistreachtaí agus cúrsaí dioplóma i gcrích in Eadráin agus Idirghabháil Choinbhleachta sa Scoil Gnó agus Dlí, chomh maith leis na cúrsaí le haghaidh Óglaigh na hÉireann.

Mar aitheantas ar fhiúntas na gclár dlí atá á soláthar agus na caighdeáin an-arda sa Roinn Dlí, tá céimeanna dlí OÉ Má Nuad curtha le sceideal na gcéimeanna atá faofa ag Cumann Onórach Óstaí an Rí le tabhairt faoin scrúdú iontrála don chúrsa céime d'Abhcóidí. Rinneadh cúrsaí BBL Dlí agus Gnó, BCL Dlí agus Dáin agus dlí tríd an gclár céime BA a fhorbairt i gcomhairle leis an comhlachtaí gairmiúla dlí agus dearadh iad go sainráite le mic léinn a ullmhú le dul ar aghaidh agus cáilíochtaí iarchéime a bhaint amach mar abhcóidí nó mar aturnaetha.

Tugadh aitheantas freisin don chlár MSc in Imdhíoneolaíocht agus Sláinte Uilíoch, a bhain amach an chéad áit do Chúrsa Iarchéime na Bliana san Eolaíocht agus Innealtóireacht ag Gradaim Iarchéime na hÉireann 2010. Tá an clár uathúil seo á rith tríd an Institiúid Imdhíoneolaíochta, agus léirítear forbairt nuálaíoch leis sna roghanna ardchéime atá ar fáil sna heolaíochtaí bitheolaíocha. Tá sé dírithe ar chéimithe bitheolaíochta agus eolaíochtaí sláinte a bhfuil suim acu sna mórdhúshláin sláinte agus forbartha agus atá ag iarraidh tuiscint níos leithne a fháil ar an imdhíoneolaíocht. Agus i gcomhoibriú den chéad uair idir Roinn na Matamaitice agus Dámh an Oideachais in Ollscoil Cambridge, déanfaidh clár MSc nua i Matamaitic don Oideachas comhtheagasc ar 19 múinteoir scoile atá ann cheana féin a bhfuil buncháilíochtaí eile acu seachas san ábhar seo.

↑
(c-d) Ceann Foirne Cúnta na bhFórsaí Cosanta (Oibríochtaí), an Maor-Ghinearál Pat O'Sullivan, agus an tUachtarán, an tOllamh Seán Mac Aodha, ag síniú Meabhrán Comhaontaithe um chomhpháirtíocht straitéiseach i réimse an Staidéar Cosanta a chur ar bhonn foirmiúil

Taighde & Tráchtálú

Mar chuid de bheartas an Rialtais le saineolas acadúil a ailíniú chun tacaíocht a thabhairt do chlár oibre taighde atá spreagtha ag lucht tionscail, bhronn Fiontraíocht Éireann agus an tÚdarás Forbartha Tionscail dámhachtain eisceachtúil de €3.8 milliún ar an Institiúid um Luach Nuálaíochta (ILN) i Nollaig 2009 le bheith ina óstach ar Lárionad Inniúlachta sa Nuálaíocht TF a bheidh á threorú ag lucht tionscail. Agus é mar aidhm leis creataí nua a fhorbairt agus a thástáil chun luach níos fearr a bhaint as infheistíochtaí TF, tacóidh an Lárionad seo leis an Institiúid go ceann cúig bliana agus cabhróidh sé le cinntiú go mbeidh Éire ina ceannródaí sa réimse seo atá ag forbairt go tapa.

Sa tréimhse Earrach-Samhradh 2010 bhíothas in ann maoiniú suntasach a bhaint amach ó fhoinsí éagsúla. Cuireadh €10.5 milliún i leataobh i gcomhair 7 dtionscadal taighde faoi Thimthriall 5 den Chlár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI) de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas. Is é an clár sin an bonn atá le cumas náisiúnta taighde a thógáil le haghaidh áiseanna nua agus oideachas céimithe araon. I measc na bhfaighteoirí in OÉ Má Nuad bhí an Institiúid um Luach Nuálaíochta, Institiúidí Hamilton agus Callan, an Institiúid Imdhíoneolaíochta agus an institiúid nua i réimse na Bitheolaíochta Ceimicí, an Foras Feasa, an Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil agus Leabharlann na hOllscoile.

Bhí an Dr Andrew Coogan, an Roinn Síceolaíochta agus an Dr Sinead Miggan, an Roinn Bitheolaíochta agus an Institiúid Imdhíoneolaíochta i measc na ndaoine a fuair €8.5 milliún le haghaidh tionscadail taighde úrscothacha arna maoiniú ag Clár Research Frontiers de chuid Fondúireacht Eolaíochta Éireann, agus bronnadh níos mó ná €636,000 ar an Ollamh Barak Pearlmutter, taighdeoir i Roinn na hEolaíochta Ríomhaireachta agus in Institiúid Hamilton dá thionscadal ar leith faoin gClár Príomh-Imscrúdaitheora de chuid FEÉ. Tá Braisle Taighde Straitéiseach nua de chuid FEÉ – An Braisle Matamaitic Airgeadais agus Ríofa (FMC2) – le bunú le hinfheistíocht os cionn €4 milliún ón Rialtas agus cabhair ón Ollamh Gregory Connor ón Roinn Eacnamaíochta. Chomh maith lena chuid piaraí ó ollscoileanna eile, cruthófar an lárionad taighde le saineolas comhlántach sa mhatamaitic airgeadais, eacnamaíocht airgeadais agus eolaíocht ríomhaireachta agus is éard a bheidh ann ná áis a bheith chun tosaigh go domhanda chun tacaíocht ríthábhachtach a thabhairt d'fhorbairt na hearnála seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta in Éirinn amach anseo.

Tá dhá chuideachta ag déanamh athrú mór ar thaighde chun riachtanais an mhargaidh a bhaint amach: iGeotech Limited, mac-chuideachta ón Ollscoil a chuireann táirge ar fáil atá bunaithe ar GPS agus físeáin a shioncronú ar bhealach saor soghluaiste, agus Beemune Limited, atá i mbun tráchtálaithe ar shraith gníomhairí dílsithe chun sláinte na mbeach meala agus neart na gcoirceog beach a fheabhsú trí ghalair atá forleathan i measc na mbeach a chosc agus a chóireáil. Bhain an Dr Ross O'Neill, taighdeoir in Institiúid Hamilton, amach an Gradam 'One to Watch' 2010 de chuid Fiontraíocht Éireann as forbairt cóireála réabhlóidí le haghaidh tinnitis (a dtugtar 'ceol sna cluasa') air go coitianta. D'éirigh leis an Ollamh John Lowry, Ceann na Roinne Ceimice, Gradam Fiontraíocht Éireann na bliana 2009 a bhuachan sa chatagóir Eolaíocht Bheatha agus Tráchtálú Bia freisin. Tugadh aitheantas dó as tráchtálú a dhéanamh ar níos mó ná deich mbliana d'obair acadúil i dteicneolaíocht braiteoirí le BlueBox Sensors.

In ainneoin na dtáscairí dearfacha uile seo, áfach, tháinig laghdú breis agus 60% ar dhámhachtainí nua i gcomhair taighdeoirí in OÉ Má Nuad i ndiaidh na géarchéime eacnamaíochta náisiúnta. Beidh a thionchar sin le sonrú ó dheireadh na bliana 2010 ar aghaidh agus táthar á thuar go mbeidh laghdú suntasach le sonrú i ngníomhaíochtaí maoinithe taighde in 2011. Mar fhreagairt ar an timpeallacht neamhchobhsaí reatha seo, sheol an Ollscoil a straitéis maoinithe AE nua mar iarracht chun ioncam a mhéadú go €3.5 milliún ó fhoinsí an AE faoin mbliain 2011. Tá an tOllamh Ray O'Neill i gceannas ar an straitéis, agus tá sé mar aidhm leis líon, caighdeán agus iomaíochas na n-aighneachtaí a fheabhsú, méadú a dhéanamh ar éagsúlacht na scéimeanna a bhfuil iarratas á ndéanamh orthu, taighdeoirí a spreagadh le páirt a ghlacadh i gcuibhreannais agus tacaíocht riaracháin lárnaigh níos éifeachtúla a chur ar fáil.

↑
Ag fógairt an mhaoinithe €5 milliún don Ionad Inniúlachta IVI an tUachtarán, an tOllamh Seán Mac Aodha agus Martin Curley, Cathaoirleach agus Stiúrthóir an IVI agus CTO um Nuálaíocht in IT ag Corparáid Intel i dteannta an Tánaiste, Mary Coughlan TD.

↗
(d-c) Buaiteoir Dhámhachtain 'One to Watch' 2010 Enterprise Ireland, Dr Ross O'Neill, Comhalta Taighde Iar-Dhochtúireachta in Institiúid Hamilton; le Conor Lenihan TD, an tAire Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta; agus Hugh Cooney, Cathaoirleach, Bord Fhiontraíocht Éireann.

Saoráidí

Ba thionscnamh tábhachtach tráthúil i bhí i seoladh oifigiúil an Lárionaid Teagaisc agus Foghlama i mí Dheireadh Fómhair seo caite, go háirithe fad agus a bhaineann sé le héagsúlacht na mac léinn agus rannpháirtíocht na mac léinn san ard-oideachas a neartú, agus léiríonn sé chomh tiomanta agus atáimid sármhaitheas a bhaint amach sa teagasc ag leibhéal na bhfochéimithe agus na n-iarchéimithe araon. Tá an Lárionad freagrach as tacaíocht agus forbairt teagaisc agus foghlama san Ollscoil, trí ionadaíocht ar eagraíochtaí agus grúpaí saineolais náisiúnta agus idirnáisiúnta araon i réimsí an teagaisc, an mheasúnaithe, na teicneolaíochta agus an taighde ardoideachais, chomh maith le cúrsaí, ceardlanna agus comhairliúcháin a sholáthar do dhaoine aonair agus do ghrúpaí maidir le modhanna teagaisc, cúrsaí a dhearadh, tacaíocht agus forbairt na ríomhfhoghlama, oiliúint ar Moodle, measúnú, teagasc agus luacháil.

Rinneadh dul chun cinn ollmhór maidir lenár bPlean Forbartha Campais a chur i bhfeidhm le bliain anuas, le hinfheistíocht iomlán i ngach tionscadal os cionn €20 milliún. Is é an foirgneamh is déanaí a cuireadh i gcrích, i mí an Mheithimh 2010, ná an foirgneamh Iontas, atá 4,600 m2 agus a chosain €15 milliún. Tá sé suite go feiceálach taobh leis an gClárchosán nua a bheidh ag dul trí chroí an Champais Thuaidh. Tá dhá institiúid taighde cheannasach ann, An Foras Feasa agus an INARS/LNG chomh maith le Scoil an Bhéarla, na Meán agus Staidéar Téatair, agus cuirfear léachtlann nua le 350 suíochán ar fáil ann, chomh maith le spás sóisialta luachmhar breise do mhic léinn. Críochnaíodh agus osclaíodh an foirgneamh Rowan House freisin, atá 1,400 m2. Beidh an Scoil Gnó agus Dlí, agus an Roinn Antraipeolaíochta bunaithe ann. Agus chuir sé áthas orm go pearsanta Seomra Caidrimh nua na Mac Léinn a fheiceáil ar an gcampas ag deireadh na bliana seo caite. Is spás mealltach le haghaidh gníomhaíochtaí sóisialta atá ann.

Rinneadh dul chun cinn maidir le roinnt tionscadal tógála ríthábhachtach eile. Is é an ceann is tábhachtaí díobh siúd ná an síneadh 6,200 m2 ar Leabharlann Eoin Pól II ar an gCampas Theas ar bronnadh cead pleanála air níos luaithe i mbliana. Tá dul chun cinn ollmhór déanta ag an bhfoireann deartha ó shin i leith, agus is dócha go mbronnfar conradh níos déanaí an Fómhar seo. Cuireadh tús leis an obair ar Bhialann Ollscoile úrscothach nua le dul san áit a raibh an ceann a scriosadh i dtíne ag deireadh na bliana 2008, agus tá sé beartaithe go mbeidh sí oscailte ag tús an dara seimeastar in 2011. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le dhá mhórthionscadal caipitil eile – Lárionad Nuálaíochta agus Cothaithe Gnó chun tacaíocht a thabhairt don mhéadú atá ag teacht ar leibhéal na ngníomhaíochtaí tráchtálaithe agus cóiríocht bhreise ar an gcampas do mhic léinn a chuirfidh níos mó ná 300 leaba breise ar fáil i sráidbhaile na mac léinn. Táthar ag súil leis go mbeidh an dá thionscnamh tábhachtach seo ar an láthair go luath in 2011. Sna blianta beaga amach romhainn, déanfar níos mó ná €60 milliún breise d'infheistíocht chaipitiúil agus muid ag iarraidh a chinntiú go leanfaimid ar aghaidh ag cur saoráidí den chéad scoth ar fáil ar champas nua-aimseartha fáilteach.

Cáilíocht Bhíomar buíoch san Ollscoil as ardmholadh a fháil sa tuarascáil maidir le nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta a d'ullmhaigh painéal saineolaithe idirnáisiúnta neamhspleách tar éis athbhreithniú fairsing a dhéanamh, agus a d'fhoilsigh an tAthbhreithniú Institiúide ar Ollscoileanna na hÉireann, arna bhainistiú ag Bord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann. Ba é conclúid na foirne athbhreithnithe, a bhí comhdhéanta de lucht acadúil ó Ollscoileanna Lausanne agus Liospóin i measc ollscoileanna eile, ná go bhfuil OÉ Má Nuad 'ag comhlíonadh na gcaighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta is airde i dtaca le dearbhú cáilíochta' agus d'fháiltigh siad 'go háirithe roimh an gcur chuige leathan maidir le dearbhú cáilíochta agus feabhsú cáilíochta atá fite fuaite i ngach gníomhaíocht a dhéanann an Ollscoil'. Tugadh isteach beartais leasaithe i réimsí an Chomhionannais agus na Bulaíochta sa Láthair Oibre, agus beartais nua i leith Soghluaiseachta agus Bainistíochta Tráchta.

Idir ár straitéis idirnáisiúnta agus rath in Éirinn, tá OÉ Má Nuad fós chun tosaigh fad agus a bhaineann sé le sármhaitheas acadúil agus taighde, ag fanacht fadbhreathnaitheach ag an am céanna chun dul i ngleic agus in oiriúint le hathruithe sa timpeallacht eacnamaíochta. Go pearsanta, fanfaidh an bhliain acadúil seo a chuaigh thart go mór i mo chuimhne mar gheall gurb í an bhliain dheireanach agam í i m'Uachtarán ar an Ollscoil bhreá seo. Go deimhin, ón uair a ghlac mé leis an ról sin in 2004, bhí mé i gceannas agus líon na mac léinn ag dúbailt san ollscoil go dtí níos mó ná 8,000 agus ag méadú a sciar den chéad rogha sna hiarratais chuig an Lár-Oifig Iontrála de bhreis is 50%, rud a chiallaíonn gurb í an ollscoil is mó fáis sa tír í. Táim thar a bheith bródúil as a bhfuil bainte amach againn anseo ar feadh mo thionachta agus níl amhras ar bith orm ach go leanfaidh an fhorbairt agus an borradh faoin áit uathúil foghlama seo a bhuíochas do dhúthracht agus do chumas na mball foirne agus na mac léinn laistigh den ollscoil.

BA THIONSCNAMH TÁBHACHTACH TRÁTHÚIL I BHÍ I SEOLADH OIFIGIÚIL AN LÁRIONAID TEAGAISC AGUS FOGHLAMA I MÍ DHEIREADH FÓMHAIR SEO CAITE, GO HÁIRITHE FAD AGUS A BHAINEANN SÉ LE HÉAGSÚLACHT NA MAC LÉINN AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT NA MAC LÉINN SAN ARD-OIDEACHAS A NEARTÚ, AGUS LÉIRÍONN SÉ CHOMH TIOMANTA AGUS ATÁIMID SÁRMHAITHEAS A BHAINT AMACH SA TEAGASC AG LEIBHÉAL NA BHFOCHÉIMITHE AGUS NA N-IARCHÉIMITHE ARAON.



An tOllamh John G. Hughes
Uachtarán



2 SÚIL SIAR AR AN MBLIAIN

2.1 NA HIMEACHTAÍ

Na Daonnachtaí

Bhí sceideal iomlán ag Ionad na dTeangacha don bhliain 2009-10, ag cur tús leis an mbliain le cúrsa oiliúna trí lá d'iarchéimithe a bhí ar tí Gaeilge a mhúineadh in ollscoileanna i Meiriceá agus i gCeanada ar feadh bliana. Rinne Ionad na dTeangacha forbairt ar láithreán gréasáin freisin le faisnéis agus tacaíocht bhreise do *Chúntóirí Teagaisc na dTeangacha* Eachtrannacha seo, le hurraíocht ó Choimisiún Fulbright agus Fondúireacht Ollscoile na hÉireann agus Cheanada. Eagraíodh cúrsa tumtha deireadh seachtaine sa Ghaeilge agus i gcultúr na hÉireann in OÉ Má Nuad, le ranganna, cainteanna, cuairteanna agus dinnéar le haghaidh Scoláirí Fulbright a bhí ag teacht chuig ollscoileanna in Éirinn ó institiúidí cosúil le Ollscoileanna Tennessee, Southern Illinois agus Massachusetts, chomh maith le Boston College.

Mar óstach ar an 37ú Cruinniú de Chumann na Scrúdóirí Teanga san Eoraip (ALTE) dar teideal 'Testing lesser-used languages in a multilingual context' a eagraíodh i dTeach Carlton i lár mhí na Samhna, chuir Ionad na dTeangacha fáilte roimh thoscairí ALTE ó 20 tír le héisteacht le cainteoirí cosúil leis an gCoimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, na hOllúna Barry O'Sullivan agus David Little ó Ollscoil Roehampton agus ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath roimhe seo faoi seach, agus Paul Caffrey ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Thaisteal an tUachtarán Hughes go Páras i mí an Mhárta chun *Teastais OÉ* sa Ghaeilge, i Stair agus Cultúr Comhaimseartha na hÉireann agus Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) a bhronnadh ar 40 mac léinn a bhí i mbun staidéir ar na cúrsaí seo san iar-Choláiste Éireannach. D'fhreastail a Shoilse Paul Kavanagh, Ambasadóir na hÉireann chun na Fraince agus a bhean chéile ar an ócáid, chomh maith leis an aoichainteoir Seán Ó Cuirreáin. Tá cúrsaí Gaeilge bunaithe ar TEG ar fáil anois i bPáras, Prág, Nua-Eabhrac, Londain agus Cambridge, agus tá pleananna ar bun chun an chéad chúrsa Gaeilge a sheoladh in ollscoil Shíneach, Beijing Foreign Studies University, in 2011 le tacaíocht ón Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta.

Ba é 'Neurononsense and the Soul' an t-ábhar don *Léacht Aquinas* a thug Roger Scroton, Ollamh Fealsúnachta in Ollscoil Oxford. Is duine é an tOllamh Scruton a bhfuil cáil air as a bheith conspóideach agus ileolach. Tá 40 leabhar, dhá cheoldráma agus dhá úrscéal scríofa aige agus tá sé ar dhuine de na hintleachtóirí a thacaíonn le stocaireacht ar son na seilge i Sasana.

Cuireadh fáilte roimh úrscéalaí eile a bhfuil ardmholadh faighte aige, Colm Tóibín, mar aoichainteoir ag dara Léacht Shéathrún Céitinn de chuid an Fhorais Feasa, áit a labhair sé faoi 'Flann O'Brien, Borges, Pessoa: Three Writers, Three Cities'. Mar chathaoirleach reatha ar an gcuibhreannas náisiúnta a bhfuil sé mar aidhm leis bonneagar taighde idir-institiúide a fhorbairt do na daonnachtaí, bhí an Institiúid ina hóstach freisin ar an gcomhdháil dhá lá bhliantúil *Na Daonnachtaí ag Freastal ar Shochaí na hÉireann* (Humanities Serving Irish Society/HSIS). Rinne taighdeoirí atá ag céim luath ina ngairm bheatha agus á maoiniú ag an gcuibhreannas HSIS láithreoireachtaí, chomh maith le hionadaithe ó Fhondúireacht Eolaíochta na hEorpa, Réadlann Dhigiteach na nDaonnachtaí agus an Foras Feasa.

Eolaíocht Shóisialta

Bhí an Eoraip agus imirce mar chomhthéama thar roinnt de na gníomhaíochtaí i nDámh na nEolaíochtaí Sóisialta sa bhliain acadúil a chuaigh thart. D'oscail an tUachtarán, Máire Mhic Ghiolla Íosa, an chéad *Chomhchomhairle Éireannach de Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha* in OÉ Má Nuad, dar teideal 'New Challenges and Old Issues for the Union and Member States'. Bhí toscairí ó Choiste na NA um Chearta an Duine, an Chomhairle um Chearta an Duine, an Líonra Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus Eagraíochtaí Lucht Siúil na hÉireann ina measc siúd a bhí i láthair. Dúirt Anastasia Crickley, Ceann na Staidéar Sóisialta Feidhmeach ag an Ollscoil agus Ionadaí na hÉireann agus Cathaoirleach ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha nár chóir an cor chun donais eacnamaíoch a úsáid mar leithscéal chun an iarracht i dtreo dínit agus comhionannas iomlán an duine a chur ar leataobh in Éirinn ná in aon áit eile.

D'eagraigh an *Lárionad um Staidéar ar an Eoraip Níos Leithne* imeachtaí éagsúla le himscrúdú a dhéanamh ar ábhair ar nós todhchaí na mBalcán Thiar, caidreamh na Tuirce leis an AE agus ceisteanna a bhaineann lena hiarratas ar bhallraíocht; todhchaí an Aontais Eorpaigh, a gheilleagar agus chomh hiomaíoch agus atá sé. Thug John Bruton, iar-Thaoiseach agus Ambasadóir an AE chun na Stáit Aontaithe spreagaitheasc ag Comhdháil Lá na hEorpa.

Sa chéad chlár dá leithéid le haghaidh oibrithe imirceacha, bhain 22 eachtrannach ón líon céanna tíortha beagnach céim amach sa chlár teastais OÉ, *Obair don Phobal in Éirinn atá ag Athrú*, a eagraíodh i gcomhair le hIonad Chearta na nImirceach in Éirinn. Leag an chéad rang MA i gCuntasaíocht chun céim a bhaint amach san Ollscoil a bhfasach síos freisin. Tá an chuid is mó díobh chun gairm bheatha a bhaint amach sa chuntasaíocht cairte.

Tugadh cuireadh do roinnt comhaltaí dámha a gcuid tuairimí mar shaineolaithe a chomhroinnt ag cruinnithe ardphróifíle. Ina measc, thug an Dr Maurice Devlin ó Roinn na Staidéar Sóisialta Feidhmeach agus Damini Kumar, Stiúrthóir Deartha agus Cruthaíochta aitheasc maidir le bheith ag obair le chéile sa spórt agus obair óige agus nuálaíocht sa gheilleagar faoi seach ag an dara *Comhdháil Chomhairleach Thuaidh Theas*, a bhí comheagraithe ag Roinn an Taoisigh agus Oifig an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire. Mar chuid dá sraith *Celebrity Thinking*, chuaigh an tOllamh Mary Corcoran ó Shocheolaíocht isteach ar phainéal a raibh Acadamh Ríoga na hÉireann ina óstach air chun iniúchadh a dhéanamh ar an téama 'Is thinking really good for us?' ('An bhfuil smaointeoireacht go maith dúinn i ndáiríre?') I measc na n-ábhar bhí idir theoiric agus chleachtas na smaointeoireachta agus na dúshláin atá roimh ár gcóras oideachais maidir le smaointeoireacht chruthaitheach a chur chun cinn. Sa chéad imeacht dá leithéid san oirdheisceart, thug an tOllamh John Sweeney ó ICARUS an spreagaitheasc ag an gComhdháil *Climate Change and You*, a d'óstáil Bord Forbartha Contae Loch Garman in Inis Córthaidh.

Eolaíocht & Innealtóireacht

Tháinig an ceathrú *Comhdháil Teicneolaíocht Faisnéis agus Cumarsáide na Síne-Éireann* chuig OÉ Má Nuad faoi chúram na Roinne Eolaíocht Ríomhaireachta i gcomhar le hInnealtóireacht Leictreonaice, LNG agus IMWS. D'fhoghlaim toscairí ó 16 ollscoil sa tSín chomh maith leo siúd ó gach institiúid Éireannach faoi go leor gnéithe TFC, idir leictreonaic agus róbataic agus forbairt gréasáin agus teilifís holagrafach.

Mar iarracht chun forbairt a dhéanamh ar luach teiripeach na ndrugaí atá bunaithe ar channabas maidir le cóireáil a dhéanamh ar ghalair néar-athlastacha éagsúla, d'eagraigh an Institiúid Imdhíoneolaíochta an tríú ceardlann bhliantúil maidir le Taighde ar *Channaibionóidigh in Éirinn* le grúpaí taighde ar fud na tíre a bhailiú le chéile ó leithéidí Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus OÉ Gaillimh. Ag dul sa tóir ar leigheas eile ar ghalar, *Diostróife Mhatánach Duchenne* an uair seo, d'eagraigh an Roinn Bitheolaíochta ceardlann thart timpeall ar chuairt an Ollaimh Steve Wilton, ceann de na saineolaithe is fearr ar domhan sa ghéinteiripe. Tá an taighdeoir cáiliúil ag comhoibriú le Diostróife Mhatánach Éireann agus leis an Ollamh Kay Ohliendieck ón Ollscoil go sonrach ar ghéinteiripe 'scipeáil exon' mar mhodh chun searg na matán a aisiompú san neamhord matánach is minic a fhaightear le hoidhreacht in Éirinn seo.

Cuireadh na chéad torthaí ón Staidéar Incredible Years Ireland i láthair ag dara Comhdháil Archways náisiúnta sa tuarascáil '*Proving the Power of Positive Parenting*'. Tharraing na torthaí aird shuntasach sna meáin agus bhí siad ar an gcéad sraith torthaí ó cheann ar bith de na tionscadail a fhaigheann maoiniú ó Atlantic Philantropies in Éirinn. Chuir Barry Andrews, TD, an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige tús leis na himeachtaí don 220 toscaire ó chúlraí oideachais, sláinte agus acadúla. Tá an Dr Sinead McGilloway ón Roinn Síceolaíochta i gceannas ar an staidéar, atá deartha chun deacrachtaí mothúchánacha agus iompair a mhaolú i measc leanaí óga.

Lean an Dámh ar aghaidh lena fhor-rochtain ar dhaltaí meánscoile le sraith tionscnamh. Sa *Scoil Samhraidh Eolaíocht Ríomhaireachta*, bhí 35 duine óg rannpháirteach i thart ar 20 gníomhaíocht éagsúil, lena n-áirítear ríomhchlárú, grafaicí agus mapáil; róbataic; forbairt gréasáin; ríomhchlárú cluichí; teicneolaíocht ceoil; agus eagarthóireacht scannán. Sa chomórtas cliste 'Hide and Tweet', leagadh síos dúshlán do na rannpháirtithe fear rúnda a rianú agus breith air ag úsáid rianú satailíte, teachtaireachtaí téacs agus loingseoireacht GPS. Cuireadh fáilte roimh beagnach 800 dalta bunscoile i rith *Seachtain na hEolaíochta* a bhíonn ar siúl go bliantúil le cainteanna agus léirithe saor in aisce ar ábhair éagsúla, idir imoibrithe ceimiceacha agus asbhaintí DNA. D'oscail na Ranna Ceimice, Fisice Turgnamhaí agus Bitheolaíochta a gcuid saotharlanna arís eile le cabhrú le hiarrthóirí Ardteistiméireachta dul siar ar thurgnaimh. Ghlac níos mó ná 2,500 mac léinn ó gach cearn den tír páirt sna *Ranganna Praiticiúla Eolaíochta* seo a bhfuil an-tóir orthu.

Poiblíocht na nDámh

Bhí léargas géar na mball foirne in OÉ Má Nuad ón iliomad ranna dámh agus institiúidí taighde maidir le hábhair éagsúla an lae le cloisteáil ar an raidió agus le léamh sna meáin chlóite, in Éirinn agus thar lear araon, i gcaitheamh na bliana. Idir ceisteanna atá i mbéal an phobail cosúil le tuilte agus triomach agus suaitheadh airgeadais agus bearta déine, idir imní chultúrtha maidir leis an gcontúirt a bhaineann le cúrsaí grá ar líne go sáruithe ar chearta sóisialta de thoradh ar choinníollacha tithíochta neamhleor, chuir go leor de lucht acadúil na hOllscoile a dtuairimí luachmhara leis an bplé agus díospóireacht náisiúnta.

I réimse na bhfoilseachán, bhailigh an Dr Stephen O'Neill, Roinn an Bhéarla, bailiúchán aistí le scoláirí ceannasacha in Éirinn agus thar lear agus iad ag fiosrú freagairtí scríbhneoirí Éireannacha ar Shakespeare, i mBéarla agus i nGaeilge araon, ó thús an fichiú haois. Thug an Dr Tadhg Ó Dúshláine (Nua-Ghaeilge) agus Brian Cosgrove, i measc daoine eile, ionchur don fhoilseachán *Shakespeare and the Irish writer*. Chuathas i ngleic leis an aschur dúchais in *The Irish Contribution to European Scholastic Thought* arna chur in eagar ag an Dr Michael Dunne, Ceann na Roinne Fealsúnachta, agus ag an Ollamh James McEvoy.

Thug an Dr Alphra Kerr ón Roinn Socheolaíochta agus an Dr Anthony Cawley ón Institiúid um Staidéar ar Eolas sa tSochaí in Ollscoil Luimnigh faoi chomhshuirbhé a léirigh go bhfuil fás 400% tagtha ar *thionscal na gcluichí ríomhaireachta* in Éirinn le seacht mbliana anuas. D'ullmhaigh Joe Larragy ó Staidéar Sóisialta Feidhmeach aighneacht chuig Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach an Rialtais in éineacht le *Older and Bolder*, comhaontas de sheacht n-eagraíocht náisiúnta a dhéanann ionadaíocht thar ceann daoine scothaosta sa tír. Agus is é *The Golden Thread* an nuachtlitir nua ina bhfuil nuacht agus ailt le baill foirne agus mic léinn ón Roinn Dlí.

Foilsíodh taighde úrnua le heolaithe sna Ranna Bitheolaíochta agus Ceimice chomh maith le comhoibrithe san Ostair in *PLOS Pathogens*, an t-irisleabhar micribhitheolaíochta is mó le rá. Agus an tOllamh Sean Doyle i gceannas air, fuair na taighdeoirí amach conas a chosnaíonn fungas pataigineach é féin i gcoinne ceann de na tocsainí atá sé in ann a tháirgeadh chun ár bhfreagairt imdhíonachta a laghdú agus ionfhabhtú a chruthú dá bharr. Is féidir leis an bhfungas atá i gceist, Aspergillus fumgatus, a bheith ina shiocair le galar tromchúiseach agus bás in othair trasphlandaithe orgán.

Thar ceann an Ghrúpa Ambasadóirí le 26 comhalta, bhronn Damini Kumar, Stiúrthóir Clár i nDearadh Táirgí, *Forógra an AE le haghaidh na Cruthaitheachta agus na Nuálaíochta*. D'eascair seacht n-aithne as an bplé maidir le sármhaitheas a bhaint amach sa nuálaíocht agus cruthaitheacht, lena n-áirítear taighde eolaíochta a chur chun cinn, chomh maith le foghlaim ar feadh an tsaoil sa láthair oibre, nuálaíocht gnó agus uirlisí agus córais atá dírithe ar an úsáideoir don tsochaí

→
Ag Comhdháil náisiúnta Archways tá (c-d): Aileen uas. O'Donoghue, CEO Archways; Dr Sinéad McGilloway, Príomh-Thaighdeoir, Roinn na Síceolaíochta; agus an príomh-chainteoir, an tOllamh Carolyn Webster-Stratton, Ollscoil Washington, agus bunaitheoir the Incredible Years Parent, Teacher and Child Training Series.

→→
Anastasia Crickley, Ceann Roinn an Staidéir Shóisialta Fheidhmigh, agus an tUachtarán, Mary McAleese ag an gcéad Chruinniú Comhchéime in Éirinn de chuid Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha leis an Uachtarán, an tOllamh Seán Mac Aodha.

Próifíl

An Dr Tadhg Ó Dúshláine
Ceann Scoil an
Léinn Cheiltigh

Is as ceantar lucht oibre chathair Chorcaí don Dr Tadhg Ó Dúshláine, agus is fearr aithne atá air mar Cheann Scoil an Léinn Cheiltigh. Admhaíonn sé go raibh cuid mhaith den ádh air fanacht ar scoil é féin, agus is aoibhinn le Tadhg a ról mar mhúinteoir, ag rá 'Is breá liom mic léinn a threorú chun a gcumas a bhaint amach; lúcháir an léargais a chomhroinnt; agus a bheith i láthair nuair a thosaíonn a gcuid smaointe féin ag forbairt.'

Mar dhuine den chéad ghlúin daoine a bhain tairbhe as 'oideachas saor in aisce' sna 1960í, bíonn ról gníomhach ag Tadhg maidir le gach cur chun cinn a bhaineann le rochtain ar thríú leibhéal agus feidhm ár n-oidhreacht teangeolaíochta mar fhórsa aontais, féiniúlachta agus spreagtha. Is í an oidhreacht sin a d'imir tionchar air agus é ag scríobh An Eoraip agus Litríocht na Gaeilge 1600-1650, mar mhodh chun cabhrú le cultúr na hÉireann a shainiú mar chultúr Eorpach go bunúsach, agus Barócach go sonrach.

Chuaigh Tadhg isteach san Ollscoil le rang radacach na bliana 1969, tar éis réabhlóidí móra a chroith an domhan, nuair a dheimhnigh na círéibeacha i bPáras go dtiocfadh athrú ó bhonn ar an sean-réimeas. 'Chuir roinnt de na hinstitiúidí níos coimeádaí atá againn, ar nós na hollscoileanna, ina aghaidh agus é mar mhana acu *O, tempora, o mores*. Na daoine inár measc a d'fháiltigh an réabhlóid chultúrtha, d'aithníomar *plus ça change, plus c'est la même chose*.' Seachas bliain amháin a chaith sé ag Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath agus bliain eile in Ollscoil Leuven, d'fhan Tadhg dílis do OÉ Má Nuad ar feadh daichead bliain. Is é an rud ba mhó a chuir bróid air ná nuair a ceapadh é ar an bhfoireann i Roinn na Nua-Ghaeilge i 1977.

Is léir go bhfuil Tadhg paiseanta ó thaobh na teicneolaíochta de. 'Ní homo sapiens an ghairm bheatha atá againn a thuilleadh, ná homo faber; filleann sí ar a homo ludens dúchais – an manach Éireannach a bhí ag breacadh go galánta chun Leabhar Cheanannais a léiriú agus a bhí ina cheannródaí ar Moodle dá bharr, ag cinntiú go leanann an Lon Dubh i Loch Bhéal Feirste sa 9ú haois fós ag giolcadh glé trí fhilíocht Seamus Heaney.' Bhí páirt nach beag ag an gclaonadh seo ag cur le forbairt phacáiste múinteoireachta agus foghlama teicneolaíochta na Scoile le haghaidh Gaeilge na hArdteistiméireachta, ar a dtugtar Téacs Gaeilge Beo nó TGBeo, a bhain amach Gradam Technology Ireland don tionscnamh oideachasúil is fearr in 2009.

Chomh maith le leanúint ar aghaidh ag forbairt tionscnaimh teicneolaíochta na hOllscoile ina dhisciplín, tá súil ag Tadhg ceannaireacht a ghlacadh ar iarrachtaí chun tús áite a thabhairt don Ghaeilge labhartha – seachas scríofa. Tá an ghné bheo seo le feiceáil go soiléir freisin sa mhana atá aige 'Is iad Mic Léinn Mhá Nuad spiorad na háite!' I bhfad sular tháinig ráitis mhisin ar an saol, bhí tuiscint aige ar a mhisean san Ollscoil, agus déanann sé cur síos ar an gcaoi ar tháinig éabhlóid agus borradh ar líonra na mac léinn i Má Nuad, agus an chaoi ar thug sé aghaidh ar na dúshláin a bhí ann le leathchéad bliain anuas. 'Cheap rialtas an oileáin seo an Coláiste Caitliceach Ríoga bunaidh mar bhealach chun smacht a choinneáil ar chliarlathas Caitliceach na hÉireann a bhí ag fáil oideachais ar an mórchríoch agus a raibh claonadh réabhlóideach acu, agus tá forbairt agus athrú air le dul in oiriúint do riachtanais na nglún ar an oileán seo. Bhíomar i gcónaí ag athrú ar mhaithe le bheith mar an gcéanna. Ar scáth a chéile a mhairimid. Agus gura fada buan é.'

Próifíl

An tOllamh Florian Krobb
Ceann Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr Nua-aimseartha

Fuair an tOllamh Florian Krobb roinnt arduithe céime sa Roinn Gearmáinise feadh a thionachta 19 mbliana déag in OÉ Má Nuad. Bhain sé ardú céime amach ó phost mar léachtóir go léachtóir sinsearach, agus fuair sé post mar Ollamh ar deireadh, agus d'fhóin Florian mar Cheann Gníomhach chomh maith le Ceann na Roinne Gearmáinise ar feadh naoi mbliana san iomlán. I mí Feabhra 2010, ghlac sé an ról mar Cheann ar Scoil nuabhunaithe na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr Nua-aimseartha (STLCNA). Idir an dá linn, múinim Gearmáinis agus litríocht na Gearmáine ag gach leibhéal fochéime agus iarchéime agus táim i mo Chomhordaitheoir Iarchéime sa Roinn Gearmáinise. Cuirim freisin leis na modúil ildisciplíneacha sa Léinn Eorpach agus leis an modúl MA 'Cineálacha cur chuige i leith Léinn an Aistriúcháin.'

Chomh maith lena chomhghleacaithe, feiceann Florian luach a shaothair sa mhéid agus go bhfuil an Roinn Gearmáinise in OÉ Má Nuad ina heagraíocht a bhfuil aitheantas náisiúnta agus idirnáisiúnta aici. 'Tá ár gcuraclam agus soláthar múnlaithe againn ionas go mbainfidh na mic léinn an tairbhe is fearr amach - an teagasc is fearr ó thaobh na teanga de agus rogha éagsúil mhealltach i réimsí na staire agus na teangeolaíochta, na litríochta agus i gcultúr na dtíortha ina labhraítear Gearmáinis.'

I measc na gcáilíochtaí atá ag Florian tá Erstes Staatsexamen i nGearmáinis agus Stair (comhionann le MA) ó Ollscoil Georg August in Göttingen (an Ghearmáin) agus oiliúint mar mhúinteoir Scoil Ghramadaí sular bronnadh a Zweites Staatsexamen air dhá bhliain níos déanaí. Ina dhiaidh sin, chaith sé trí bliana ag obair mar léachtóir ag Ollscoil Oxford agus é ag cur PhD i gcrích dá Alma Mater ag an am céanna. Tá an lúcháir a bhaineann sé as múinteoireacht mar fhothaca dá thiomantas don saol acadúil. 'Is breá liom an díograis atá ionam do m'ábhar a roinnt le daoine eile, agus a thaispeáint do mo chuid mic léinn chomh spreagúil agus atá sé réimsí nua eolais a aimsiú agus scileanna nua a thabhairt leo.'

Gan trácht in aon chor ar Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr Nua-aimseartha a bhunú in 2009, tá Florian an-bhródúil as na nithe eile atá bainte amach aige sa tréimhse seo, go háirithe mórstaidéar a chur i gcrích agus leabhar a fhoilsiú faoin údar Gearmánach Wilhelm Raabe. 'Tá tugtha agam faoi mo chéad thionscadal taighde eile freisin, staidéar a chuimsíonn roinnt réimsí éagsúla idirnasctha: coimeádachas láidir, avant-garde na litríochta, litríocht leanaí agus eachtraí, Caitliceachas 'bourgeois' agus seicteachas den eite dheis i rith thréimhse Weimar agus luath-thréimhse na Naitsíoch.'

I measc na bpleananna atá ag Florian don bhliain 2010 tá comhdhlúthú ar an Scoil trí thimpeallacht oibre ghairmiúil agus choláisteach a chruthú; trí thógáil ar shineirgí atá ann cheana idir trí ábhar comhpháirte na Scoile, Gearmáinis, Fraincis agus Spáinnis; agus tionscadail fhrithpháirteacha a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith chun leasa na ndisciplíní aonair seo agus na Scoile san iomlán. Agus feiceann sé deis i dtimpeallacht reatha an duaircis: 'D'fhéadfadh OÉ Má Nuad a bheith ina samhail maidir le huaillmhianta acadúla agus cuimsiú a chur le chéile. Leanfaidh an Ollscoil mar eagraíocht choláisteach, fháilteach, fhéinmhuiníneach ach ná déanaimis dearmad ar a bhfuil i gcroílár ár misin – an fhoghlaim féin.'



Próifíl

An Dr Aidan Mulkeen
Ceann na Roinne
Oideachais

Mar cheann na Roinne Oideachais, déanann an Dr Aidan Mulkeen maoirseacht ar deich gclár difriúil a fhreastalaíonn ar bheagnach 500 mac léinn, idir fhochéimithe ar an BSc in Oideachas Eolaíochta agus taighdeoirí dochtúireachta san oideachas. 'Bíonn an Roinn gníomhach i gcónaí, le mic léinn lae agus oíche, naisc le han-chuid scoileanna a bhíonn ag comhoibriú linn, agus rannpháirtíocht i dtionscadail taighde oideachais fhairsing.'

Baineann Aidan an-sástacht as múinteoirí faoi oiliúint a fheiceáil ag forbairt a gcuid scileanna agus ag fás i dtaobh muiníne de, agus taighde maith léargasach á dhéanamh. 'Bainim sult as an teagmháil leanúnach le go leor tuairimí éagsúla - is gné aitheantais amháin i measc oideachasóirí ná an cumas féachaint ar cheist ar bith agus níos mó ná dearcadh amháin a bheith ina leith, mar sin cuirtear ceist faoi gach rud!'

Bhí suim ag Aidan san oideachas le fada, agus rinne sé staidéar ar Thíreolaíocht agus Stair agus cháiligh sé mar mhúinteoir meánscoile sular thosaigh sé ag leathnú a chuid gníomhaíochtaí sa réimse. Chun é sin a dhéanamh, d'oibrigh sé ar theicneolaíocht san oideachas i gCOBÁC agus ar thionscadail oideachais pobail le Concern sa Bhanglaidéis. 'Is cuma faoin leibhéal oideachais a bhfuil tú ag obair air, bíonn ceisteanna daonna an-chosúil le chéile i gcónaí, agus thug gach post taithí dom a bhí luachmhar sa chéad cheann eile.'

Thosaigh gairm bheatha Aidan in OÉ Má Nuad i 1996, mar léachtóir san oideachas. Ansin idir 2004 agus 2009, chuaigh sé ar saoire ón Ollscoil le bheith ag obair leis an mBanc Domhanda ar bheartas múinteoirí san Afraic. 'Ba ról thar a bheith suimiúil a bhí anseo domsa mar gheall gur thug sé go dtí croílár na díospóireachta faoi bheartas oideachais mé i raon leathan tíortha le córais agus comhthéacsanna éagsúla iontu. Ba dheis iontach a bhí ann, dúshlán ollmhór agus ba mhór an phribhléid dom páirt a ghlacadh maidir le beartas a mhúnlú ar an gcaoi seo!'

Tá a thiomantas dá réimse le feiceáil go soiléir sa bhaint a bhí ag Aidan le dearadh agus forbairt a dhéanamh ar chúrsa ceannródaíoch nua faoi TFC san oideachas beagnach deich mbliana ó shin, agus is cuimhin leis gur ócáid a d'fhan leis ar feadh píosa fada a bhí i mbronnadh na gcéimeanna ar an gcéad ghrúpa mac léinn i gCaisleán Chill Chainnigh. Chabhraigh Aidan le tionscadal eile a bhunú i 1999 freisin, 'Dissolving Boundaries' a eagraíonn OÉ Má Nuad agus Ollscoil Uladh. Cuimsíonn sé níos mó ná 200 scoil agus na mílte daoine óga, agus tugann an tionscadal scoileanna thuaidh agus theas le chéile mar iarracht chun tuiscint fhrithpháirteach a thógáil, agus le cabhrú chun bunsraith a leagan le haghaidh síocháin inbhuanaithe fadtéarmach ar an oileán seo. Míníonn sé go ndéanann na daltaí scileanna maithe TFC a fhorbairt agus go dtugann siad faoi thionscadail stuama atá ar an gcuraclam chomh maith le hinniúlachtaí nua a fhoghlaim.

Creideann Aidan go bhfuil an ghné phearsanta mar shócmhainn láidir in OÉ Má Nuad fós, agus ceann atá caomhnaithe aici in ainneoin gurb í an Ollscoil is mó fáis sa tír í. 'Is maith linn a chinntiú nach féidir le mac léinn ar bith dul trí cheann dár gcúrsaí i ngan fhios. Fiú amháin sna ranganna móra, déanaimid iarracht aithne phearsanta a chur ar gach duine acu - is buntáiste atá ann go dtugaimid cuairt orthu ina gcuid scoileanna, ar ndóigh. Cabhraíonn an dlúth-eolas seo linn tacaíocht a chur ar fáil san áit a bhfuil gá léi agus a chinntiú go mbíonn gach mac léinn in ann forbairt agus a gcumas iomlán a bhaint amach.'

2.2 NA LUACHANNA SAOTHAIR

Éachtaí na mBall Foirne

Bhronn Institut Servier, i gcomhar le Ciste na hÉireann sa Fhrainc agus Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, *Scoláireacht an Dr Jacques* Servier ar an Dr Bernard Mahon, Imdhíoneolaí Ceallach agus Déin ar Dhámh na hEolaíochta. Tugadh an gradam mar aitheantas ar obair an Dr Mahon ar vacsaíní treacha le haghaidh naíonáin i gcomhar leis an Ollamh Camille Locht ó Institut Pasteur de Lille.

Bhronn Príomh-Aire na Fraince, François Fillon, gradam Francach eile go pearsanta ar an Dr Michael O'Dwyer, Léachtóir Sinsearach agus Ceannaire Ábhar i Roinn na Fraince, an teideal mór le rá *Chevalier dans l'ordre des Palmes académiques*. Measadh go raibh an-fhiúntas ag baint le taighde agus teagasc an Dr O'Dwyer, lena scríbhneoireacht fhairsing faoin úrscéal Críostaí sa 20ú hAois sa Fhrainc agus faoi shaothar scríbhneoirí Francacha cosúil le Julien Green chomh maith le Mauriac, Bernanos, Huysmans, Suliva agus Pascal, ag cur le Léinn Liteartha agus Cultúrtha na Fraince.

Duine eile atá ar fheabhas ina réimse saineolais is ea an Dr Malachy McCann. Bhí sé ar dhuine den 24 comhalta a glacadh isteach in *Acadamh Ríoga na hÉireann*, an gradam acadúil is airde in Éirinn. Díríonn an Dr McCann, a stiúrann an tSaotharlann Bhith-neamhorgánach laistigh de Roinn na Ceimice, a chuid taighde ar cheimic chomhordaithe shintéiseach agus measúnú a dhéanamh ar chumas teiripeach na gcoimpléasc mar dhrugaí bunaithe ar mhiotal. Le déanaí, d'ullmhaigh sé agus rinne sé scagadh ar iarrthóirí drugaí féidearthaa nua le húsáid i réimse na ceimiteiripe frithmhiocróbaí agus frith-ailse.

Fuair Seamus Taylor, léachtóir i Roinn na Staidéar Sóisialta Feidhmeach, *CBE* ón mBanríon Éilis II i gCóras Onóracha na Breataine as a chuid seirbhísí maidir le comhionannas a chur chun cinn sa Bhreatain. Mar iar-oifigeach sinsearach leis an gCoimisiún um Chomhionannas Ciníoch agus le Seirbhís Ionchúisimh an Choróin sa Bhreatain, bhí a chuid oibre dírithe ar an bhfreagairt ar mholtaí agus reachtaíocht a d'eascair as Fiosrúchán suntasach Stephen Lawrence agus ar chód reachtúil nua um chomhionannas a ullmhú agus a chur i bhfeidhm a raibh tionchar aige ar 42,000 eagraíocht phoiblí. Mhol Ambasadóir na Breataine Julian King an tUasal Taylor as 'cabhrú chun comhionannas a chur i gcroílár chóras dlíthiúil na RA'.

Baineadh éacht uathúil eile amach nuair a bhí an Dr Susan Bergin ón Roinn Eolaíocht Ríomhaireachta ar dhuine den ghrúpa beag de chúigear ar bhronn an tAcadamh Náisiúnta um Chomhtháthú Taighde, Teagaisc agus Foghlama (NAIRTL) *Dámhachtain um Fheabhas sa Mhúinteoireacht* 2009 orthu. Rinne an tUachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa an bronnadh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, agus tugann an gradam seo aitheanta do dhíograis an Dr Bergin don mhúinteoireacht a théann in éineacht lena saineolas taighde chun timpeallacht spreagúil foghlama a chruthú do mhic léinn. Is é atá i gceist lena cur chuige ná muinín agus féinmheas na mac léinn a fhorbairt trí theagasc comhoibritheach agus athbhreithniú piaraí, ag spreagadh suime le huirlisí foghlama nuálaíocha agus tionscadail sa domhan mór, agus ag cothú forbairt phearsanta a cuid mac léinn trí obair chomhoibritheach agus idirghníomhú pobail.

→
An tOllamh Nicholas Canny, Acadamh Ríoga na hÉireann agus Dr Malachy McCann.

→→
Dr Micheal O Cearna agus an tOllamh Jim Walsh, Leas-Uachtaran, OE Ma Nuad.

Bhronn an Ollscoil *Dochtúireacht oinigh Litríochta* ar Mhicheál Ó Ceárna as a thiomantas 60 bliain maidir le cinntiú go ndéantar oidhreacht an Bhlascaoid Mhóir, a áit dhúchais, a chaomhnú as an gceangal síoraí atá ag an oileán le saol traidisiúnta na hÉireann leis na céadta bliain anuas. Tá an tUasal Ó Ceárna ar dhuine de na hoileánaigh dheireanacha, a ndéantar cur síos air mar an 'nasc fírinneach beo lenár n-oidhreacht agus lenár dtraidisiún'. Tugadh an onóir dó in Ionad an Bhlascaoid, ionad ar chabhraigh sé lena bhunú i nDún Chaoin, Contae Chiarraí. Rinne sé stocaireacht gan staonadh ar feadh a shaoil ar son oidhreacht an Bhlascaoid le lucht Congress Mheiriceá, Taoisigh, Airí agus Uachtaráin Éireannacha a bhí ar cuairt, ina measc bhí an feachtas chun Páirc Stairiúil Náisiúnta a dhéanamh den Bhlascaod Mór, agus thug sé cuairteanna ar ais go hÉirinn go minic óna bhaile i Massachusetts.

Luachanna Saothair Taighde

Fuair an tOllamh Barak Pearlmutter, taighdeoir sa Roinn Eolaíocht Ríomhaireachta agus in Institiúid Hamilton, níos mó ná €636,000 dá fhiontar dar teideal 'Higher-Level Efficient Numerics and Machine Learning' faoi *Chlár Príomh-Imscrúdaitheora Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ)*. Tá sé ar cheann de 27 tionscadal ceannródaíoch atá le roghnú le haghaidh maoiniú iomlán €25 milliún ar feadh na cúig bliana amach romhainn, a d'fhógair an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, Batt O'Keeffe TD i mí Aibreáin 2010. Tá sé beartaithe ag an Ollamh Pearlmutter tiomsaitheoir fréamhshamhla a thógáil chun bogearraí uimhriúla ríomhaireachta a fhairsingiú agus a optamú le húsáid i bhfeidhmchláir eolaíochta agus innealtóireachta. Beidh tábhacht thionsclaíoch, thráchtála agus eolaíochta ag na feabhsuithe a bheidh ann dá bharr i réimsí idir bhitheolaíocht córas agus samhaltú aeráide go haithint cainte agus radharc le ríomhairí.

Mí amháin ina dhiaidh sin, d'ainmnigh an tAire O'Keefe an Dr Andrew Coogan, ón Roinn Síceolaíochta agus an Dr Sinéad Miggan, ón Roinn Bitheolaíochta agus ón Institiúid Imdhíoneolaíochta i measc na ndaoine a fuair €8.5 milliún le haghaidh tionscadail taighde úrscothacha arna maoiniú ag Clár *Research Frontiers FEÉ*. Tá sé mar aidhm ag taighde an Dr Coogan, 'Is there a role for NF-kB in the circadian clock?', tuiscint a fháil ar an mbaint atá ag móilín a thugann comharthaí san inchinn agus sa chóras imdhíonachta i gclog chorp an duine chun an chaoi a ritheann sé go hiondúil agus le linn breoiteachta a aithint ar bhealach níos fearr. Tá sé mar aidhm ag taighde an Dr Miggin 'Towards understanding the mechanisms involved in the negative regulation of Toll-like Receptor 3 signalling' forbairt a dhéanamh ar theiripí níos éifeachtúla le cóireáil a dhéanamh ar ghalair thógálacha. Áitíonn an tAire go bhfuil 'nasc domhain ag (na réimsí taighde seo) lenár sláinte agus lenár bhfolláine agus go gcruthóidh obair na dtaighdeoirí jabanna ardluacha iartheachtacha'.

Dhaingnigh cuibhreannas idirnáisiúnta a bhfuil an Dr Sinéad McGilloway ón Roinn Síceolaíochta agus Stiúrthóir ar an nGrúpa Taighde Meabhairshláinte agus Cúram Sóisialta i gceannas air maoiniú €600,000 ó *Atlantic Philanthropies* agus *Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige*. Tá an t-airgead seo ag tacú le staidéar suntasach chun measúnú a dhéanamh ar thionscnamh casta athraithe pobail darbh ainm 'youngballymun', a bhfuil sé mar aidhm leis folláine agus torthaí foghlama a fheabhsú dóibh siúd atá idir 0 agus 21 bliain d'aois sa bhruachbhaile.

Roghnaigh *Scéim Maoinithe Taighde sna Meáin* de chuid Coimisiún Craolacháin na hÉireann (BCI) dhá thionscadal taighde nua in OÉ Má Nuad. Tá an Dr Kenneth Murphy i gceannas ar 'Funding Programmes, Sustaining Broadcasters; a jurisdictional analysis of programme making support schemes for community radio' agus tá an Dr Anne O'Brien agus an Dr Niamh Gaynor ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ina stiúrthóirí ar 'Drivers of change? An assessment of plurality within community radio in Ireland'.

Gradaim na Mac Léinn

Tháinig tuismitheoirí, príomhoidí scoile agus treoirchomhairleoirí le chéile le féachaint ar na *Scoláireachtaí Iontrála* á mbronnadh ar 105 mac léinn ar éirigh an-mhaith leo san Ardteistiméireacht le haghaidh cláir céime éagsúla ar fud gach ceann den trí dhámh san Ollscoil. Tugadh luach saothair ar a ndúthracht le sparán €1,000 chomh maith le háit chinnte i gceann de na hárasáin ar an gcampas atá ag an Ollscoil. Ar an taobh eile de shaol na scoláirí, fuair níos mó ná 2,200 mac léinn a gcéim nó a ndioplóma ag na *searmanais bhronnta* a eagraíodh ar feadh na bliana. Rinneadh ionadaíocht ar gach disciplín chomh maith leo siúd a bhí ag fáil cáilíochtaí den chéad uair sa BA Teicneolaíocht Ceoil Idirnáisiúnta, Dioplóma sna Dáin – Staidéar Andúile agus Dioplóma in Eadráin agus Idirghabháil Choinbhleachta. Bhain níos mó ná 170 de na céimithe seo duaiseanna amach mar aitheantas ar na marcanna is airde a fháil ina gcuid staidéir agus leanúint ar aghaidh leis an traidisiún acadúil den scoth atá san Ollscoil le fada an lá.

Bhí Benjamin Larkin agus Róisín O'Flaherty, mac léinn antraipeolaíochta agus ceimice faoi seach, ina measc siúd a bhain tairbhe as chéad *Dámhachtainí Fochéime na hÉireann*. Bhí an tUachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa i bhfeighil an tsearmanais inar bronnadh bonn óir ar an Uasal Larkin as a aiste 'Formal interactional structures versus the maintenance of coherence' agus bhí an tUasal O'Flaherty ina comhbhuaiteoir ar 'Sea sponges cure cancer?' Bhí an fhoirmle cheart ag Gavin Armstrong, atá sa bhliain dheireanach sa mhatamaitic, le haghaidh *duais matamaitice fochéime* a bronnadh in Acadamh Ríoga na hÉireann.

Fuair Diana Popescu, Timothy Moriarty agus Chona Gillan an chéad, an dara agus an tríú háit i *Scoláireacht Liteartha HH Steward sa Laidin* in 2009. Bhronn an Dr Maurice Manning, Seansailéir OÉ, na duaiseanna ar na mic léinn sna Clasaicí Ársa ag searmanas speisialta sa Bhrú Ríoga, Cill Mhaighneann.

Roghnaíodh na mic léinn dara bliana sna Dáin Sarah Davis, atá ag díriú ar Bhéarla agus Ceol agus Sharon Hickey atá ag déanamh staidéir ar Dlí le Béarla ó 270

iarrthóir as Tuaisceart Éireann, Poblacht na hÉireann agus ón mBreatain le páirt a ghlacadh sa *Chlár Washington Ireland* 2010. Cuirfidh intéirneacht chlúiteach dhá mhí agus dianchúrsa oiliúna i gceannaireacht agus fónamh ar a gcumas léargas uathúil a fháil ar chultúr gairmiúil agus sóisialta Mheiriceá.

Is mac léinn sna Staidéar ar na Meáin í Lisa Whelan, agus cuireadh Memories léi ar an ngearrliosta le haghaidh Clár Raidió na Bliana sa chatagóir Ealaíon agus Gné-Chláir, ag comóradh 10 mbliana de *Dhámhachtainí Náisiúnta Meán na Mac Léinn Oxygen.ie*. D'fhreastail níos mó ná 600 mac léinn agus daoine mór le rá sna meáin náisiúnta chomh maith le moltóirí ardphróifíle agus urraitheoirí ar Smedias na bliana 2010 i dTeach an Ard-Mhéara i mí Aibreáin.

Tar éis réamhbhabhtaí iomaíocha in OÉ Má Nuad, roghnaíodh Laura O'Toole le hionadaíocht a dhéanamh ar an Ollscoil ag an gcomórtas bliantúil *Science Speak* lena cur i láthair ar fhuinneamh na gréine: 'Solar Energy - a Shining Future'. Tugann an t-imeacht uathúil idir-ollscoile seo ardán don lucht iarchéime eolaíochta is fearr atá in ann dul i mbun cumarsáide ó gach ceann de seacht n-ollscoil na hÉireann a gcuid taighde a chur i láthair do ghnáth lucht féachana nach saineolaithe iad, ag tástáil scileanna cumarsáide agus an cumas an taighde a chur i láthair ionas go mbeidh sé ar fáil do gach duine. Tháinig an tUasal O'Toole sa dara háit lena léiriú ar an gcaoi is féidir le gléasanna saorga fótaisintéiseacha cealla gréine níos fearr ar phraghas níos réasúnta a chur ar fáil.

Thug taibhléiriú cumhachtach ar 'This is the Moment' ón scannán ceoil Jekyll and Hyde an mac léinn Sean Carey ó Dhámh na nDán chomh fada leis na babhtaí ceannais in *Fame: the Musical*. Bhí iomaíocht láidir idir an déagóir ó Dhún Seachlainn agus Ben Morris as Tamhlacht sa bhabhta ceannais amhránaíochta sa Helix agus ar an drochuair chuir vóta an phobail deireadh lena sheans a bheith sa phríomhpháirt sa seó iontach seo a bheidh ag dul ar camchuairt ar fud na hÉireann níos déanaí i mbliana. D'fhreastail an tUasal Carey ar Chumann Ceoil Mhuire san Uaimh agus chuaigh sé ar scoil i nGaelscoil na Ríthe agus i gColáiste Pobail Dhún Seachlainn, agus bhí a chuid staidéar ar na meáin le Gaeilge agus Stair ar fionraí fad agus a bhí sé ag dul chun cinn sa chomórtas Fame. Craoladh an seó ar RTÉ, agus tosaíodh ag tóraíocht na réalta teilifíse le bheith sna príomhpháirteanna i mí Eanáir. Roghnaíodh dhá dhuine dhéag do na babhtaí ceannais as na mílte iarratas agus na céadta taibhléiritheoir a chuaigh ar aghaidh chuig na trialacha i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus sa West End i Londain.Research Rewards

Luachanna Saothair Taighde

Bhuaigh Aran O'Loughlin BSc, mac léinn PhD dara bliana sa Bhitheolaíocht atá ag obair i Lárionad na hEolaíochta Bitheacha d'Ainmhithe sa chomhlacht Teagasc i gContae na Mí, gradam don *Phóstaer Iarchéime is Fearr* ag cruinniú bliantúil an Chumainn um Teagasc agus Obair Taighde Tréidliachta. Bhain Carla Cummins, mac léinn a fhaigheann maoiniú ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus atá san Aonad Éabhlóid Mhóilíneach agus Bithaisnéisíochta sa roinn chéanna an dara háit amach ag an *11ú Fóram de Chórasaithe Óga* i Londain. Díríonn an obair thaighde atá ar bun aici ar mhodhanna nua a fhorbairt chun anailís a dhéanamh ar DNA agus éabhlóid próitéiní.

Rinne Dean St. Mart ionadaíocht ar an Ollscoil freisin, agus ar an Roinn Ceimice go sonrach, ag an *60ú cruinniú na Laureate Nobel i Lindau*. Tar éis é a roghnú as an 650 a ainmníodh as 5,000 mac léinn agus taighdeoirí óga ar fud na hEorpa, tugadh deis dó am a chaitheamh le daoine a bhfuil Laureate Nobel bronnta orthu agus lena chomhthaighdeoirí.

Ba é aiste an mhic léinn antraipeolaíochta Svenja Gosen 'Spoken, Not Written: Storytelling, Lament and Gossip as Performance Events' a bhuaigh an *Duais d'Aistí Iarchéime 2010* a bhronn Cumann Antraipeolaíochta na hÉireann.

Ba é Fintan Lawlor, atá sa bhliain dheireanach i mBainistíocht Fiontair, a bhain amach an teideal bliantúil mar *Mhac Léinn Fiontraíochta* na bliana le Bespoke Mobile Suits (BMS). Is seirbhís soghluaiste táilliúireachta atá sa tionscnamh gnó, ar bhronn an Oifig Tráchtálaithe €6,000 air, a chuireann cultacha atá déanta go speisialta ar fáil d'fheidhmeannaigh gnóthacha ar fud na tíre.

↘ Róisin O'Flaherty, Roinn na Ceimice leis an Uachtarán Mary McAleese ag an gcéad Dámhachtainí Fochéimithe na hÉireann

↓ Ag fógairt na ndámhachtainí don Chlár SFI um Phríomh-Thaighdeoirí tá (i lár) Batt O'Keeffe TD, an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta le (c-d) an tOllamh Frank Gannon, Stiúrthóir Ginearálta, Science Foundation Ireland; agus an tOllamh Barak Pearlmutter, Roinn na Ríomheolaíochta agus Institiúid Hamilton.

Próifíl

An Dr Susan Bergin
Léachtóir, an Roinn
Eolaíochta Ríomhaireachta

Is léachtóir í an Dr Susan Bergin a bhfuil stair oideachasúil phearsanta aici sa Roinn Eolaíochta Ríomhaireachta, tar éis di Máistreacht agus PhD araon a chur i gcrích sa réimse sin in OÉ Má Nuad. Cé gur cuireadh tús lena sainchúram reatha in 2007, chaith sí trí bhliana mar Oifigeach Coinneála páirtaimseartha sa Roinn ó 2003 go 2006. Bhí an post sin dírithe ar uirlisí nuálaíocha teagaisc a dhearadh le cabhrú le mic léinn a raibh ríomhchlárú á fhoghlaim acu agus mar chuid den phost sin d'eagraigh Susan clinic seachtainiúil buail-isteach, agus rinne sí córas foirmitheach measúnaithe ríomhchláraithe agus tairseach tiomanta don chéad bhliain araon a dhearadh agus a fhorbairt chun scileanna ríomhchláraithe a fheabhsú. Chomh maith leis sin, bhí baint lárnach aici le foghlaim bunaithe ar fhadhbanna a chomhtháthú i gcuraclam na chéad bhliana agus thug sí cainteanna do chomhairleoirí gairmthreorach maidir le staidéar a dhéanamh ar Eolaíocht Ríomhaireachta ag an tríú leibhéal.

Le 17 gclár céime éagsúil is féidir leo Eolaíocht Ríomhaireachta a thógáil sa chéad bhliain, bíonn mic léinn éagsúla agus cúlraí éagsúla ann dá bharr. 'Mar shampla, bíonn mic léinn i dteicneolaíocht an cheoil, na staire agus na hantraipeolaíochta, gan ach iad sin a lua, ag obair le mic léinn atá tiomanta don eolaíocht ríomhaireachta, mar sin tá teagasc nuálaíoch ag úsáid meáin agus cineálacha cur chuige éagsúla ag teastáil chun an t-ábhar a ghabháil agus é a chur i láthair ionas go mbeidh sé inrochtana don lucht féachana is leithne.' Go deimhin, d'eascair an taighde PhD a rinne Susan as fadhb dhomhanda le 30 bliain anuas maidir le deacrachtaí a bhíonn ag mic léinn chéad bhliana leis an modúl Réamheolas ar Ríomhchlárú (dá dtagraítear dó mar 'CS101' ar fud an domhain) agus an méid acu a éiríonn as an gcúrsa sin. 'Mar gheall nach ábhar dara leibhéal atá san eolaíocht ríomhaireachta, go minic ní thuigeann mic léinn cad atá i gceist leis an gcúrsa i ndáiríre agus bíonn deacrachtaí acu na coincheapa bunúsacha a thabhairt leo ar dtús.'

Dhírigh píosa mór den taighde a rinne Susan ar shamhail ríomhaireachtúil a fhorbairt le tuar cé chomh maith agus a d'éireodh le mic léinn i scrúdú deireadh bliana tar éis coicís a chaitheamh le modúl ríomhchláraithe tosaigh. Tar éis di breis is 30 fachtóir a laghdú síos go trí cinn, d'fheabhsaigh sí ráta cruinnis an tuartha ó leibhéil idir 40-50% roimhe sin go dtí 85%. Le déanaí, tá sí gníomhach ag déanamh measúnaithe úrnua le haghaidh tionscadal do ghrúpaí agus róbataic maidir le ríomhchlárú a theagasc.

Cuireadh na síolta dá bhua sa Ghradam um Shármhaitheas sa Teagasc a bhronn an tAcadamh Náisiúnta um Chomhtháthú Taighde, Teagaisc agus Foghlama uirthi i rith na tréimhse a chaith sí i mbun a PhD. 'Is rud dúshlánach é teagasc, maoirsiú, taighde agus riarachán a dhéanamh le chéile, mar sin tá an-áthas orm leis an ngradam mar aitheantas ar m'iarrachtaí sa teagasc. Bíonn sé deacair ag mic léinn an t-athrú sin a dhéanamh ón dara leibhéal go tríú leibhéal agus bíonn foighne, nuálaíocht agus tiomantas ag teastáil, ach is fiú an t-anró an trioblóid nuair a fheiceann tú chomh maith is a dhéanann siad.'

Bhí sé oscailte do gach ceann den 38 institiúid ardoideachais, agus bhí Susan ar dhuine de chúigear buaiteoirí – an chéad duine riamh ó OÉ Má Nuad – a roghnaigh painéal moltóirí idirnáisiúnta agus ar thug an tUachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa onóir dóibh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí na Samhna 2009. Bronnadh Comhaltacht uirthi chun teagasc agus foghlaim a fheabhsú, píosa criostail as criostal Phort Láirge agus €5,000. Le Dioplóma Iarchéime san Ard-Oideachas curtha di aici, tá cáilíocht oifigiúil aici le bheith ag teagasc ag an tríú leibhéal.

Eagraíonn Susan go leor comórtais eolaíochta ríomhaireachta, scoileanna samhraidh agus tionscadail forbartha gréasáin, cosúil le CSRocks, tairseach faisnéise a bhfuil an-tóir air a dhéanann cur síos ar an ábhar do mhic léinn dara leibhéal agus do thuismitheoirí. 'Is breá liom a bheith ag obair le mo mhic léinn dara leibhéal, tríú leibhéal agus HDip chun láithreáin ghréasáin a fhorbairt don phobal mar is tionscadail don domhan mór iad agus bíonn rannpháirtíocht níos mó i gceist leo mar gheall go bhfuil an ghné bheo ag baint leo ag an deireadh.'

AN BHLIAIN I BHFIGIÚIRÍ

Líon Iomlán Mac Léinn ar an gCampas



Líon na Mac Léinn Iarchéime de réir Cineál ar an gCampas



Líon na Mac Léinn Ardteistiméireachta a d'ainmnigh OÉ Má Nuad mar Chéad Rogha Ollscoile



Líon na Mac Léinn de réir Dáimhe agus Stádais Chéimí 2009/2010



Lánaimseartha	Dámh Fochéimithe na n-Ealaíon, an Staidéir Cheiltigh agus na Fealsúnachta	4191
Lánaimseartha	Dámh Fochéimithe na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta	1302
Lánaimseartha	Dámh Iarchéimithe na n-Ealaíon, an Staidéir Cheiltigh agus na Fealsúnachta	816
Páirtaimseartha	Dámh Fochéimithe na n-Ealaíon, an Staidéir Cheiltigh agus na Fealsúnachta	612
Páirtaimseartha	Dámh Iarchéimithe na n-Ealaíon, an Staidéir Cheiltigh agus na Fealsúnachta	510
Lánaimseartha	Dámh Iarchéimithe na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta	363
	Erasmus ar Cuairt	149
Páirtaimseartha	Dámh Fochéimithe na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta	96
	Erasmus Thar Lear #	52
Lánaimseartha	Cianoideachas	45
Lánaimseartha	Dámh Fochéimithe na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta	11

2.3 AN SEOMRA FOIRNE

Ceapacháin Sheachtracha

Toghadh Anastasia Crickley, Ceann Roinn na Staidéar Sóisialta Feidhmeach, ainmní Rialtas na hÉireann, chuig Coiste na Náisiún Aontaithe um Idirdhealú Ciníoch a Dhíothú (CERD) ar feadh téarma ceithre bliana, agus tá sí ar an gcéad bhean Éireannach chun fónamh ar aon Choiste de chuid na NA. Is aitheantas idirnáisiúnta é an ceapachán ar an ról suntasach atá tar éis a bheith ag an Uasal Crickley i rith a gairm réime ag tabhairt faoi shaincheisteanna a bhaineann le ciníochas agus idirdhealú, agus i gcur chun cinn cearta daonna in Éirinn agus thar lear. I dteannta roinnt gníomhaireachtaí náisiúnta a bhunú agus cathaoirleacht a dhéanamh orthu, bhí sí mar chathaoirleach tionscnaimh ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha go dtí le déanaí, agus roimhe sin bhí sí mar Chathaoirleach ar an Lárionad Faireacháin Eorpach um Chiníochas agus Seineafóibe. Ag cur fáilte roimh an bhfógra, dúirt an tAire Gnóthaí Eachtracha, Micheál Martin TD: 'Creidim go dtabharfaidh Anastasia Crickley an-chuid saineolais agus taithí phraiticiúil chuig a ról nua agus go gcuirfidh sí go mór le hobair an choiste. Beidh glór láidir, neamhspleách agus neamhchlaonta aici faoi mar a theastaíonn faoin gCoinbhinsiún.'

Earcaíodh Leas-Uachtarán Taighde, Ray O'Neill mar ionadaí na hÉireann ar Ghrúpa Oibre um Bheartas Taighde (RPWG) Chomhlachas Eorpach na nOllscoileanna (EUA). Tá an iar-chomhlacht comhairleach seo á choimisiúnú ag Comhairle an EUA, agus é freagrach dó, agus tagann a bhallraíocht ó Bhord an EUA agus ó ainmniúcháin a fhaightear ó chomhdhálacha náisiúnta reachtairí. Is iad na príomhfheidhmeanna atá ag an RPWG ná athbhreithniú a dhéanamh ar fhorbairt beartais taighde agus nuálaíochta Eorpach a bhfuil tábhacht ag baint leo d'ollscoileanna na Eorpa; comhairle a thabhairt maidir le seasamh agus ráitis EUA a ullmhú maidir le tionscnaimh beartais taighde; agus ionstraimí beartais nua a mholadh agus a chur chun cinn chun seasamh ollscoileanna na hEorpa mar phríomhpháirtithe leasmhara sa Limistéar Eorpach Taighde a láidriú. Ina theanna sin, bunaíonn agus cothaíonn an Grúpa caidreamh oibre leis an gCoimisiún Eorpach agus le mór ghrúpaí leasmhara eile i mbeartas taighde agus nuálaíochta, lena n-áirítear gnó, institiúidí taighde nach mbaineann le hollscoileanna, agus gníomhaireachtaí maoinithe náisiúnta trína gcumainn Eorpacha faoi seach

.

D'fhógair an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, Eamon Ryan TD, ceapachán an *Ollaimh Chris Morash* mar Chathaoirleach ar Choiste Comhlíonta Údarás Craolacháin na hÉireann, an rialtóir inneachair craolacháin aonair nua a bunaíodh le déanaí. Dúirt an tAire Ryan: 'Tá cúrsaí craolacháin in Éirinn i dtús tréimhse athruithe. Tá teicneolaíochtaí nua ag athrú patrúin féachana agus éisteachta ach tá an sean-riail fós ann sa mhéid agus go bhfuil rathúlacht ag brath ar chaighdeán an inneachair. Beidh na scileanna riachtanacha ag na ceapaithe seo chun borradh a chur faoi chúrsaí craolacháin na hÉireann agus é a chur in oiriúint don athrú. Táim dóchasach go mbeidh siad dian, láidir agus físiúil ina róil spreagúla nua.' Is é an tOllamh Morash bunaitheoir Ionad um Staidéar ar na Meáin OÉ Má Nuad agus Ceann Scoil an Bhéarla, na Meán agus Staidéar Téatair.

Cheap Éamon Ó Cuív TD, atá freagrach as gnóthaí Coimirce Sóisialaí (Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh roimhe seo), an *Dr Stuart Stamp,* Comhlach Taighde ag Roinn na Staidéar Sóisialta Feidhmeach, chuig an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh. Glacann an Dr Stamp, a bhfuil go leor foilsithe aige maidir le ró-fhiachas agus eisiamh airgeadais, leis an gceapachán cúig bliana ó 2010. Ag obair le saoránaigh, bhí *Damini Kumar* ó Product Design mar chuid den phainéal moltóireachta de 'Your Country, Your Call', comórtas náisiúnta chun dhá mholadh bhunathraitheacha a lorg agus tacú leo chun rathúnas agus postanna a bhaint amach in Éirinn. Tá gach smaoineamh buacach chun €100,000 a fháil chomh maith le ciste forbraíochta de €500,000 agus grúpa oibre neamhspleách chun iad a chur i bhfeidhm.

Gnóthaí Inmheánacha

Bhí roinnt arduithe céime le feiceáil san Ollscoil: ghlac *an tOllamh Tom Collins* le ról an Leas-Uachtaráin do Ghnóthaí Seachtracha agus ghlac *an tOllamh Larry Taylor* le ról an Leas-Uachtaráin do Ghnóthaí Idirnáisiúnta. Chuaigh *an tOllamh Rowena Pecchenino* agus *an Dr Thomas O'Connor* i mbun oibre mar Dhéan na hEolaíochta Sóisialta agus Déan na nDán, Léann Cheilteach agus Fealsúnacht faoi seach.

I measc na gceapachán suntasach eile bhí:

An Dr Pauline Cullen
Léachtóir, An Roinn Socheolaíochta

An tUasal Majella Dempsey
Léachtóir, An Roinn Oideachais

An Dr Brian Donnellan
Stiúrthóir na hInstitiúide um Luach Nuálaíochta & Ollamh i Nuálaíocht sa Ghnó

An Dr Paul Donovan
Léachtóir Sinsearach, An Roinn Eacnamaíochta, Airgeadais & Cuntasaíochta

An Dr Amos Edelheit
Léachtóir, an Roinn Fealsúnachta

An tOllamh Luke Gibbons
an tOllamh Staidéar Litríochta agus Cultúrtha, Roinn an Bhéarla

An Dr Sandeep Gopalan
Ollamh Dlí agus Ceann na Roinne Dlí, an Scoil Gnó agus Dlí

↑
(c-d) Dr Niall McKeith; an tOllamh Peter Carr; agus an tOllamh Vincent Comerford.

Focail Scoir Ómósacha

Tugadh ómós mór don obair a rinne *an tOllamh Séamus Ó Cinnéide* i rith a chollóiciam scoir mar gheall ar na blianta a chaith sé ag Coláiste Naomh Pádraig ó 1980 i leith. Ní hamháin gur bhunaigh sé an tIonad um Staidéar Sóisialta Feidhmeach agus gur bhain sé stádas Roinne amach don Ionad, ach is é a chuir tús le hoideachas d'oibrithe pobail agus óige agus a chuir tús le Céim in Eolaíocht Shóisialta. Is Ollamh Emeritus é Ó Cinnéide a bhfuil cuntas teiste den scoth aige sa tseirbhís phoiblí agus a raibh ról lárnach aige ó thaobh bochtaineacht a ath-aithint in Éirinn.

Bhí an chóisir scoir don *Dr Niall McKeith*, ar a fhreastail go leor daoine, in ómós an méid a rinne an Dr McKeith ar son na hOllscoile agus Coláiste Naomh Pádraig thar thréimhse 32 bliain, go háirithe a thiomantas don mhúinteoireacht, do chúrsaí riaracháin agus do ghníomhaíochtaí for-rochtana ag Roinn na Fisice Turgnamhaí.

Tháinig cairde, comhghleacaithe agus alumni le chéile in OÉ Má Nuad in onóir duine den lucht acadúil is mó ómóis san Ollscoil, *an tOllamh Vincent Comerford*. Glacadh buíochas leis as ucht an méid oibre a rinne sé ar son na Roinne Staire, áit ar thosaigh sé ag obair i 1977, agus a bhí sé ina Ollamh agus ina Cheann air ó 1989 go dtí 2009. Baineann clú an Ollaimh lena ról i mbunú roinnt ionad taighde freisin, lena n-áirítear an tIonad do Thithe agus Eastáit Stairiúla, Ionad Taighde agus Clárlann OÉ Má Nuad-Oifig na nOibreacha Poiblí agus an Foras Feasa. *Seoladh Ireland's Polemical Past: Views of Irish History in honour of RV Comerford* a d'eagraigh an Dr Terry Dooley ag an bhfáiltiú.

Tar éis 38 bliain seirbhíse don Ollscoil, chuaigh *an tOllamh Peter Carr* ar scor freisin. Thosaigh an tOllamh Carr amach sa Roinn Ceimice, ansin ghlac sé leis an bpost mar Chláraitheoir na hOllscoile, agus bhí sé i mbun na hoibre seo ar feadh 17 mbliana déag. In 2000 chuaigh sé i mbun oibre mar an Chéad Chomhairleoir Acadúil, sainchúram a d'fheil a phearsantacht go maith, os rud é gur thug sé tús áite i gcónaí do chothú cearta agus dínit an duine.

I dtreo dheireadh na bliana, thug an *lón agus ceardlann athaontaithe 30 bliain* timpeall 50 ball foirne Ollscoile atá ar scor cheana féin nó a bheidh go gairid le chéile chomh maith le baill atá i mbun oibre le fada i gcomhair seisiúin faisnéise agus lón ceiliúrtha. Timpeall an ama sin, bhí searmanas cur crainn agus aifreann cuimhneacháin ann i gcuimhne ar *Lynne Whittaker* a fuair bás an 12 Nollaig 2008 i Sasana. Bhí sí ag léachtóireacht sa Bhitheolaíocht ó 1978 go dtí go ndeachaigh sí ar scor in 2001

Ghlac an Ollscoil buíochas freisin le baill foirne eile a d'fhág an Ollscoil le bliain anuas, is iad sin:

An tUasal Sallyann Alexander
Leabharlann

An tUasal Brendan Bartley
An Roinn Tíreolaíochta

An tSiúr Angela Bracken
Roinn an Bhéarla

An tOllamh Ann Burnell
An Roinn Bitheolaíochta

An Dr Ann Burns
Oifig an Chláraitheora

An tUasal Stephen Byrne
An Oifig Airgeadais

An tUasal Lily Cannon
An Roinn Eolaíochta Ríomhaireachta

An tUasal Mary Clougher
Seirbhísí an Champais

An tUasal Sheila Donnelly
An Roinn Bitheolaíochta

An tOllamh Paddy Duffy
An Roinn Tíreolaíochta

An tUasal Lilly Fahy
An Roinn Oideachais

An tUasal Connie Fitzharris
An Oifig Airgeadais

An tUasal Bernie Gildea
Roinn an Oideachais Aosaigh agus Pobail

An tUasal Maura Haughney
Roinn na Staidéar Sóisialta Feidhmeach

An tUasal Loretta Jennings
An Oifig Gairmréime

An tUasal Seamus MacGabhann
Roinn an Bhéarla

An tUasal Tom Madden
Roinn an Bhéarla

An tUasal Marie McEneaney
An Oifig Rochtana

An tUasal Ann McStravick
Roinn an Bhéarla

An tUasal Anne Murphy
An Roinn Eolaíochta Ríomhaireachta

An Dr Damien Ó Muirí
Roinn na Nua Ghaeilge

An tOllamh Michael Peillon
An Roinn Socheolaíochta

An tUasal Kellyann Roche
An Oifig Rochtana

An tUasal Geraldine Rowan
Roinn na Nua Ghaeilge

An Dr David Walsh
Roinn na Matamaitice

An Dr Wayne Waxman
An Roinn Fealsúnachta

An tOllamh Peter Wellstead
Institiúid Hamilton

Próifíl

Terry Byrne
Seirbhísí Slándála

Tá Terry Byrne ina bhall d'Fhoireann Slándála OÉ Má Nuad le fada, ó thosaigh sé ag obair leo i 1996, agus chonaic sé forbairt suntasach ag tarlú ar an gcampas ó shin. 'Is é an ról atá agamsa mar oifigeach slándála ná timpeallacht slán sábháilte a chur ar fáil do gach duine ar an gcampas. Is é an príomh-fhócas atá agam ná rioscaí a aithint, gníomhú chun iad a sheachaint agus seirbhís chúirtéiseach a chur ar fáil a fhreagraíonn do riachtanais na foirne agus na mac léinn.'

I measc na nithe a bhíonn le déanamh ag Terry gach lá tá an glas a bhaint de gach foirgneamh campais agus a chinntiú go bhfuil siad faoi réir don lá, chomh maith leis na foirgnimh a sheiceáil, a chur faoi ghlas agus aláram a chur ar siúl ag deireadh an lae trína chinntiú go bhfuil córais slándála cosúil le aláraim ionraidh agus dóiteáin, CCTV agus rialú rochtana ag obair i gceart. I measc na bpoist breise laethúil tá patról a dhéanamh ar an gcampas, foireann oibre don oifig agus freastal ar réimse éagsúil seirbhísí slándála agus ar iarratais ar thacaíocht ó dhaonra an champais.

Cuid bhunúsach de phost Terry ná a bheith faoi réir do rudaí a tharlaíonn gan choinne, rudaí a dhéanamh as a stuaim féin agus cur chuige ciallmhar a ghlacadh. Sampla amháin de seo ná an tine a tharla i mbialann an champais thuaidh, a bhí lán le foireann oibre agus mic léinn dara leibhéal a bhí ag tabhairt cuairt ar an ollscoil le linn Lá Oscailte i mí na Samhna 2008. Déanann Terry cur síos ar an gcaoi a raibh an scéal seo i gceannlínte náisiúnta an lae. 'Cuireadh Plean Éigeandála na hOllscoile i ngníomh, agus chabhraigh tacaíocht agus obair na foirne, go háirithe na Cúntóirí Cónaithe ón Oifig Cóiríochta, leis an bhfoireann slándála a chinntiú gur aslonnaíodh an foirgneamh go tapa agus go bhfuarthas smacht ar an slua. Mar thoradh air seo, níor gortaíodh aon duine!'

Cé go mbaineann Terry taitneamh as a ghairmréim i dtimpeallacht a deir sé atá cairdiúil agus bríomhar, bíonn gá le córas uainchláir de shealanna oibre luath, deireanach agus oíche, rud a bhfuil dúshlán ann féin ag baint leis. 'Tá gné frithshóisialta ag baint le sealobair ó thaobh saol an teaghlaigh de, agus cuireann sealanna oibre oíche isteach ar phatrúin codlata.'

Tá an-suim ag Terry i gcúrsaí spóirt an champais, rugbaí go háirithe, os rud é gur imir sé féin le Club Rugbaí Chill Dara Thuaidh roimhe seo. Go deimhin, tá ceangal deich mbliana fichead aige leis an gcontae, os rud é gur chaith sé an tréimhse sin ag obair leis an roinn díolachán ag Kelly's Bakery i gCill Choca agus gur chaith sé 24 bliain ag seachadadh táirgí do shiopaí ar fud Thuaisceart Chill Dara.

Maireann imeachtaí cosúil le searmanais bhronnta céimeanna, seirbhísí carúil agus Cluichí Ceannais Sigerson i gcuimhne Terry, agus creideann sé gur deiseanna maithe iad chun buanna agus tiomantas na mac léinn agus na mball foirne a léiriú. 'Baineann sásamh mór le pleanáil, socrú agus obair mar chuid d'fhoireann chun a chinntiú go dtéann na hócáidí seo go maith do na rannpháirtithe go léir.' Is é an uaillmhian atá ag Terry ná leanúint ag cur seirbhís den scoth ar fáil, agus tá sé ag tabhairt faoi chúrsa ríomhaireachta an geimhreadh seo chun cabhrú leis sa mhéid seo.

Próifíl

Joan Galvin
Cúntóir Pearsanta don Chláraitheoir

Tá Joan Galvin ag obair sa chúlra ag OÉ Má Nuad le 13 bliana anuas. Thosaigh sí amach i Roinn na Matamaitice agus ansin d'aistrigh sí go dtí Ionad na Ríomhairí, agus bhí sí ar an gcéad Chúntóir Pearsanta a ceapadh don Chláraitheoir in Aibreán 1999. Mar sin bhí sí freagrach as bunú agus forbairt an phoist ó thús, agus tá sí anois i gceannas ar eagrú agus riaradh foriomlán Oifig an Chláraitheora.

Cuimsíonn an post réimse leathan gníomhaíochtaí, idir thascanna laethúla cosúil le dialann an Chláraitheora a eagrú trí sceidealú a dhéanamh ar a choinní go léir agus na socruithe riachtanacha a dhéanamh dá chruinnithe, nuashonrú agus cothú a dhéanamh ar chomhaid, agus a chinntiú go bhfuil soláthar leordhóthanach stáiseanóireachta ann. Ní mór do Joan na ceisteanna go léir a fhaightear i bhfoirm litreacha, teachtaireachtaí ríomhphoist agus teileafóin nó cinn a fhaightear go pearsanta a láimhseáil freisin. 'Féachaim ar gach iarratas aonair agus is fúm féin a bhíonn sé iad a sheoladh ar aghaidh chuig baill eile d'fhoireann an Chláraitheora nó chuig Ranna eile, nuair is gá.' Déanann sí próiseáil ar iarratais ar sheiceáil scrúduithe agus achomhairc scrúduithe ó mhic léinn freisin, agus cuireann sí comhairle orthu maidir leis na nósanna imeachta atá i gceist.

Ó thaobh cumarsáide de, bíonn Joan i dteagmháil le baill foirne na Ranna Acadúla, Riaracháin agus Seirbhíse ag OÉ Má Nuad agus Coláiste Naomh Pádraig araon thar ceann an Chláraitheora. Idirghníomhaíonn sí leis an Oifig Comhairleach Acadúil agus bíonn sí i dteagmháil rialta le comhlachtaí seachtracha cosúil le Cumann Ollscoileanna Éireann, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, an tÚdarás um Ard-Oideachas in Éirinn, an Lár-Oifig Iontrála, an Chomhairle Múinteoireachta, an Coláiste Míleata, An Garda Síochána, agus ollscoileanna agus institiúidí eile.

Ó thaobh airgeadais de, coinníonn Joan na taifid a bhaineann le gach idirbheart airgeadais slán agus déanann sí monatóireacht ar na cuntais faoi shainchúram an Chláraitheora chomh maith le híocaíochtaí na scoláireachtaí míchumais a réiteach. Baineann Joan an-taitneamh as an mbunús leathan a bhaineann lena post, mar nach mbíonn aon dá lá mar an gcéanna. 'Tá tú ag déileáil le daoine ag gach leibhéal a bhfuil fadhbanna éagsúla acu, idir ceisteanna simplí go dtí rud éigin tromchúiseach a gcaithfidh tú aghaidh a thabhairt air láithreach nó go leochaileach.'

Ar ndóigh bhí neart taithí gairmiúil ag Joan sular ghlac sí lena post reatha. Chríochnaigh sí Dioplóma i Staidéar Rúnaíochta ag an Ard-Scoil Tráchtála i Luimneach i 1976, agus chuir sí tús lena gairmréim ansin ag na Coimisinéirí Ioncaim. Tar éis tréimhse oiliúna ag Caisleán Bhaile Átha Cliath, athlonnaíodh í chuig an Ionad Oiliúna Custaim agus Máil i Sráid an Easpaig. Thosaigh Joan ag obair ansin leis an bhForas Taluntais (ar a dtugtar Teagasc anois), agus chaith sí 21 bliain ag obair ansin, ag Ionad Taighde Chionn Sáile i Mullach Íde ar dtús, agus ansin ag an Ionad Náisiúnta Bia i mBaile an Ásaigh, áit ar oibrigh sí mar rúnaí do thionscadal arna mhaoiniú ag an AE freisin.

Ceann de na chéad tascanna a bhí ag Joan ná maoirsiú a dhéanamh ar athlonnú Oifig an Chláraitheora chuig an áit a bhfuil sé faoi láthair i dTeach na Daonnachta, agus is breá léi a timpeallacht oibre. 'Is áit álainn é, ar an gCampas Theas ag féachaint amach ar na gairdíní áille i gCearnóg Sheosaimh. Is minic a deir cuairteoirí go gcaithfidh sé gur áit iontach é le bheith ag obair. Agus tá an ceart ar fad acu!'

2.4 EISPÉIREÁS NA MAC LÉINN

Scoláireachtaí Spóirt

Cuireadh tús iontach leis an mbliain spóirt, nuair a fuair OÉ Má Nuad an lámh in uachtair i gcéad Chraobhchomórtas Gailf Ollscoileanna na hEorpa, a bhí ar siúl ag Vale da Pinta san Algarve (an Phortaingéil) sna himeachtaí aonair agus foirne araon. I gcluiche a imríodh thar ceithre bhabhta, tháinig mic léinn Scoláireachta Gailf Paddy Harrington ó ceithre bhuille ar gcúl chun an teideal foirne a bhuachan ar Ollscoil Ulaidh leis an scór naoi agus ceathair faoi bhun pair. Fuair James Monaghan scór 68, ceathair faoi bhun pair chun an craobh aonair a bhuachan, agus sháraigh a chéile imeartha Joáo Carlota curiarracht an chúrsa le 63, naoi faoi bhun pair, rud a bhain amach an tríú háit dó.

Chríochnaigh an mac léinn gailf agus mac léinn Gnó agus Bainistíochta, Danielle McVeigh ó Chontae Ríoga an Dúin ag barr an chláir ag *Craobhchomórtas Stroke Play* in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór le bliain anuas, tar éis di Craobh Oscailte Alban Helen Holm 2010, Craobh Oscailte na Breataine do Mhná 2009 agus Craobh Oscailte na Breataine Bige 2009 a bhuachan. Bhuaigh sí teideal Chluichí Domhanda na nOllscoileanna 2007 freisin. Ina theannta sin, rinne an tUasal McVeigh ionadaíocht ar an mBreatain Mhór agus Éire ag an 36ú cluiche Coirn Curtis a imríodh ag Club Contae Essex i Massachusetts i lár mhí an Mheithimh 2010. Dúirt captaen na foirne gur thug an tUasal McVeigh an-mhisneach don fhoireann, agus d'éirigh thar barr léi ina cluiche aonair, inar bhfuair sí an ceann is fearr ar churadh amaitéarach na mban sna Stáit Aontaithe, Jennifer Song, le difear de 3 agus 2.

Is cosúil go n-éireoidh go maith leis na mic léinn gailf seo go léir. I Márta seo caite, fuair Paul O'Hanlon, iar-mhac léinn ón Droichead Nua, an scór ab ísle fós a bhain sé amach sa bhabhta 18 deiridh i Márta, rud a bhain a chéad bhua gairmiúil amach dó.

Bhí 250 snámhaí, a raibh mór-ainmneacha an spóirt in Éirinn ina measc, san iomaíocht ag *Craobhchomórtas Snámha na hÉireann* i mBaile Átha Cliath i mí na Nollag. In ainneoin na gcaighdeán den scoth atá bainte amach ag foirne áirithe ina bhfuil sár-snámhaithe Swim Ireland agus sealbhóirí curiarrachta na hÉireann, sháraigh foireann na bhfear na hollscoile dhá churiarracht rás sealaíochta na hÉireann, agus rinne foireann na mban go maith sna craobhacha, rud a d'fhág gur bhain an ollscoil an mórdhuais amach le cúig phointe. Ba é seo an dara bua foriomlán i dtrí bliana agus an tríú bua as a chéile in imeacht na bhfear do na mic léinn snámha rathúla.

Tharraing foireann OÉ Má Nuad, na 'Devils', aird shnámhaithe na hÉireann orthu féin arís ag *Craobhchomórtas Snámha Fadchúrsa Laighean*. Bhuaigh Joseph Cassidy, Seamus Stacey, Alberto agus Tadhg Gavigan an rás sealaíochta saorstíle 200 méadar taobh istigh de 1 nóiméad 44 soicind, agus bhuaigh an bheirt acu boinn sa saorstíl 1,500 méadar agus sa rás míle.

Bhí an tríú bua as a chéile ag na fir ó Chlub Snúcair agus Púil OÉ Má Nuad sna teidil aonair agus foirne ag *Comórtas Idir-Ollscoile 2009*. Choinnigh Johnny Williams an cloigeann agus fuair sé an ceann is fearr ar mhac léinn as Ollscoil na Banríona, agus fuair Eamon Relis dhá bhuille ar an bpoll gorm agus bándearg san fhráma deiridh agus thug sé leis an cluiche agus an trófaí foirne

Bhí sé d'onóir ag an Ollscoil a bheith mar óstach ar an *99ú Corn Sigerson*, buaicphointe an tséasúir Peile Ard-Oideachais. I gCorn 2010, a bhí urraithe ag Banc Uladh, bhí bua gan choinne ag an bhfoireann baile i gcoinne rogha na coitiantachta, Ollscoil Uladh Jordanstown, le dhá phointe sa chluiche ceathrú ceannais, agus bhí an bua ar éigean ag buaiteoirí an chomórtais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, orthu sa chluiche leathcheannais. I measc na nithe eile a bhain foirne CLG na hOllscoile amach in 2009-2010, bhí an méid seo a leanas:

Peil Sinsearach na bhFear
buaiteoirí na Sraithe

Peil Idirmheánach na bhFear
buaiteoirí Shraith Laighean

Peil Mhic Léinn na Chéad Bhliana
buaiteoirí Sraithe agus Craoibhe (an dara bliain as a chéile)

Peil na mBan
buaiteoirí Chorn Giles

Camógaíocht
cluiche leathcheannais Sciath Purcell

Iománaíocht Sinsearach
an dara háit sa Sraith agus an cluiche leathcheannais i gCorn Ryan

Tá comhpháirtíocht straitéiseach curtha i bhfeidhm idir an Ollscoil agus Barnhall RFC, agus bunaíodh club nua ar a dtugtar *NUIM Barnhall RFC* mar thoradh air. Láidreoidh sé seo cúrsaí rugbaí ag OÉ Má Nuad. Méadóidh an líon scoláireachtaí rugbaí ó 22 go dtí 40 thar an dá bhliain seo chugainn, agus beidh deiseanna imeartha ann do dhaoine áitiúla ó aois 6 go dtí leibhéal Shraith Uile-Éireann mar thoradh ar an gcomhghuaillíocht seo. Earcaíodh Dennis Bowes, iar-chaptaen rugbaí Dhún Éideann, le déanaí mar Oifigeach Forbartha Rugbaí chun ard-chaighdeán ainmnithe scoláireachta a chinntiú.

Ghlac os cionn 100 páiste idir sé agus dhá bhliain déag páirt i g*Campa Samhraidh Rugbaí Laighean* ag an Ollscoil. Bealach a bhí anseo chun cleachtadh a fháil ar an gcluiche, chomh maith le bualadh le cairde nua agus imreoirí Laighean agus tuilleadh a fhoghlaim faoi luachanna an chluiche agus an tábhacht a bhaineann le corpacmhainn fisiciúil. Bhí an deis ag na buachaillí agus na cailíní Corn Heineken a chrochadh freisin.

Imeachtaí Bliantúla

Bhailigh na himeachtaí carthanachta bliantúla ag an Ollscoil an méid is mó airgid fós do charthanais. Ghlac 170 rannpháirtí páirt in *23ú Rothaíocht na Gaillimhe*. Chuaigh siad amach i ndrochaimsir an Mhárta ar an turas 400 ciliméadar ó Aontas na Mac Léinn go dtí an Fhaiche Mhór i nGaillimh agus ar ais arís. Tugadh €77,000 don Institiúid Náisiúnta um Thaighde ar Ailse Brollaigh mar thoradh ar an iarracht a rinne an 100 rothaí, 50 bailitheoir agus 20 criú tacaíochta, a bhí comhdhéanta de mhic léinn reatha agus iar-mhic léinn.

Tugadh ainm nua, *Seachtain na Carthanachta,* ar an tSeachtain 'Raise and Give (RAG)' a eagraíonn Aontas na Mac Léinn. Ba é buaicphointe na seachtaine ná 'The Gathering', féile nua ceoil, damhsa, taibhléirithe agus bia beadaí chun daoine a thabhairt le chéile chun airgead a bhailiú dóibh siúd nach bhfuil chomh maith as. Bhí duaisbhuaiteoirí agus ainmneacha ó bharr na gcairteacha, cosúil le Sydney Samson agus Mundy, i measc na ndaoine a chas ceol beo thar 12 uair an chloig agus trí stáitse in úsáid, chomh maith le hainmnithe don duais don cheoltóir nua is fearr, Saccade agus Saving J. Idir é seo agus na tionscnaimh charthanachta eile i rith na bliana cosúil le díolachán cácaí agus imeachtaí Clubanna agus Cumainn, bailíodh €5,079 don charthanas roghnaithe, an Little Way Cancer Support Centre Bunaíodh an áis seo i gClaonadh, Contae Chill Dara, i nDeireadh Fómhair 2003 chun tacaíocht mhothúchánach agus cabhair phraiticiúil a chur ar fáil d'othair ailse, dá dteaghlaigh agus dá gcairde.

Seo a leanas buaiteoirí an *16ú Gradaim bliantúla do Chlubanna agus do Chumainn* **a bhí ar siúl in Óstán an Glenroyal i Márta:**

An Club Is Fearr:
Cumann Peile

An Cumann Is Fearr
An Cumann Damhsa

An Club is Mó Feabhais
An Club Snámha agus Póló Uisce

An Cumann is Mó Feabhais
An Cumann Bitheolaíochta

Lúthchleasaí na Bliana
Lorraine McGill, An Club Pionsóireachta

Club-Fheidhmeannach na Bliana
Darragh Quinn, An Club Snámha agus Póló Uisce

Lúthchleasaí Céadbhliana na Bliana
Justin Cullinane, Canú agus Cadhc
Ollscoil Mhá Nuad (M.U.C.K)

Imeacht na Bliana i measc na gCumann
An Seó Faisin, Spotlight

Pearsa na Bliana i measc na gCumann
Ann Marie O'Reilly, Play Do

Pearsa Céadbhliana na Bliana i measc na gCumann
Kieran Timmons, Naomh Uinseann de Pól

An Cumann Nua Is Fearr
An Cumann Tae

Duais Saoil um Chur leis an tSochaí
Fiach O'Neill agus Gemma McGrory

Corn an Athar Martin Loftus
Lectio Divina

→
Scoláire Gailf Danielle McVeigh.

→→
Seoladh Corn Sigerson Bhanc Uladh, buaicphointe shéasúr na peile san Ard-Oideachas, go hoifigiúil 9 Feabhra ag an óstvenue, OÉ Má Nuad. Ag an seoladh bhí (clé go deas) John McGinnity, Cláraitheoir Cúnta OÉ Má Nuad le mic léinn GAA reatha na hOllscoile: Niall Coyne, Gaillimh; Paul Cashen, Ceatharlach; Ger Brennan, Baile Átha Cliath; agus Joanne Leonard, Bainisteoir Ceantair Laighean Thuaidh, Banc Uladh.

Próifíl

Aoife Collins
Cúntóir Feidhmiúcháin, Seirbhísí na Mac Léinn

Tá obair leis na mic léinn i gcroílár obair Aoife Collins ag OÉ Má Nuad. Ó 2005 i leith, tá sí ina Cúntóir Feidhmiúcháin ag Seirbhísí Mac Léinn, ról a deir sí atá dúshlánach agus a bhfuil an-taitneamh le baint as. 'Creidim féin agus go leor de mo chomhghleacaithe gur pribhléid iontach atá sa deis oibriú le daoine óga ó gach cearn den tír, agus go deimhin an domhan.'

Formhór an ama, is í Aoife an chéad duine a dtéann mic léinn chuici le ceisteanna éagsúla faoi go leor gnéithe de shaol an champais. Míníonn sí conas a stiúrann sí mic léinn a thagann chuici ag lorg treorach nó cúnaimh agus tacaíochta ar chúis éigin. 'Déanaim an méid agus is féidir liom mé féin agus bím sásta na mic léinn a atreorú chuig ceann dár seirbhísí tacaíochta eile ag an Ollscoil. Is breá liom a bheith ag obair le mo chomhghleacaithe sna Ranna Seirbhísí Mac Léinn eile, os rud é go mbíonn siad sásta iarracht bhreise a dhéanamh do na mic léinn, go háirithe nuair a bhíonn deacracht éigin acu.'

Chomh maith le heolas nó treoir shimplí a lorg, is minic a insíonn mic léinn do Aoife faoi fhadhbanna a bhaineann le sláinte, caidrimh phearsanta agus folláine mothúchánach, nó airgead. Deir sí mar shampla go bhfuil sí mar phointe teagmhála do mhic léinn atá ag lorg cabhair airgeadais, agus í ag próiseáil a n-iarratais tríd an gCoiste Cabhrach do Mhic Léinn. Cé go mbíonn sé deacair a bheith ag féachaint ar mhic léinn ag láimhseáil fadhbanna den chineál seo, is é an chuid is deacra de shainchúram Aoife ná nuair a fhaigheann mac léinn bás. 'Is tréimhse an-trámach a bhíonn anseo don teaghlach go háirithe, ach do mhic léinn agus don fhoireann freisin, agus déanaimid an méid agus is féidir linn i Seirbhísí na Mac Léinn chun tacú leis na daoine is mó a bhíonn ag fulaingt ag an tráth seo.'

Tá Céim ag Aoife i Staidéar Turasóireachta agus Gnó ó Choláiste LSB, chaith sí tréimhse i gcaidreamh poiblí agus margaíocht i dtionscal na meán, agus chaith sí seacht mbliana mar mhaoirseoir ag an gComhlachas Aeriompair Idirnáisiúnta (IATA). Níl aon amhras faoi ach gur láidrigh an taithí seo ag díriú ar dhaoine agus ag déileáil le daoine na scileanna idirphearsanta atá riachtanach ina cuid oibre.

Cé gur breá le Aoife an obair laethúil le mic léinn na hOllscoile, luann Aoife a ceangal le scoláireachtaí spóirt go háirithe. 'Tá tréimhsí iontacha caite agam le lucht spóirt a bhfuil buanna ar leith acu, agus tá páirt glactha agam in ócáidí sóisialta iontacha cosúil le Bál CLG, mar thoradh ar mo chuid oibre i gcúrsaí spóirt na hollscoile.' Tá an-chuimhne aici freisin ar Seó Faisin 2005 a d'eagraigh sí i gcomhar le Mary MacCourt ó Aontas na Mac Léinn, imeacht a bhailigh go leor airgid do Fhondúireacht Jack and Jill, in gcomhar le Rothaíocht na Gaillimhe Mhá Nuad. Creideann sí gur mar thoradh ar thionscnaimh den chineál seo agus tiomantas na foirne a bhíonn taithí saoil speisialta ag mic léinn i Má Nuad, saintréithe na hOllscoile.

Próifíl

Helen Kirrane
Oifigeach na Mac Léinn Idirnáisiúnta

B'éigean den Oifig Idirnáisiúnta ag OÉ Má Nuad leathnú amach le cúpla bliain anuas mar gheall ar an méadú a tháinig ar líon na mac léinn idirnáisiúnta san Ollscoil. Tá os cionn 600 duine óg ó bhreis is 50 tír éagsúil ag freastal ar an Ollscoil anois. Mar Oifigeach na Mac Léinn Idirnáisiúnta, tá Helen Kirrane i gcroílár an phróisis chun dul i ngleic leis an bhfás seo ar líon na mac léinn idirnáisiúnta ó 2006 i leith.

Tosaíonn a post ag céim an iarratais nuair a bhíonn sí ag earcú mic léinn céime idirnáisiúnta, agus déanann sí comhordú ar iarratais fochéime agus iarchéime nach ón AE iad, agus déanann sí luacháil ar cháilíochtaí idirnáisiúnta. Nuair a roghnaítear iad, díríonn sí isteach ar fháilte a chur roimh na mic léinn eachtracha trí chúram tréadach, lena n-áirítear comhairle maidir le cúrsaí inimirce, agus a dtreoshuíomh a eagrú. Ina theannta sin, tá Helen freagrach as deontais foirne agus mic léinn Erasmus a riar chomh maith le hidirchaidreamh le ranna éagsúla na hOllscoile, a oifig ionadaíoch i mBéising, comhpháirtithe idirnáisiúnta agus comhlachtaí seachtracha cosúil le Fiontraíocht Éireann agus na Seirbhísí Inimirce.

Is réimse an-iomaíoch ata sa chéad chéim earcaíochta os rud é go bhfuil OÉ Má Nuad in iomaíocht le hinstitiúidí tríú leibhéal as Éirinn agus thar lear. Tíortha cosúil leis an Ríocht Aontaithe, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Astráil agus an Nua Shéalainn, agus anois, an Ghearmáin agus an Fhrainc, atá ag tairiscint cláir fochéime agus iarchéime trí Bhéarla le táillí an-íseal más ann dóibh ar chor ar bith, de réir Helen. Mar sin, freastalaíonn sí ar aontaí earcaíochta idirnáisiúnta agus buaileann sí le hollscoileanna comhpháirteacha réasúnta rialta, chun labhairt le hiarratasóirí féideartha agus lena dtuismitheoirí. 'Bíonn sé spéisiúil i gcónaí na tíortha agus na cultúir óna dtagann ár mic léinn a fheiceáil agus tugann sé tuiscint níos fearr ar chomh difriúil is a bhreathnaíonn Éire dóibh nuair a thagann siad ar dtús.'

Fuair Helen céim sa Bhéarla agus sa Tíreolaíocht ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh roimh di dul i mbun róil riaracháin éagsúla ag a Alma Mater. Bhí an post a bhí aici ar feadh cúig bliana in Oifig Oideachais Idirnáisiúnta Choláiste na hOllscoile Corcaigh ábhartha don phost atá aici faoi láthair, ar dtús mar chomhordaitheoir Socrates (Erasmus) agus ina dhiaidh sin ina post mar chomhordaitheoir iontrálacha idirnáisiúnta. Cé go ndeir sí gur féidir lena gcuid oibre mar Oifigeach Idirnáisiúnta a bheith sách crua, deir Helen go bhfuil sé spéisiúil agus go mbaineann sí taitneamh as den chuid is mó. 'Tá iontráil oscailte againn do mhic léinn, agus mar sin bíonn gach lá éagsúil agus dúshláin éagsúla ag baint le gach lá. Tá tacaíocht ó chomhghleacaithe san oifig fíor-thábhachtach - is foireann an-mhaith muid agus oibrímid go maith lena chéile le linn na dtréimhsí strusmhara.'

I measc na dtionscnamh is déanaí a lua Helen tá na hathruithe nósanna imeachta atá dírithe ar fheabhsú seirbhísí do mhic léinn agus don fhoireann oibre; forbairt réimsí áirithe, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí nua do mhalartuithe mic léinn agus baill foirne agus comhchéimeanna agus céimeanna seichimh le hollscoileanna idirnáisiúnta atá ina bpáirtithe; agus réimse clár Béarla agus samhraidh do mhic léinn idirnáisiúnta i gcomhar le hIonad na dTeangacha. Cuirfidh na hathruithe seo go mór leis an aiseolas dearfach. 'Deir ár mic léinn idirnáisiúnta linn arís agus arís eile go mbaineann siad an-taitneamh as a dtaithí ag OÉ Má Nuad, ag rá dóibh go bhfuil sé cairdiúil, cuimsitheach agus fáilteach. Is maith leo an timpeallacht shuaimhneach, álainn freisin, chomh maith leis an rochtain éasca ar Bhaile Átha Cliath.'

2.5 AN DEARCADH IDIRNÁISIÚNTA

Tá go leor forbairtí idirnáisiúnta feicthe i mbliana ag OÉ Má Nuad. Ina measc seo tá feabhsuithe suntasacha i gcomhthéacs oideachais idirnáisiúnta chomh maith le fás ar idirnáisiúnú gach gné den Ollscoil.

Sa chéad chatagóir, tá an tOllamh Larry Taylor, Leas-Uachtarán Ghnóthaí Idirnáisiúnta, tar éis ionadaíocht a dhéanamh ar ollscoileanna na hÉireann i nGrúpa Ard-Leibhéil an Rialtais a d'eisigh tuarascáil le déanaí ar chóir di beartas a threorú agus feabhas a chur ar na coinníollacha náisiúnta d'oideachas idirnáisiúnta. Ó Eanáir 2010, tá an tOllamh Taylor ina Chathaoirleach ar Ghrúpa Idirnáisiúnta Chumann Ollscoileanna Éireann, agus tá sé tar éis méadú suntasach ar iarrachtaí comhoibritheacha thar lear i measc na n-ollscoileanna a spreagadh. I SAM, tharraing na himeachtaí '*Connecting Continents*' a bhí ar siúl in Eanáir agus i mBealtaine i Washington DC agus i gCathair Nua Eabhrac aird na meán agus aird acadúil ar an méid atá bainte amach ag ollscoileanna na hÉireann agus ar a dtarraingteacht. Sheol IUA Suirbhé Ollscoileanna Éireann agus Staidéar an AE ar Oideachas Tríú Leibhéal ag an imeacht ag Consalacht na hÉireann i Nua Eabhrac. D'fháiltigh ionadaithe ó sheacht ollscoil na hÉireann roimh phearsaí áitiúla tábhachtacha san ardoideachas, agus an taispeántas grianghrafadóireachta America in Ireland ina dtimpeall, leis an ngrianghrafadóir Maeve Hicky, atá bunaithe i Má Nuad. Chuir an phlé béim ar rathúlacht ollscoileanna na hÉireann - atá i measc na gcinn is airde san Eoraip ó thaobh scóir riachtanacha áirithe - agus d'fhéach sé ar na naisc a d'fhéadfadh a bheith idir contrapháirteanna Meiriceánacha agus Éireannacha, idir staidéar thar lear agus malartuithe go dtí céimeanna agus taighde comhoibritheach.

Sa bhaile, leanann ár nOifig Idirnáisiúnta lena straitéis rathúil chun naisc agus comhoibriú idirnáisiúnta a bhaint amach. Ní hamháin go bhfuil líon níos airde mic léinn eachtracha ar an gcampas ó áiteanna cosúil leis an tSín, an India, an Nigéir, an tSúdáin agus an Afraic Theas, ach táthar i mbun oibre ar chaidrimh a chothú le hollscoileanna i Vítneam agus sa Bheithil. Ina theannta sin, tá na comhghuaillíochtaí fadbhunaithe leis na Stáit Aontaithe agus leis an tSín ag neartú i gcónaí. Tá áthas ar an Oifig Idirnáisiúnta a chur in iúl go bhfuil a feachtas ag oibriú go maith, le spreagadh ó na Dáimh, agus go bhfuil ár mic léinn féin ag dul thar lear níos mó ná bhí riamh freisin

Naisc leis an tSín

I measc na nasc nua, tacóidh comhaontú malartaithe acadúil a síníodh idir OÉ Má Nuad agus Ollscoil Shanghai le líon beag fochéimithe chun staidéar a dhéanamh san institiúid chomhpháirteach, agus éascóidh sé deiseanna socrúcháin tionsclaíocha dár mic léinn i Shanghai. Tharlaigh an nasc seo mar thoradh ar chuairt a thug an tOllamh Taylor, an Dr Xinyu Wu agus an tUasal Luna Wu ar an Ollscoil sa tSín, áit a raibh siad an-tógtha le caighdeán na gclár cuntasaíochta, airgeadais, eacnamaíochta agus gnó a bhí á dtairiscint trí Bhéarla.

Thug an tUachtarán Pu Xuzhong toscaireacht ó *Ollscoil Polaiteicnic Jiangsu* (JPU) go Má Nuad i bhFeabhra, i láthair Ambasadóir na Síne chun na hÉireann, chun athnuachan a dhéanamh ar an gcomhaontú céime dúbailte agus chun ceiliúradh a dhéanamh ar an gcaidreamh cúig bliana idir an dá institiúid. Tá os cionn 200 mac léinn ag freastal ar an gclár áirithe seo faoi láthair agus 30 acu sa bhliain dheireadh den staidéar ar thrí ábhar éagsúla anseo ag baile. Thug an tOllamh Taylor cuairt ar ais orthu, agus bhí sé d'onóir aige a bheith ar an t-aon aoi eachtrach a fuair cuireadh labhairt ag an gceiliúradh i Changzhou, áit a raibh ceiliúradh á dhéanamh ag JPU ar a stádas nua mar Ollscoil Changzhou.

Rinneadh ionadaíocht ar OÉ Má Nuad sa tSín, mar bhaill de ghrúpa ó roinnt ollscoileanna in Éirinn a fuair cuireadh ón Riarachán Stáit de Shaineolas Eachtrach chun freastal ar Fhóram Taighde dhá lá in *Ollscoil Peking* i rith cheiliúradh Lá Fhéile Phádraig i mBéising. Tar éis an tIonad Comhoideachais agus Comhthaighde Sín-Éireannach a sheoladh anuraidh, dhírigh an fóram seo ar tuilleadh staidéar a dhéanamh ar dheiseanna taighde frithpháirteacha. Cuireadh tús le Caibidil na Síne d'Alumni OÉ Má Nuad le linn fhéile na hÉireann, agus bhí áthas ar 15 céimí Síneach a d'fhill abhaile le déanaí bualadh arís lena n-iar cheann roinne agus lena n-ollaimh agus taitneamh a bhaint as mórshiúl Lá Fhéile Phádraig le chéile.

TÁ AN TOLLAMH LARRY TAYLOR, LEAS-UACHTARÁN GHNÓTHAÍ IDIRNÁISIÚNTA, TAR ÉIS IONADAÍOCHT A DHÉANAMH AR OLLSCOILEANNA NA HÉIREANN I NGRÚPA ARD-LEIBHÉIL AN RIALTAIS A D'EISIGH TUARASCÁIL LE DÉANAÍ AR CHÓIR DI BEARTAS A THREORÚ AGUS FEABHAS A CHUR AR NA COINNÍOLLACHA NÁISIÚNTA D'OIDEACHAS IDIRNÁISIÚNTA.

Thug an tAire Gnóthaí Eachtracha, Micheál Martin, cuairt ar phríomhchathair na Síne freisin, dhá mhí níos déanaí. Ag *Ollscoil Staidéar Eachrach Béising* (BFSU), labhair sé leis na mic léinn faoi sheasamh na hÉireann sa phobal idirnáisiúnta agus faoin gcomhoibriú agus na malartuithe idir BFSU agus OÉ Má Nuad, go háirithe forbairt Ionad an Léinn Éireannaigh.

Tar éis caidreamh fadtéarmach leis an Institiúid Confucius i Múineadh na Sínise ag an gColáiste Ollscoile, Corcaigh, sheol OÉ Má Nuad *Seomra Ranga Confucius* chun éascú a dhéanamh ar mhúineadh agus ar fhoghlaim na Sínise ag an Ollscoil. Sa bhliain acadúil deiridh, bhí os cionn 25 mac léinn ó dhisciplíní éagsúla tar éis na módúil Sínise atá á múineadh ag Ionad na dTeangacha a dhéanamh. Ina theannta sin, tá roinnt ábhar eile cosúil le Geilleagar na Síne, Fealsúnacht na Síne agus Stair na Síne á dtabhairt isteach sa churaclam in 2010, agus beidh céim Staidéar Síneach á thabhairt isteach in 2011.

Buaicphointí Eile

Rinne Helen Kirrane agus an Dr Xinyu Wu ionadaíocht ar an Oifig Idirnáisiúnta ag an *Aonach Oideachais Star* in Kuala Lumpur, sa Mhalaesia go luath sa bhliain nua. D'fhreastail os cionn 90 institiúid ardoideachais ón Mhalaesia, an Ríocht Aontaithe, na Stáit Aontaithe, an Astráil agus Éire ar an taispeántas agus cé gurbh é seo an chéad uair a rabhamar sa chuid seo den Áise, tá eolas ag mic léinn áitiúla ar ardoideachas na hÉireann mar gheall ar an gclú atá tuillte ag scoileanna leighis na hÉireann le deich mbliana anuas. Labhair an tOllamh Ray O'Neil, Leas-Uachtarán Taighde, thar ceann Chumann Ollscoileanna Éireann agus OÉ Má Nuad ag an seimineár lae arna eagrú ag Ambasáid na hÉireann chun tús a chur le comhoibriú taighde agus oideachas iarchéime idir an dá thír.

Thug grúpa cúigear *Comhairleoirí Ardscoile ó Chicago* cuairt ar an Ollscoil, agus ghlac siad páirt i gcainteanna an-rathúla lena nOifigí Iontrála, Cónaitheach agus Idirnáisiúnta. Thug *Ambasadóir na Stát Aontaithe* cuairt ar an ollscoil freisin don Fhóram Pobail agus i gcomhair plé maidir le naisc eacnamúla idir an dá thír chun fás a threisiú tar éis na géarchéime eacnamaíochta reatha. Bhí líonrú le comhpháirtithe agus cruthú deiseanna nua in oideachas idirnáisiúnta mar aidhmeanna ag an Oifig Idirnáisiúnta a d'fhreastail ar an *gComhdháil Bhliantúil d'Oideachasóirí Idirnáisiúnta do Chumann NAFSA* agus ar an taispeántas i gCathair Kansas.

←
Ag seoladh Chraobh na Síne de Alumni OÉ Má Nuad tá (c-d): Luna uas. Wu, Stiúrthóir agus Flora uas. Wu, Cúnamh Feidhmiúcháin, Oifig Bejing.

2.6 AN OIFIG ROCHTANA

I rith 2009-10, lean Oifig Rochtana OÉ Má Nuad lena iarrachtaí grúpaí faoi ghannionadaíocht a spreagadh chun teacht isteach in oideachas tríú leibhéal agus an tacaíocht a theastaíonn uathu a chur ar fáil do na grúpaí seo.

Gníomhaíochtaí For-Rochtana

Bhí an Oifig Rochtana an-ghnóthach ó thaobh ghníomhaíochtaí for-rochtana de sa bhliain acadúil seo caite. Bhí seastáin aici agus cainteanna agus turais á dtabhairt i rith Laethanta Oscailte OÉ Má Nuad agus Lá na hOllscoile. Thug baill foirne roinnt cainteanna freisin maidir le teicneolaíocht oiriúnaitheach mar chuid de thionscnamh Oiliúna Scileanna Faisnéise Leabharlainne agus lá oiliúna foirne na Roinne Oideachais, agus go seachtrach ag Scoil Samhraidh ríomhFhoghlama an Údaráis um Ard-Oideachas Réigiún Bhaile Átha Cliath. Rinne an Stiúrthóir Rochtana, Ann O'Brien an páipéar 'Agents of Change: Making the Connections' a sheachadadh ag an gComhdháil Cosáin chuig an Oideachas 2010 ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Leathnaíodh an *Bealach Rochtana ar Ardoideachas* (HEAR), a leathnaíonn deiseanna rochtana do fhágálaithe scoile ar fud na tíre ó chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste go socheacnamaíoch, ón 305 scoil chuig an 730 meánscoil in Éirinn. Aithníonn leathnú na scéime, a bhí coinnithe go príomhúil do mhic léinn ó scoileanna DEIS, go mbaineann míbhuntáiste oideachais le trasghearradh de gach pobal agus nach bhfuil sé teoranta do cheantair nó réigiúin atá furasta le n-aithint.

Tá feabhsuithe suntasacha déanta ar an scéim *Bealach Rochtana Míchumais ar an Oideachas* (DARE), tionscnamh iontrálacha breise do fhágálaithe scoile atá faoi mhíchumas, trí airgead arna sholáthar ag Ciste Nuálaíochta Straitéiseach an Rialtais. Mar thoradh air sin, tá próiseas iarratais níos sruthlínte ag DARE tríd an Lár-Oifig Iontrála, agus tá sé níos cairdiúla do mhic léinn le critéir láidre, sofheicthe. Ba é an cuspóir a bhí ag an seoladh náisiúnta i nDeireadh Fómhair seo caite ná feasacht a ardú i measc mac léinn, scoileanna agus eagraíochtaí agus chun líon níos airde iarratas a spreagadh. Tá láithreán gréasáin tiomanta, www.accesscollege.ie, forbartha ina bhfuil sonraí iomlána na scéimeanna DARE agus HEAR chun cabhrú le mic léinn a n-iarratais a dhéanamh

Ar an taobh eile den scála, bhí OÉ Má Nuad ina óstach ar shearmanas bronnta céimeanna do *chéimithe Access21 2009* leis an Uachtarán John Hughes ag déanamh comhghairdis leo faoina dteastais a bhaint amach agus ag cur béime ar an tábhacht a bhaineann le céimithe do thodhchaí gheilleagar na hÉireann. Tá seacht n-institiúid ardoideachais i gceist sa tionscnamh oideachais seo, a bhfuil sé d'aidhm aige rannpháirtíocht a leathnú agus foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn thar 14 contae i réigiúin na teorann, lár na tíre agus an iarthair.

I Meán Fómhair 2009, chríochnaigh 83 mac léinn a bhí ag teacht isteach *Launchpad*, an clár treoshuímh cónaitheach chun cabhrú le mic léinn atá ag teacht isteach san Ollscoil trí Chlár Rochtana Mhá Nuad, faoi threoir 22 ceannaire mic léinn. D'fhoghlaim na rannpháirtithe faoin gcampas, chruthaigh siad cairdis, agus d'oibrigh siad ar thionscnaimh físeáin ar líne chun an réimse leathan scileanna pearsanta agus acadúla a theastaíonn do shaol an mhic léinn a iniúchadh.

Rinneadh athdhearadh ar láithreán gréasáin MAP, www.access.nuim.ie, i mbliana, chun díriú go príomha ar ionchais cuairteoirí ar nós mic léinn fhéideartha, baill foirne agus mic léinn reatha, lucht na hearnála, teaghlaigh agus grúpaí pobail. I measc na bhfeabhsuithe a rinneadh ar an láithreán seo a bhfuil duaiseanna bainte amach aige, tá rochtain níos furasta ar inneachar idirghníomhach cosúil le YouTube, Flickr, Twitter agus Delicious agus comhtháthú ar dhearcadh an mhic léinn trí rannóg nua Access All Areas chun a scéalta rathúla féin a insint agus a dtuairiscí ó imeachtaí nó tionscnaimh for-rochtana pobail ina nglacann siad páirt a fhoilsiú. Is é an réasúnaíocht a bhaineann leis ná spás a chur ar fáil inar féidir le mic léinn a dtaithí a roinnt agus a bheith mar eiseamláir do mhic léinn féideartha nár cheap go raibh an tríú leibhéal ina rogha dóibhsean.

Foghlaim a Chumasú

Cuireadh tionscnamh foghlama nua ar fáil do gach mac léinn i mbliana, mar aitheantas ar an gcéim shuntasach atá i gceist san aistriú chuig an Ollscoil, agus ar an líon scileanna nua a bhíonn le foghlaim chun a bheith rathúil. Tá an modúl scileanna acadúla seo, *Student+*, deartha chun cabhrú le rannpháirtithe a bheith ina bhfoghlaimeoirí éifeachtúla, muiníneacha agus neamhspleácha gur féidir leo a n-ualach oibre a bhainistiú go maith, a n-éiríonn leo i measúnuithe agus a mhothaíonn compordach sa timpeallacht foghlama tríú leibhéal. Tá 20 seisiún ranga grúpa uair an chloig ar fad i gceist leis an gcúrsa seo, le gníomhaíochtaí ar líne agus tacaíocht ó theagascóir. Cuimsíonn sé topaicí cosúil le coinbhinsiúin acadúla, scileanna staidéir, teicnící scríbhneoireachta, úsáid na teicneolaíochta sa bhfoghlaim, réiteach do scrúduithe, agus stíleanna foghlama éagsúla.

Cuireann na huirlisí cumarsáide ar líne an-chumas ar fáil chun cúrsa idirghníomhach a chur ar bun in áit faisnéis a sheachadadh in aon treo amháin, agus chun mic léinn a spreagadh chun a dtuiscint ar ábhair nua a phlé, rud a léiríonn réimsí eile lena mbaineann fadhbanna óna dteastaíonn tuilleadh mínithe sa chomhthéacs duine ar dhuine. Tá Student+ dearthа go sainiúil chun litearthacht dhigiteach a fhorbairt, cumarsáid ar líne agus comhoibriú a chur chun cinn mar mhodh foghlama luachmhar, agus ábhar a chuirtear i láthair sa seomra ranga a threisiú, chomh maith le hiniúchadh pearsanta an ábhair sin a chur chun cinn. Cruthaíonn agus roinneann mic léinn acmhainní ansin cosúil le naisc, físeáin, wiki, tweet'anna agus tuilleadh.

Rinneadh príomhshruthú breise ar *theicneolaíocht oiriúnaitheach* tríd na bogearraí formhéadaithe scáileáin 'ZoomText' a chur i ngach seomra ríomhaire sa limistéar poiblí ar an gcampas, chomh maith le huasghrádú a dhéanamh ar na ceadúnais suímh a bronnadh i gcomhair 'TextHelp Read and Write Gold' a léann téacs leictreonach amach os ard, agus 'Inspiration', uirlis mapála intinne oideachais..

Mic Léinn Lánfhásta

Mhéadaigh an líon mac léinn lánfhásta a tháinig isteach in OÉ Má Nuad de beagnach 14%, le 324 fochéimí nua ag cur tús le staidéar céime in 2009. D'fhreastail a bhformhór seo ar an gClár dhá lá Treoshuíomh do Mhic Léinn Lánfhásta. Tháinig méadú ar *chúrsaí samhraidh* don ghrúpa seo freisin i mbliana trí chláir bhreise agus trí acmhainn mhéadaithe. Thug an ceithre chúrsa scríbhneoireachta aistí deis d'os cionn 150 mac léinn staidéar a dhéanamh ar theicnící scríbhneoireachta criticiúla, agus réitigh clár matamaitice samhraidh nua, a bhunaigh an Oifig do Mhic Léinn Lánfhásta i gcomhar le Roinn na Matamaitice, 30 mac léinn chun airgeadas, eacnamaíocht, eolaíocht agus matamaitic a láimhseáil roimh dóibh tús a chur lena gcéad seimeastar. Tugann na tionscnaimh seo deis do níos mó mac léinn dul i mbun oibre leis an Ollscoil go luath, scileanna sainiúla a fhoghlaim agus níos tábhachtaí fós léargas a fháil ar na riachtanais acadúla a bhaineann le staidéar tríú leibhéal. Cabhraíonn sé seo go léir leo aistriú go dtí staidéar lánaimseartha agus an rannpháirtíocht is fearr is féidir leo.

D'fhreagair Oifig na Mac Léinn Lánfhásta don mhéadú ollmhór ar an líon daoine a bhfuil tionchar díreach ag an gcor chun donais eacnamaíoch orthu agus atá ag smaoineamh ar filleadh ar an oideachas dá bharr, trí shraith ocht gcinn de *Sheisiúin Faisnéise* lae agus oíche a reáchtáil. Ghlac 60 duine ar an meán a chaill poist nó a bhí ina bprintíseacha nuacháilithe gan aon ionchas oibre acu páirt i ngach seisiún idir Deireadh Fómhair agus Márta.

Leanadh leis an gclár Meantóireachta Piaraí do Mhic Léinn Lánfhásta i mbliana le beagnach 75 oibrí deonach ó phobal mhic léinn lánfhásta na hOllscoile ag déanamh meantóireachta ar an méid céanna mic léinn lánfhásta chéad bhliana chun tacú leo aistriú chuig saol an champais.

← I láthair ag seoladh an Bhealach Rochtana go hArdoideachas tá (c-d): Fiona Sweeney, Oifigeach Rochtana UCD; Ann O'Brien, Stiúrthóir Rochtana OÉ Má Nuad ; agus Martha Brandes, Oifigeach Rochtana OÉ Má Nuad.

←← Páirteach i seoladh an Bhealach Rochtana go hArdoideachas tá (c-d): Gary Gannon, mac léinn 2 bliana i TCD; an tUachtarán, an tOllamh Seán Mac Aodha ; Grace Edge, Oifigeach Rochtana TCD; Maureen Dunne, Bainisteoir an Tionscadal Rochtana IUA; and Fiona Sweeney, Oifigeach Rochtana UCD.

2.7 AN LEABHARLANN

Forbairt Straitéiseach

Táthar ag réiteach do *shíneadh úrscothach* ar an leabharlann, agus tá pleananna ann le haghaidh spásanna sannta do mhic léinn i gcomhair staidéar sóisialta agus ciúin; seomraí léitheoireachta do ghrúpaí, baill foirne agus iarchéimithe, agus oiliúint scileanna faisnéise, breis spáis i gcomhair bailiúcháin; agus caifé. Tá seacht sprioc straitéiseacha i b*Plean Straitéiseach Leabharlann OÉ Mhá Nuad 2009-2011*, arna cheadú ag an gComhairle Acadaimh agus arna sheoladh ag an Uachtarán, a chuireann le róil na hOllscoile ar leibhéil áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus atá ina mbuntaca ag roinnt gníomhaíochtaí agus forbairtí nua.

Bhí OÉ Má Nuad ar an gcéad ollscoil in Éirinn a bhunaigh stór institiúideach, agus tá os cionn 1,700 foilseachán ar fáil ar www.eprints.nuim.ie, atá á bhainistiú ag an Leabharlann. Lean na hollscoileanna Éireannacha eile agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT) a shampla, agus tá fáil ar stór náisiúnta ar líne i gcomhair aschur taighde cumaisc ó Mheitheamh 2010. Is féidir *RIAN* a úsáid chun taighde a chuardach ar fud na seacht n-ollscoil agus DIT ag an am céanna agus cuireann sé geata domhanda ar fáil chuig an inneachar sin.

Buaicphointí Taispeántais

Lean an Leabharlann lena traidisiún láidir ag cruthú agus ag léiriú taispeántais éagsúla. Bhí an *taispeántas ealaíne* bliantúil a thaispeánann pictiúir agus grianghraif na mball foirne agus na mac léinn ar siúl i rith sheachtain na nEalaíon i mí na Nollag 2009. An mhí dar gcionn bhí ócáid bhliantúil eile ann ag ceiliúradh aschur na Dáimhe Eolaíochta agus Innealtóireachta. Chuir an *fhéile foilseachán* seo béim ar na nuálaíochtaí, ar an taighde agus ar na foilseacháin den scoth atá ag OÉ Má Nuad i réimsí éagsúla a bhaineann le heolaíocht agus le hinnealtóireacht. D'fhreastail comhghleacaithe ollscoile, polaiteoirí áitiúla agus grúpaí pobail agus scoile ar an ócáid.

Bhí taispeántas Leabharlann Russell, 'How we arrived at the Future: experiments, inventions and discoveries of the past' ar siúl ó *Sheachtain na hEolaíochta* i mí na Samhna go dtí mí an Mhárta agus bhí gné-alt faoi san Liffey Champion. Bhí an 'Women Scientists' Exhibition' bunaithe ar Sheachtain na hEolaíochta chomh maith, agus bhí 'An Leabhar Maisithe: decorated and illustrated Irish Books' ann i gcomhair *Sheachtain na Gaeilge 2010*.

I measc na mbuaicphointí eile bhí 'The Many faces of Europe's Capitals' a eagraíodh thar ceann an Aontais Eorpaigh chun daoine a chur ar an eolas maidir le saibhreas agus éagsúlacht phríomhchathracha an réigiúin agus an 'European Studies Opportunities Fair' arna óstáil ag an Leabharlann don Lárionad um Staidéar ar an Eoraip Níos Leithne. Bhí taispeántas comhfhreagrais idir Seán Ó Faoláin agus Munira H. Mutran, a fuair dochtúireacht onórach ó OÉ Má Nuad in 2008, ar siúl ag an am céanna le Comhdháil Chumann Idirnáisiúnta um Staidéar ar Litríocht na hÉireann (IASIL) i mí Iúil 2010.

Príomh-Bhailiúcháin

Leanadh leis an bhfás i mbailiúcháin phriontáilte agus leictreonacha, agus fuair an Leabharlann ceann de na cartlanna stairiúla téacs iomlán ar líne is cuimsithí agus is mó, *Eighteenth Century Collections Online* (ECCO), mar thoradh ar chómhaoiniú ó roinnt Ranna. Cuirfidh bunachar sonraí ECCO ar chumas taighdeoirí staidéar a dhéanamh ar an Ochtú Céad Déag as an nua, os rud é go gclúdaíonn sé foilseacháin thagartha ghinearálta, ealaíon, daonnachtaí, eolaíocht shóisialta, eolaíocht agus teicneolaíocht a priontáladh le linn na tréimhse seo, le os cionn 26 milliún leathanach téacs ó os cionn 136,000 teideal.

Tá rochtain le fáil ar sé cinn déag de lámhscríbhinní Gaeilge na hOllscoile ar an idirlíon anois agus déanfar digitiú ar thuilleadh acu tríd an tionscnamh *Script Gaeilge ar an Scáileán* (ISOS). Tá Leabharlann Russell ag comhoibriú leis an bhForas Feasa agus leis an Lárionad um Staidéar ar Thithe agus Eastáit Stairiúla na hÉireann ar thionscadal *Morpeth Roll,* a bhaineann le caomhnú agus digitiú rolla páipéir ó roimh an ngorta mór ó Castle Howard i Yorkshire, ar a raibh timpeall 250,000 ainm Éireannach scríofa.

Fuair Ionad Cartlainne agus Taighde OÉ Má Nuad - Oifig na nOibreacha Poiblí ag Baile an Chaisleáin, arna bhainistiú ag an Leabharlann agus an Roinn Staire, cartlann *Stacunmy Cottage* in Aibreán 2010. Trína litreacha, gníomhais, mapaí, leabhair chuntais agus grianghraif, tá cuntas sa chlárlann ar stair an tí atá suite in aice le Cill Droichid, Co Chill Dara agus teaghlach Wardell atá ina gcónaí ann ó 1874 i leith. Tá taifead ann freisin ar stair shóisialta an cheantair agus a phobal feirmeoireachta le linn an 19ú agus 20ú haois agus cuirfidh sé go mór le taighde ag an Ollscoil.

Mar bhunús lena leabhar *Outside the Glow: Protestants and Irishness in Independent Ireland,* bhronn an Dr Heather Crawford an 97 taifead d'agallaimh chartlainne a d'úsáid sí ina tráchtas dochtúireachta ar an Leabharlann..

→
Breac-líníocht ealaíontóra den síneadh nua ar an leabharlann.

Seirbhísí na Leabharlainne

D'fhreastail os cionn 900 duine ar an *Oiliúint Scileanna Faisnéise Leabharlainne* (LIST), clár seisiún gairid maidir le seirbhísí leabharlainne éagsúla atá ar fáil sa chéad chúpla seachtain den chéad seimeastar chomh maith le bheith ar fáil i rith na bliana acadúla.

Bhí ról an-ghníomhach ag an Leabharlann sna *cláir iarchéime scileanna cineálacha* nuabhunaithe trí cheardlanna a reáchtáil maidir le faisnéis a fhoinsiú agus a bhainistiú sna heolaíochtaí, sna heolaíochtaí sóisialta, sna healaíona agus sna daonnachtaí agus maidir le foilsiú sna heolaíochtaí agus san innealtóireacht. D'fhreastail foireann acadúil agus tacaíochta ar sheoladh raon *ranganna teagaisc ar líne* in Aibreán agus bhí suim acu san inneachar, a chlúdaíonn ábhar cosúil le bradaíl, modheolaíochtaí taighde agus scríbhneoireacht lena foilsiú a thabhairt isteach ina gcleachtais teagaisc.

I measc na dtionscnamh nua a bhaineann úsáid as teicneolaíochtaí Web 2.0, a chomhlánaíonn na seirbhísí tacaíochta leabharlainne níos traidisiúnta atá ann cheana féin, tá *seirbhís comhrá ar líne* mar chuid de láithreán gréasáin na leabharlainne, inar féidir le mic léinn ceisteanna a chur agus freagraí láithreacha a fháil. Cuireann *blag* Leabharlann Russell a cuireadh ar bun i mBealtaine 2010, íomhánna agus sonraí den bhailiúchán réamh-1850 ar fáil ar fud an domhain, agus tá an Leabharlann tar éis tosú ag baint úsáide as *Facebook* agus *Twitter* freisin.

Cion Tairbhe Seachtrach

Chuir baill foirne na leabharlainne le forbairt náisiúnta agus idirnáisiúnta leabharlanna trí pháipéir chomhdhála a chur i láthair, imeachtaí a chur ar siúl agus nithe a fhoilsiú i rith na bliana. Bhuaigh ball foirne *comórtas póstaeir Shochaí Uile-Éireann don Ard-Oideachas 2009* dá hiontráil 'The Learning and Teaching Information Resources Toolkit', agus fuair beirt eile maoiniú ón gcomharchumann acadúil agus leabharlainne náisiúnta (*Academic and National Library Co-operative*) chun taighde a dhéanamh a rachaidh chun sochair gach leabharlann ollscoile in Éirinn. Fuair trí thionscadal *scileanna faisnéise leabharlainne* ardmholadh i gcatagóir Litearthachta Faisnéise náisiúnta a chlúdaigh leabharlanna poiblí, ollscoile agus speisialta. B'iad sin: 'Designing and Delivering a Generic Skills Information Literacy Programme for the Faculty of Science and Engineering', 'Library Information Skills Training (LIST)', agus 'Double Impact: Design and Delivery of an Accredited Module in Information Literacy Across two Campuses'.

Tá comhpháirtíocht nua ann idir Leabharlann na hOllscoile agus *Leabharlann Iarbhunscoile Mhá Nuad* trínar thug Leabharlann na hOllscoile go leor comhairle agus cúnaimh luachmhar don scoil maidir le hathchóiriú na háise, roghnú córais bainistíochta leabharlainne agus maidir le litearthacht faisnéise.

2.8 GNÍOMHAÍOCHTAÍ ALUMNI

Bhí 2009-2010 ar an mbliain ba ghnóthaí fós ó thaobh alumni OÉ Má Nuad a thabhairt le chéile de réir disciplín agus láthair araon, idir na healaíona go heolaíocht shóisialta agus Meiriceá agus an Áise. Sheol Oifig an Alumni Halla na Laoch Alumni 'Déanta i Má Nuad' chun onóir a thabhairt d'éachtaí den scoth a rinne daoine as an 50,000 duine a d'fhreastail ar an Ollscoil ó 1966 i leith.

Athchruinniú

Chuir *Athchruinniú Tíreolaíochta an Alumni* in Aibreán 2010 fáilte roimh ghrúpa chun aithne a chur ar a chéile arís agus chun éisteacht le léachtaí ó iar-léachtóirí ar ábhair cosúil le hathrú aeráide, dearcadh tíreolaí ar an timpeallacht eacnamaíochta reatha, fás na Roinne Tíreolaíochta agus turais allamuigh cáiliúla na Roinne. Bhailigh *Athchruinniú PhD Staire*, a bhí ar siúl ag an Ollscoil roinnt míonna roimhe sin, timpeall 100 iar-mhac léinn, léachtóirí reatha agus roinnt ball foirne atá ar scor.

Bhí sraith Athchruinnithe Alumni ar siúl den chéad uair i *Nua Eabhrac, Bostún agus Béising* le bliain anuas. Ba i mBialann faiseanta Elizabeth sa mBaile Thoir a bhí an chéad ócáid sna Stáit Aontaithe i nDeireadh Fómhair 2009. Bhí seans ag na céimithe labhairt agus manglaim a ól agus d'inis an tUachtarán John Hughes faoi fhorbairtí spreagúla nua a bhí ag tarlú ag an Ollscoil, roimh dhinnéar breá san Rose Garden. Ba i gClub Choláiste Bhostúin a bhí an imeacht i mí Feabhra dar gcionn. Bhí leagan amach den chineál céanna ann ar an oíche, agus thaitin sé go mór leis na hiar-mhic léinn atá ar an taobh sin den domhan. Tharla athchruinniú Bhéising timpeall ar cheiliúradh Lá Fhéile Phádraig, agus thug sé 15 alumni le chéile i gcomhair lón an Domhnaigh ag bialann Nola. Bhí Declan Kelleher, Ambasadóir na hÉireann chun na Síne agus Michael Finneran TD i láthair freisin.

Ag Dul Siar ar Bhóithre na Smaointe

Bhí an tríú Bál Alumni bliantúil ar siúl ag Cumann Alumni Mhá Nuad i Meitheamh 2010, agus d'fhreastail os cionn 150 duine air. Cuireadh tús leis an gceiliúradh foirmiúil seo le fáiltiú seaimpéin in Cloisters agus lean sé ar aghaidh le dinnéar fleáchais i Halla Pugin, le ceol ón Irish Rat Pack a chas sean-amhráin a tháinig leis an téama 'Winding Back The Years'.

Tugadh onóir do bheirt iar-mhic léinn na hOllscoile is mó cáile ag an imeacht os rud é gur éirigh chomh maith leo ina rogha gairmréime agus go ndearna siad ionadaíocht den scoth ar Éirinn. Fuair Leas-Bhuanionadaí na hÉireann chuig an Aontas Eorpach, an tAmbasadóir Geraldine Byrne Nason *Dámhachtain Alumni an Uachtaráin i gcomhair 2010* mar aitheantas ar an méid a bhain sí amach do thionscail talmhaíochta agus foraoiseachta na hÉireann agus i mbrú chun cinn an chláir um athrú aeráide. Fuair sí céim ó Choláiste Naomh Pádraig i 1980 i mBéarla agus i nGaeilge, agus lean sí ar aghaidh láithreach chun Máistreacht a fháil sa Bhéarla. D'fhóin sí mar Stiúrthóir ar an bhFóram Náisiúnta um an Eoraip sular ghlac sí lena post reatha.

Ba íMary O'Rourke TD don Longfort-an Iarmhí, a ndearnadh cur síos uirthi mar dhuine de mhór-cheannairí polaitiúla na hÉireann agus eiseamláir do chéimithe, an chéad duine a insealbhaíodh i *Halla na Laoch Alumni 'Déanta i Má Nuad'*. Bhí sí sa chéad rang céimithe tuata ó Choláiste Naomh Pádraig, nuair a chríochnaigh sí HDip san Oideachas i 1967. Toghadh chuig Dáil Éireann í i 1982 agus bhí sí mar Aire Oideachais, Sláinte agus Fiontar Poiblí agus Iompair chomh maith le bheith ina Leas-Cheannaire ar Fianna Fáil.

← Tréaslaíonn an tUachtarán, an tOllamh Seán Mac Aodha le Mary O'Rourke, TD, alumna tionscnaimh an Hall of Fame 'Made in Maynooth'.

←← A hOirirceas, an tAmbasadóir Geraldine Byrne Nason lena céile, A Oirirceas Brian Nason, an tAmbasadóir chun na Beilge.

2.9 OIFIG NA GAEILGE AGUS OIFIG ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA

D'éirigh le hOifigigh na Gaeilge tógáil ar an méid imeachtaí agus ranganna Gaeilge i mbliana agus suim san ábhar a choimead agus a mhúscailt i measc na foirne agus na mac léinn dúchasach agus eachtranach maraon. Soláthraíodh cabhair, eolas agus aistriúcháin do bhaill na hOllscoile. Aistríodh cáipéisí do Dhámh na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na Fealsúnachta agus chuir an Dámh féin aistriú comhuaineach ar fáil ag cruinnithe. Baineadh an-leas as Seomra na Gaeilge i mbliana, mar ionad caidrimh ag mic léinn agus baill foirne ar mian leo a gcuid Gaeilge a chleachtadh. Leanadh den nós eolas a scaipeadh tríd an ríomhphost ar imeachtaí Gaeilge san Ollscoil agus lasmuigh di, agus bhí freastal ar ócáidí dá réir.

Scéim Teanga na hOllscoile faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla

Réitíodh an dara Scéim Teanga: faoin scéim tá méadú tagtha ar an méid cáipéisí agus seirbhísí i nGaeilge atá ar fáil. Chinntigh Oifigeach Acht na dTeangacha, Kate Fennell, go raibh scéim na hOllscoile á chur i bhfeidhm agus chabhraigh sí le haonaid agus le ranna a ndualgais faoin scéim a chomhlíonadh.

Ranganna agus Ócáidí Gaeilge san Ollscoil

Bhí freastal maith ar na ranganna a cuireadh ar fáil do bhaill foirne na hOllscoile i mbliana. Is í Kate Fennell agus Ionad na dTeangacha a d'eagraigh na cúrsaí, le comhoibriú Oifig na Gaeilge. Reachtáileadh trí rang don fhoireann agus seisiúin chomhrá a bhí oscailte do chách. Baineadh an-leas as *Seomra na Gaeilge* i mbliana, do ghrúpaí cómhrá, ranganna neamh-fhoirmiúla, cluichí Wii, cóisirí beaga, seisiúin cheoil agus amhránaíochta agus le feidhm a bhaint as áiseanna idirlín agus leictreonacha don Ghaeilge.

Bíonn imeachtaí áirithe níos súntasaí ná a chéile. Mar shampla, d'fhreastail os cionn céad ball den Ollscoil ar Chóisir na Nollag i mbliana.

Bhí dhá Sheachtain Gaeilge in OÉ Má Nuad i mbliana: an ceann náisiúnta ag tús mhí an Mhárta agus Seachtain Gaeilge na hOllscoile arna eagrú ag Oifigeach Gaeilge agus Cultúir Aontas na Mac Léinn, agus ag an gCuallacht ag deireadh na míosa. D'eagraigh na hOifigigh Ghaeilge ócáidí le Seachtain Náisiúnta na Gaeilge a chomóradh; oíche cheoil, bord Gaeilge i mBialann Pugin mar ar crochadh biachlár as Gaeilge gach lá; taispeántas leabhar i Leabharlann Eoin Pól 11: leabhair mhaisithe an téama a bhí leis agus ba iad Valerie Seymour agus Susan Durack a chuir le chéile é; rang spraoi, 'Amhráin, Beannachtaí, Mallachtaí', le Kate Fennell. Ghlac baill foirne agus go leor clubanna agus cumann páirt sna himeachtaí. Ar na himeachtaí a eagraíodh do Sheachtain Gaeilge na hOllscoile bhí: tráth na gceist; ceardlann ar chearta teanga le Conradh na Gaeilge; rang ceoil traidisiúnta; 'gumball na Gaeilge'; tóraíocht taisce; 'scóráil sciobtha'; díospóireacht agus 'Cainteen' – lón agus comhrá. Cuireadh clabhsúr ar an mbliain i mí Bealtaine le hoíche cheoil is amhránaíochta.

→
Mic léinn ó OÉ Má Nuad i nGleann Cholm Cille.

Modúl Matamaitice trí Ghaeilge

Thairg Roinn na Matamaitice an modúl MT480C, 'Codaigh agus Córais Dhinimiciúla Réadacha', mar mhodúl roghnach trí Ghaeilge do gach fochéimí i mbliain na céime. An tOllamh S. Ó Buachalla a mhúin an modúl seo, an ceathrú bhliain don Roinn modúl trí Ghaeilge a reachtáil le cabhair deontais ón HEA. Faoin Soláthar Speisialta don Ghaeilge a thugtar an deontas seo: tá Oifigeach na Gaeilge freagrach as tuairisc a thabhairt don HEA ar a ndéantar faoin scéim.

Teagmháil le Gaeltachtaí is le Saol na Gaeilge

D'fhreastail na hOifigigh ar go leor imeachtaí arna n-eagrú ag na heagraíochtaí Gaeilge agus spreag siad baill na hOllscoile freastal orthu le tacú ó Oifig na Gaeilge.

Ar na himeachtaí bhí: Imram, mór-fhéile liteartha sa phríomh-chathair; Oireachtas na Gaeilge i Leitir Cheanainn; Scoil Gheimhridh Mherriman sa Ghaillimh agus Éigse na Brídeoige i nGaeltacht Uíbh Ráthach. Eagraíodh turas go dtí Ionad Ealaíon Solstice ar an Uaimh leis an stáitsiú a dhein an compántas drámaíochta 'Aisling Ghéar' ar An Béal Bocht a fheiscint. Thacaigh an Oifig le mic léinn ón gcúrsa Dioplóma sa Ghaeilge le freastal ar chúrsa deireadh seachtaine i nGaeltacht na Rinne, Port Láirge. D'fhreastail scata mac léinn ar ghearr-chúrsa i nGaeltacht Ráth Chairn i mí na Nollag agus cuid mhór eile ar chúrsa deireadh seachtaine i nGaeltacht Ghleann Cholm Cille le hOideas Gael i mí Márta.

Bhí Siobhán Ní Fhoghlú, Oifigeach na Gaeilge, ina moltóir ar chomórtas liteartha de chuid Oireachtas na Gaeilge i mbliana – ábhar léitheoireachta d'fhoghlaimeoirí fásta.

↗
Theo Dorgan; Seán Mac Mathúna; Nuala Ní Dhomhnaill; Siobhán Ní Fhoghlú agus Paddy Bushe ag Imram 2009.



3 TAIGHDE

3.1 BUAICPHOINTÍ TAIGHDE

Bhí fás leanúnach i rith 2009 ar an taighde atá á dhéanamh ag OÉ Má Nuad, agus tháinig méadú ar éifeacht idirnáisiúnta an taighde sin, fad a bhí srianta chor chun donais eacnamaíoch an domhain agus na tíre seo ag dul i gcion ar chúrsaí an choláiste. Tháinig méadú ar an tionchar díreach a bhí ag an infheistiú a rinneadh i gcúrsaí taighde nuair a bronnadh céimeanna PhD ar 76 iarchéimí anuraidh agus tháinig méadú bliantúil ar líon na bhfoilseachán ardcháilíochta agus ar na luanna.

Tháinig méadú go €25.8 milliún sa tréimhse 2008-09 ar an gcaiteachas ar thaighde a dtugtar maoiniú ó fhoinsí seachtracha dó, agus sa chaoi sin baineadh amach sprioc Phlean Straitéiseach na hOllscoile don tréimhse 2006-2011 dhá bhliain chun tosaigh ar an sceideal. Bíodh is nach sprioc ann féin é maoiniú taighde ach bealach chun sprioc a bhaint amach, in ainneoin sin is uile tugann sé spreagadh cumasach don ghníomhaíocht sin agus ní bheadh sé ar ár gcumas taighde den scoth a dhéanamh in a lán disciplíní murach é, go mór mór sna heolaíochtaí agus san innealtóireacht.

Bíodh is go raibh táscairí dearfa éagsúla ann rinneadh gearradh siar ar mhaoiniú na ngníomhaireachtaí náisiúnta go léir i gcomhair dámhachtainí nua agus tháinig laghdú breis agus 60% ar an maoiniú i gcomhair taighdeoirí OÉ Má Nuad. Beidh a thionchar sin le sonrú ó dheireadh na bliana 2010 ar aghaidh agus táthar ag tuar go mbeidh laghdú suntasach le sonrú i ngníomhaíocht taighde in 2011. Rinne an Rialtas gearradh siar ar thuarastal na dtaighdeoirí mar aon le tuarastal na státseirbhíseach eile in Eanáir 2010. Tá an Ollscoil tar éis aghaidh a thabhairt ar na cúrsaí baile seo trí a cuid iarrachtaí maidir le maoiniú a fháil ón AE agus ó fhoinsí idirnáisiúnta eile a atreisiú.

Is é an manna atá ag an gCoimisiún Eorpach ná 'na daoine is cliste san Eoraip ag réiteach fadhbanna an lae amárach inniu' agus tá siad ag iarraidh a chinntiú go bhfuil na daoine a bhfuil na haigní is cliste acu nasctha le chéile agus acmhainní acu le hoibriú i gcomhar le chéile chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin is tromchúisí atá le sárú ag ár sochaí. Tá bearta éagsúla ag an gCoimisiún chun iad sin a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu, agus tá cur chuige an-straitéiseach aige maidir le téamaí taighde agus forbartha a roghnú, agus éascaíonn siad cruthú líonraí i measc príomhthaighdeoirí na hEorpa. Tá sé d'aidhm acu freisin na naisc a neartú idir an t-oideachas, lucht gnó, taighde agus nuáil. I measc na dtopaicí a bhfuil an Eoraip ag tabhairt tús áite dóibh ina hiarrachtaí tá cúrsaí sláinte agus aosaithe, athrú aeráide agus an leas is éifeachtúla a bhaint as fuinneamh agus as acmhainní, agus is mór an díol suntais a bhfuil á dhéanamh ag cuid de na taighdeoirí is tábhachtaí in OÉ Má Nuad sna réimsí sin.

Is é an Dr Bernard Mahon ón Institiúid Imdhíoneolaíochta an Príomh-Imscrúdaitheoir i Child Innovac. Tionscadal úrscothach cuibhreannais is ea é sin atá ag obair chun *vacsaín nua a chruthú in aghaidh an treacha* agus tá siad ag súil tástálacha cliniciúla a dhéanamh go déanach in 2010. Tá 10 n-eintiteas agus dhá chuideachta phríobháideacha mar aon le 8 saotharlann, ó 7 thír san AE sa chuibhreannas agus is í Institiúid Sláinte agus Taighde Míochaine na Fraince atá ag déanamh comhordaithe ar an obair. Bronnadh an Prix de l'Institut Servier ar an Dr Mahon le déanaí mar aitheantas ar a bhfuil déanta agus bainte amach aige sa bhfeachtas seo *(féach lch 15)*.

Éacht mhór eile a rinneadh i gcaitheamh na bliana ab ea an chaoi ar éirigh leis an Dr Shirley O'Dea ón Institiúid chéanna beagnach €1 mhilliún a fháil i gcomhair chlár comhpháirtíochta tionscail de chuid an AE chun *meicníochtaí chun drugaí a sheoladh chuig na scamhóga* a fhorbairt. Beidh sí ag obair i gcomhar le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus leis an Dolomite Centre Limited sa Ríocht Aontaithe. Sa chaoi chéanna tá breis agus €645,000 faighte ag an Ollamh John Findlay le haghaidh obair i gcomhpháirtíocht le lucht tionscail maidir le *próitéiní seicine*. Beidh sé ag obair i gcomhair le AF ChemPharm Limited sa Ríocht Aontaithe agus le Dualsystems Biotech AG san Eilvéis.

D'éirigh leis an Institiúid um Luach Nuálaíochta na treochtaí náisiúnta a shárú agus dámhachtain eisceachtúil €3.8 milliún a fáil ó Fiontraíocht Éireann agus ón Údarás Forbartha Tionscail i Nollaig 2009 chun óstáil a dhéanamh ar *Ionad Inniúlachta um Nuáil TF* a bheidh á threorú ag lucht tionscail. Caitheadh roinnt blianta ag iarraidh an tionscadal sin a fhorbairt agus measadh go mba chloch mhíle thábhachtach ag pobal an choláiste é nuair a síníodh an conradh faoi dheireadh. Cuid ríthábhachtach de bheartas an Rialtais chun saineolas acadúil a nascadh le clár taighde atá spreagtha ag lucht tionscail is ea é seo toisc go spreagann na comhghuaillíochtaí straitéiseacha sin nuáil agus toisc go dtugann siad buntáiste ó thaobh iomaíochais do thionscal na hÉireann. Is é an aidhm atá ag an Institiúid

um Luach Nuálaíochta creataí nua a fhorbairt agus a thástáil chun luach níos fearr a bhaint as infheistíochtaí TF, agus tacóidh an tIonad Inniúlachta leis an obair sin go ceann cúig bliana agus cabhróidh sé le cinntiú go mbeidh Éire ina ceannródaí sa réimse seo atá ag forbairt go tapa. Bunaíodh an Institiúid mar chomhfhiontar idir Intel, OÉ Má Nuad agus the Boston Consulting Group, agus tá breis agus 30 comhpháirtí tionsclaíocha páirteach anois agus tá cúig bhall pátrúnachta gormshlise ag glacadh páirte ina forbairt, lena n-áirítear Ernst & Young, Microsoft agus BP mar aon leis na baill nua Cisco agus Aerfhórsa SAM. I measc na gcomhpháirtithe atá faighte aici le déanaí tá Deutsche Post, State Street, SAP agus Ospidéal Beaumont, atá ar cheann de na hinstitiúidí is mó in earnáil phoiblí na hÉireann.

Bhí an-rath ar an Institiúid um Micrileictreonaic agus um Chórais Gan Sreang, méadaíodh í trí réimsí nua taighde a chur faoina cúram agus bhí OÉ Má Nuad in ann an institiúid taighde, *Institiúid Callan*, a bhunú ar an mbunsraith sin in 2010. Tá breis agus 40 taighdeoir san áis athstruchtúraithe seo agus iad i mbun taighde feidhmigh maidir le cur chun feidhme teicneolaíocht ríomhairí agus cumarsáide. Déanann siad saineolas a lárú maidir le cumarsáid gan sreang, mianadóireacht sonraí agus asbhaint eolais, próiseáil agus aithint íomhánna agus comharthaí físeán agus córais chliste. Bíodh is go bhfuil an Institiúid ag leanúint ar aghaidh ag forbairt an chumais atá aici sna réimsí faoi leith sin, tá sí ag díriú ar iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil na teicneolaíochtaí sin ag teacht le chéile go mór mór sa timpeallacht uirbeach.

An Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal - Timthriall 5

Fógraíodh in Iúil 2010 gur éirigh le OÉ Má Nuad €10.2 milliún a fháil mar mhaoiniú ón státchiste i gcomhair 7 dtionscadal taighde faoi Timthriall 5 den Chlár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI) de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas. Tá an clár sin mar bhunús faoi chumas náisiúnta taighde a thógáil le haghaidh áiseanna nua agus oideachas céimithe.

Gealladh €1.2 milliún mar mhaoiniú don Institiúid um Luach Nuálaíochta le tacú léi an *spás nua taighde* ina bhféadfaidh 35 taighdeoir acadúil agus tionscail cur fúthu agus iad ag obair chun creataí TF a fhorbairt. Oibríonn sé ar bhunsraith na dámhachtana thuasluaite le tacú leis an Ionad Inniúlachta um Nuáil TF.

Tá €1.6 milliún faighte ag taighdeoirí eolaíochta bitheacha agus ceimice le cabhrú chun *clár struchtúraithe PhD i mBithanailís agus Treapeolaíocht* a bhunú i gcomhar le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), le Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn (RCSI) agus leis an Institiúid Teicneolaíochta, Tamhlacht. Obair mhór shuntasach í seo ina mbeidh taighdeoirí ón Institiúid Imdhíoneolaíochta agus ón institiúid nua ag obair i réimse na Bitheolaíochta Ceimicí. Beidh saineolas den scoth acu de thoradh thaighde bithleighis OÉ Má Nuad agus saineolais teicneolaíochta na heolaíochta bitheacha in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath mar aon le cumas cliniciúil Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, agus iad ag díriú ar oideachas chun torthaí taighde bithleighis a chur ar fáil i gclinicí agus iad a chur i lár an mhargaidh.

Ní dhearnadh neamhshuim de na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí in OÉ Má Nuad agus dámhadh €2.2 milliún ar dhá thionscadal fhiúntacha ar díol suntais idirnáisiúnta iad. Is é an Foras Feasa an Institiúid um Thaighde ar Thraidisiúin Chultúrtha agus Staire na hÉireann, agus deonaíodh maoiniú dó i leith a chuid oibre i *gclár struchtúraithe PhD sna hEalaíona Digiteacha agus sna Daonnachtaí*, i gcomhair le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, OÉ Gaillimh agus Acadamh Ríoga na hÉireann. Obair nuálach cheannródaíoch dhomhanda is ea í seo. Déanfaidh sí taighde ardleibhéil maidir le comhtháthú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na meán nua agus na dteicneolaíochtaí ríomhaireachta laistigh de chéim struchtúraithe ealaíon agus daonnachtaí agus cuirfidh sí deiseanna nua gairmiúla ar fáil do na céimithe. Tá an Foras Feasa, an Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil (NIRSA) agus OÉ Má Nuad i mbun comhoibriú taighde chun *stór náisiúnta closamhairc* a fhorbairt i gcomhar le hAcadamh Ríoga na hÉireann, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, OÉ Gaillimh agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Tógfaidh an cuibhreannas stór digiteach agus stór rochtana a bheidh láidir, inscálaithe, sorochtana, inbhuanaithe agus iontaofa i gcomhair na ndaonnachtaí agus na heolaíochtaí sóisialta cáilíochta. Lena chois sin tá an Ollscoil ina páirtí leasmhar sa tionscadal *taighde mara SmartBay* atá á threorú ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus a bhfuil maoiniú foriomlán €3.2 milliún faighte aige.

Luanna na hInstitiúide um Fhaisnéis Eolaíochta ar fhoilseacháin OÉ Má Nuad



3.2 GNÍOMHAÍOCHTAÍ TRÁCHTÁLAITHE

D'éirigh thar cionn leis an Oifig Tráchtálaithe ina hiarrachtaí táirgí de scoth an mhargaidh a chruthú de thoradh feabhas acadúil sa taighde agus cruthaíodh dhá chuideachta de thoradh obair a rinneadh san Ollscoil sa bhliain acadúil seo caite. Is mór an díol suntais iad na staitisticí eile cosúil le 9 gcomhaontú ceadúnais a shíniú, 7 bpaitinn a chomhdú, bailchríoch a bheith curtha ar bhreis agus 14 chomhoibriú tionsclaíoch agus €600,000 a fháil i bhfoirm cistí tráchtálaithe.

Bí ag faire orthu seo

D'eascair *iGeotech Limited* ón Ollscoil mar aon le comhpháirtí gnó/infheisteoir go déanach in 2009 chun táirge a sholáthar bunaithe ar shioncronú córas suite domhanda agus físeán ar bhealach saor so-iompartha. Cuirfear a chéad táirgí ar an margadh i Lúnasa 2010. Is éard atá i gceist leis an aireagán seo ná ionchódóir crua-earra (plugáil agus seinn) mar aon le bogearra le féachaint ar a soláthraíonn sé.

Ós rud é go bhfuil drochshláinte ar bheacha an domhain agus a lán acu ag fáil bháis, tá an Dr Kevin Kavanagh ón ngrúpa taighde um Bitheolaíocht Fungais ag déanamh obair cheannródaíoch le cosc a chur ar ghalair fhorleathana beach agus cóireáil a chur ar fáil le dul i ngleic leo. Meastar go gcuireann beacha meala €160 billiún ar fáil do gheilleagar an domhain trí mhil a sholáthar agus trí phailniú barraí, torthaí srl. agus tá *Beemune Limited* i mbun tráchtálaithe ar thacar táirgí dílsithe le cur le sláinte na mbeach agus le neart na gcoirceog agus é mar aidhm acu deireadh a chur le Neamhord Cliseadh Coilíneachta.

Táirge féideartha tráchtála eile atá beagnach críochnaithe is ea *ceamara slándála* gan sreang nach n-úsáideann ach fíorbheagán cumhachta chun cianfhaire a dhéanamh in áiteanna nach bhfuil aon fhoinse cumhachta. Fuarthas maoiniú i mí Iúil agus tá caibidlíocht ar siúl faoi láthair le comhpháirtithe féideartha gnó agus le lucht an mhargaidh.

Lena chois sin tá cuideachta le ceapadh i mbliana chun *cianmhonatóireacht a dhéanamh ar shláinte ainmhithe luachmhara,* ós rud é gur léirigh taighde margaidh go bhfuil a leithéid ag teastáil go mór ó úinéirí. Aithníodh comhpháirtithe gnó agus táthar le dul i mbun tástála i nDeireadh Fómhair. Beidh deiseanna ann amach anseo tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an táirge.

←←
Buaiteoir Dhámhachtain Eolaíocht Bheatha agus Tráchtálaíocht Bia Enterprise Ireland an tOllamh John Lowry, Ceann Roinn na Ceimice, agus Conor Lenihan, TD, an tAire Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta.

→
Ag seoladh Beemune Ltd. tá (c-d): an tUachtarán, an tOllamh Seán Mac Aodha; Mary Coughlan TD, Tánaiste; agus Dr Kevin Kavanagh An Roinn Bitheolaíochta, Ollscoil na hÉireann Má Nuad.

Foirmlí ar Éirigh go Breá leo

Cuireadh tús lena lán tionscadal eile de thoradh na ndeiseanna maoinithe a chuir Fiontraíocht Éireann ar fáil, lena n-áirítear forbairt cóireála réabhlóidí i gcomhair Tinnitis (a dtugtar 'ceol sna cluasa' air go coitianta) agus an gineadh leanúnach atá á dhéanamh ar mhóilíní beaga i gcomhair Diaibéitis 2. Bail dholeigheasta ainsealach a bhíodh sa ghalar sin roimhe seo ach táthar ag dul i ngleic leis ag baint leasa as gaireas chun an inchinn a athoiliúint, agus a bhuíochas sin do shaineolas na hOllscoile maidir le córais choimpléascacha agus eolaíocht néarchórais. Is é an Dr Ross O'Neill atá ina Chomhalta Iardhochtúireachta Taighde in Institiúid Hamilton atá ag treorú an ghrúpa taighde agus ba eisean a bhuaigh *Dámhachtain 'One to Watch' Fiontraíocht Éireann 2010*. Ba é an tAire Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, Conor Lenihan TD, a thug é sin le fios ag an bhFóram um Thaighde Feidhmeach a raibh 250 taighdeoir acadúil i láthair aige. Tá an Dr O'Neill ag comhoibriú leis an Uasal Brendan Conlon atá ina chomhairleoir máinliachta cluas, srón agus scornach in Ospidéal San Séam agus le cliniceoirí agus saineolaithe tionscail eile chun teicneolaíocht ar a dtugtar 'MuteButton' a thráchtálú le cabhrú leis na milliún daoine atá ag fulaingt de bharr tinnitis. Meastar go bhfuil sé ag cur as do dhuine amháin as seachtar.

D'éirigh leis an Ollamh John Lowry, Ceann na Roinne Ceimice, dámhachtain *Fiontraíocht Éireann* na bliana 2009 a bhuachan sa chatagóir *Eolaíocht Bheatha agus Tráchtálú Bia*. Bhí an tAire Lenihan i láthair ag Sárthaispeántas Mórsmaointe Fiontraíocht Éireann i bPáirc an Chrócaigh nuair a bhronn sé duais iomráiteach eile ar an Ollamh. Tá deich mbliana caite aige le hobair acadúil ag plé le teicneolaíocht braiteoirí agus ba mhór an t-aitheantas a thug an duais don tráchtálú a rinne sé ar a shaineolas sa chuideachta BlueBox Sensors. D'eascair an chuideachta ón Ollscoil in Iúil 2009 agus seoladh í go hoifigiúil ar mhargadh SAM trí mhí ina dhiaidh sin.

Chuir Banc na hÉireann Má Nuad agus McCann Fitzgerald Solicitors tacaíocht bhuan ar fáil le hurraíocht do 19 bhfoireann ó chláir fochéime agus iarchéime a raibh a lán tuairimí gnó acu dul san iomaíocht i dtrí bhabhta diana chun an babhta ceannais a bhaint amach i g*Comórtas Fiontraí Mac Léinn* Mhá Nuad. Tugadh oiliúint luachmhar do na rannpháirtithe maidir le teicnící oiriúnaithe, cumarsáid agus maidir le scileanna bunúsacha gnó sular roghnaigh na dragain chairdiúla an buaiteoir ar bhonn inbhuanaitheacht na smaointí.

Tugadh tús áite agus €6,000 do *Bespoke Mobile Suits* agus don té a cheap é, Fintan Lawlor, a chuirfidh seirbhís soghluaiste táilliúireachta ar fáil d'fheidhmeannaigh gnóthacha. Bunaíodh an chuideachta go foirmiúil i Meitheamh 2010. Tháinig MsSolutions le Eileen Clifford, Ursula Carragher agus John Doyle sa dara háit agus fuair siad duais €3,000; tháinig DealCube le Andrew Thompson agus James Dowling agus ElectR Cycle le Patrick McElhinney le chéile sa tríú háit agus tugadh €500 do gach togra díobh.

Próifíl

Carson Farmer
an Lárionad Náisiúnta um Gheoiríomhaireacht

Tháinig Carson Farmer ó Cheanada go OÉ Má Nuad in 2008 d'aon ghnó chun staidéar PhD a dhéanamh ag an Lárionad Náisiúnta um Gheoiríomhaireacht (NCG). Fuair sé maoiniú ón ISSP agus ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus tá sé ag tapú deiseanna chun torthaí a chuid taighde a fhoilsiú mar ailt in irisí a dtugann a chuid piaraí léirmheas orthu nó ag comhdhálacha, tá sé ag tacú le grúpthionscadail na roinne, agus tá sé ag cruthú agus ag coinneáil naisc leis an bpobal ollscoile agus le grúpaí neamhacadúla agus le grúpaí acadúla níos leithne.

Fuair sé céim onóracha BSc sa Tíreolaíocht ó Ollscoil Victoria inar dhírigh sé ar Chórais Faisnéise Geografaí (GIS) agus ar staitisticí spásúla agus chuaigh sé ar aghaidh chun céim MSc a bhaint amach ag plé modhanna anailíse spásúla agus ama agus go háirithe le gnéithe a bhain le coibhéis uisce sneachta. Thug Carson le fios go bhfuil gach seans ann go mbeadh sé ag déanamh na rudaí atá á dhéanamh ina chuid oibre aige mar chaitheamh aimsire ar aon nós agus gur breá leis daoine a bheith timpeall air ar spéis leo rudaí den sórt sin. 'Bíonn an deis agam mo thopaicí taighde féin a roghnú, mo sceideal féin a leagan amach cuid mhaith agus oibriú i gcomhar le taighdeoirí den scoth i mo réimse féin agus i réimsí bainteacha gach uile lá. Bítear ag súil go gcuirfidh mé taighde ardcháilíochta ar fáil ós rud é go bhfuil an oiread sin de chead mo chinn tugtha dom, agus ní beag an tasc é rudaí mar sin a chur i gcrích!'

É sin ráite aige, dúirt sé gur cuimhin leis le linn a chéad lá ar an gcampas - agus ar Lá bliantúil Lúthchleasa NCG - go raibh a fhios aige go raibh an áit cheart roghnaithe aige le dul ag staidéar i gcomhair a chéime PhD. 'Bhí mé ag ceapadh go mbeadh na hiarchéimithe ag iomaíocht leis an dámh i gcluiche bogliathróide agus mar sin de, ach ba é a chonaic mé ná ceann an NCG (mó mhaoirseoir nua) agus a chomhghleacaí ón NIRSA ag sárú a chéile i mbabhta iomrascála súmó, cultacha móra rubair orthu araon agus slua mór taighdeoirí agus foireann tacaíochta timpeall orthu agus iad á ngríosú le gártha arda. Ní bréag a rá go ndeachaigh sé i bhfeidhm orm!'

Tá Carson tar éis é féin a thumadh go huile agus go hiomlán i saol na hOllscoile. Bhí sé ina bhall de Chomhairle Aiseolais na gCéimithe, agus é i mbun idirchaidrimh lena Roinn agus le Staidéar Céimithe agus ag freastal ar chruinnithe faoi mhaoiniú áiseanna i gcomhair na mac léinn iarchéime agus faoin eispéiris atá acu. Chabhraigh sé chun a lán imeachtaí a eagrú agus ghlac sé páirt i Rothaíocht na Gaillimhe i mbliana. Ó thaobh gníomhaíochtaí múinteoireachta seach-churaclaim de, tá Carson gnóthach ag forbairt cúrsaí i gcomhar le roinnt coláistí sa Ríocht Aontaithe atá ag tabhairt isteach bogearraí foinse oscailte i gcomhair taighde geospásúil. Is é an aidhm atá aige ná a chur ina luí ar thaighdeoirí na tairbhí a bhainfidís as aistriú chuig bogearraí foinse oscailte, agus cabhrú leo lena n-úsáid san obair atá idir lámha acu faoi láthair. 'Tá a lán taighdeoirí in ann an-leas a bhaint as na córais foinse oscailte (go mór mór má bhíonn buiséid srianta acu), agus is maith liom a bheith in ann a thaispeáint gur féidir leo a lán dá gcuid anailísí a dhéanamh 100% níos saoire agus lán chomh furasta.' Reáchtáladh trí mháistir-rang go dtí seo a raibh an-rath orthu agus beidh ceardlann mhór trí lá ar siúl san Iodáil i Meán Fómhair.

Le cois na n-imeachtaí oideachasúla sin a chur ar siúl is iad na príomhaidhmeanna atá ag Carson in 2010 ná céimeanna a haon agus a dó dá thráchtas a chríochnú, dhá fhoilseachán ar a laghad a eisiúint a ndéanfaidh a phiaraí léirmheas orthu, agus más féidir leis é a dhéanamh, roinnt torthaí tosaigh a chur i láthair ag comhdháil nó dhó.

Unsoeld Hall, Evergreen State College, Olympia, Washington, 46–47

4 AN TÚDARÁS RIALAITHE

Liosta Bhaill An Údaráis Rialaithe DE Réir An Phainéil 2005 - Ainé

Clé go deas

Cathaoirleach
An tUasal Dan Flinter

Ex Officio
An tOllamh John G. Hughes
An Dr David Redmond
An tUasal Mike O'Malley

Baill na foirne acadúla atá ina nOllaimh nó ina gComh-Ollaimh
An tOllamh Daniel M. Heffernan
An tOllamh Anne Ryan

Baill bhuana nó lánaimseartha na foirne acadúla seachas Ollaimh nó Comh-Ollaimh
An Dr Deirdre Kirke
An tUasal Anastasia Crickley
An Dr Joseph Timoney (gan phictiúr)
An Dr Richard Watson (gan phictiúr)

Fostaithe buana nó lánaimseartha na hOllscoile nach baill na foirne acadúla iad
An tUasal Jim Keenan
An tUasal Paula Murray

Oifigigh thofa Aontas na Mac Léinn
An tUasal Aengus Ó Maoláin
An tUasal Liz Murray

Mac Léinn larchéime
An tUasal Ciarán Reilly (gan phictiúr)

Ainmní IBEC
An tUasal Noreen Deegan (gan phictiúr)

Ainmní ICTU
An tUasal Annette Kennedy

Ainmnithe Iontaobhaithe Choláiste Phádraig
An tOllamh Oirmhinneach Hugh Connolly
An tOllamh Próinséas Ní Chatháin
Folamh

Céimithe na hOllscoile
An tUasal Ann Marie Brennan (gan phictiúr)
An tUasal Anthony Jordan (gan phictiúr)

Ainmnithe Sheanad OÉ
An tOllamh Ann Burnell (gan phictiúr)
An tOllamh Jim Walsh

Ainmnithe an Aire
An tOllamh John Coolahan
An tUasal Siobhan Corry

Baill sheachtracha eile
An tUasal Peter Cassells
An tUasal Richard George
An tUasal Anne Heraty
Folamh

5 AIRGEADAS, STAITISTICÍ & URRAITHEOIRÍ

5.1 CUNTAIS IONCAIM & CAITEACHAIS

	2008/09	2007/08
	€	€
Ioncam		
Deontais Stáit	33,762,273	33,715,833
Táillí Mac Léinn	35,570,040	31,424,753
Ioncam Eile	3,256,050	3,724,183
	72,588,363	68,864,769
Deontais Taighde agus Tionscadail	25,914,045	22,076,557
Iomlán	**98,502,408**	**90,941,356**
Caiteachas		
Dámha agus Ranna Acadúla	40,626,033	37,679,725
Seirbhísí Acadúla agus Seirbhísí Eile	6,250,256	6,250,613
Áitreabh	8,636,944	8,929,858
Suim Leithdháilte do Chuspóirí Caipitil	1,232,802	1,626,879
Riarachán agus Seirbhísí Lárnacha	6,709,096	6,275,958
Caiteachas Ginearálta Oideachais	3,726,374	4,214,487
Seirbhísí Mac Léinn	3,101,368	2,903,373
Caiteachas Ilghnéitheach	916,522	802,106
	71,199,395	68,682,999
Deontais Taighde agus Tionscadail	25,914,045	22,076,557
Iomlán	**97,113,440**	**90,759,556**

5.2 STAITISTICÍ MAC LÉINN

Mic Léinn de réir Cúrsa agus Bliana	2009/10	2008/9	2007/8	2006/7	2005/6	2004/5	2003/4	2002/3	2001/2
Cúrsaí Céime:									
Iarchéimithe sna hEalaíona+	371	693	570	633	593	557	574	524	425
Iarchéimithe san Eolaíocht Shóisialta+	472								
Iarchéimithe san Eolaíocht	276	248	190	190	183	177	176	164	115
Iarchéimithe in Eolaíocht+	84	49	51	42	34	27	22	14	9
Iarchéimithe in Innealtóireacht	16	11	16	19	18	12	25	19	13
M.Sc. i mBogearraí Ríomhaire (Innealtóireacht Bogearraí)*	85	99	90	103	84	95	107	138	138
4ú Bliain san Eolaíocht	73	73	101	76	98	85	93	137	180
3ú Bliain san Eolaíocht	91	79	76	119	89	102	93	98	144
2ú Bliain san Eolaíocht	127	117	109	104	132	107	110	118	116
1ú Bhliain san Eolaíocht	0	1	1	1	5	5			
4ú Bliain i bhFisic Theoiriciúil agus Eolaíocht Ríomhaireachta	0	0	0	0	1	5	8		
3ú Bliain i bhFisic Theoiriciúil agus Eolaíocht Ríomhaireachta	0	0	0	0	1	1	6	9	
2ú Bliain i bhFisic Theoiriciúil agus Eolaíocht Ríomhaireachta	0	0	0	0	0	3	2	6	10
1ú Bliain i bhFisic Theoiriciúil agus Eolaíocht Ríomhaireachta	8	2	2	4	3	2	1	1	2
3ú Bliain i bhFisic Theoiriciúil agus Matamaitic	8	6	2	3	5	4	2	1	1
2ú Bliain i bhFisic Theoiriciúil agus Matamaitic	7	7	7	2	3	6	4	2	1
1ú Bliain i bhFisic Theoiriciúil agus Matamaitic	20	18	20	27	37	47	46	64	28
4ú Bliain in Innealtóireacht Bogearraí	28	17	17	18	18	33	58	52	70
3ú Bliain in Innealtóireacht Bogearraí	24	30	20	18	20	21	31	73	77
2ú Bliain in Innealtóireacht Bogearraí	33	22	26	26	26	35	28	34	77
1ú Bliain in Innealtóireacht Bogearraí	6	8	12	8	8	5			
4ú Bliain i bhFisic mar aon le Réaltfhisic	6	7	12	14	13	8	6		
3ú Bliain i bhFisic mar aon le Réaltfhisic	12	11	5	12	15	16	11	6	
2ú Bliain i bhFisic mar aon le Réaltfhisic	12	10	12	4	13	15	17	11	7
1ú Bhliain i bhFisic mar aon le Réaltfhisic	4	2	4	5	9	15			
4ú Bliain i Ríomh-Bhitheolaíocht agus Bithaisnéisíocht	4	4	2	3	6	11	15		
3ú Bliain i Ríomh-Bhitheolaíocht agus Bithaisnéisíocht	5	6	4	4	3	6	13	15	
2ú Bliain i Ríomh-Bhitheolaíocht agus Bithaisnéisíocht	11	9	8	4	4	3	5	14	18
1ú Bhliain i Ríomh-Bhitheolaíocht agus Bithaisnéisíocht	13	17	15	12	10	15	21	16	23
4ú Bliain i mBiteicneolaíocht	6	14	17	15	13	11	15	22	17
3ú Bliain i mBiteicneolaíocht	7	9	14	19	22	16	14	18	26

Mic Léinn de réir Cúrsa agus Bliana	2009/10	2008/9	2007/8	2006/7	2005/6	2004/5	2003/4	2002/3	2001/2
2ú Bliain i mBiteicneolaíocht	15	12	24	20	22	27	21	22	17
1ú Bliain i mBiteicneolaíocht	48	41	41	25	38				
4ú Bliain sna hEolaíochtaí Bitheolaíocha	57	50	41	41	26	38			
3ú Bliain sna hEolaíochtaí Bitheolaíocha	63	63	57	45	44	33	40		
2ú Bliain sna hEolaíochtaí Bitheolaíocha	68	61	72	60	46	50	36	38	
1ú Bhliain sna hEolaíochtaí Bitheolaíocha	12	18	17	7					
4ú Bliain i gCeimic mar aon le Ceimic Chógaisíochta	13	12	19	18	7				
3ú Bliain i gCeimic mar aon le Ceimic Chógaisíochta	9	12	11	19	19	15			
2ú Bliain i gCeimic mar aon le Ceimic Chógaisíochta	12	9	11	10	20	15	16		
1ú Bhliain i gCeimic mar aon le Ceimic Chógaisíochta	5								
2ú Bliain BSc sna hIlmheáin	13	10	1						
1ú Bhliain BSc sna hIlmheáin	17	22	12	18					
4ú Bliain i Síceolaíocht trí Eolaíocht	18	17	21	12	18				
3ú Bliain i Síceolaíocht trí Eolaíocht	20	19	21	20	16	18			
2ú Bliain i Síceolaíocht trí Eolaíocht	19	20	20	23	20	18	19		
1ú Bhliain i Síceolaíocht trí Eolaíocht	24	20	18	17	19	20	25		
4ú Bliain san Innealtóireacht	28	19	19	19	19	19	23	24	
3ú Bliain san Innealtóireacht	14	25	19	17	17	21	20	28	28
2ú Bliain san Innealtóireacht	14	11	24	33	22	19	18	23	28
1ú Bhliain san Innealtóireacht	10			12	15				
3ú Bliain i nDearadh Táirgí	18	10							
2ú Bliain i nDearadh Táirgí	25	21	12						
1ú Bhliain i nDearadh Táirgí	30			3	6				
2ú Bliain san Oideachas Eolaíochta	29	32		4	3				
1ú Bliain san Oideachas Eolaíochta	1			4	4				
3ú Bliain san Antraipeolaíocht Idirnáisiúnta	8			12	10				
2ú Bliain BA san Antraipeolaíocht	16	14							
1ú Bhliain BA san Antraipeolaíocht	21	19	18						
3ú Bliain sna hEalaíona	634	602	615	597	630	622	607	594	535
2ú Bliain sna hEalaíona	874	734	688	728	745	733	695	674	625
1ú Bhliain sna hEalaíona	878	985	858	809	835	827	850	822	847
3ú Bliain sna hEalaíona - Céim Onóra Aonábhair	30	12	45	37	39	36	45	34	34
2ú Bliain sna hEalaíona - Céim Onóra Aonábhair	0	18	10	28	28	35	30	36	33
4ú Bliain i mBA Idirnáisiúnta	43	33	36	44	25	13	16	15	
3ú Bliain i mBA Idirnáisiúnta	23	42	31	40	43	27	17	16	15
2ú Bliain BA sa Bhéarla	18			19	19				
1ú Bliain BA sa Bhéarla	21	21		10	20				
2ú Bliain BA sa Stair	15								
1ú Bliain BA sa Stair	25	16							
2ú Bliain sa Dlí agus sna Dána	26			18					
1ú Bliain sa Dlí agus sna Ealaíona	22	30		12	18				
1ú Bhliain sa Ghnó agus sa Chuntasaíocht	44								
2ú Bliain sa Ghnó agus sa Dlí	15								
1ú Bliain sa Ghnó agus sa Dlí	19	16							
3ú Bliain sa Bhainistíocht Gnó Idirnáisiúnta	1								
3ú Bliain sa Bhainistíocht Gnó	51								

Mic Léinn de réir Cúrsa agus Bliana	2009/10	2008/9	2007/8	2006/7	2005/6	2004/5	2003/4	2002/3	2001/2
2ú Bliain sa Bhainistíocht Gnó	55	56							
1ú Bhliain i mBainistíocht Gnó	37	56	57						
3ú Bliain BBA sa Ghnó Eachaí	2								
3ú Bliain sa Ghnó Eachaí	10								
2ú Bliain sa Ghnó Eachaí	21	13							
1ú Bhliain i nGnó Eachaí	18	26	19						
4ú Bliain i mBA Airgeadais Idirnáisiúnta	2	0	2	3					
3ú Bliain i mBA Airgeadais Idirnáisiúnta	0	3	0	2	3				
3ú Bliain i mBA Airgeadais	41	41	45	59	116	121	93	96	101
2ú Bliain i mBA Airgeadais	38	44	46	43	78	112	111	96	99
1ú Bhliain i mBA Airgeadais	60	58	53	67	73	104	127	124	119
4ú Bliain BA in Airgeadas & Cuntasaíocht Idirnáisiúnta	1								
3ú Bliain BA in Airgeadas & Cuntasaíocht Idirnáisiúnta	2								
3ú Bliain in Airgeadas agus Cuntasaíocht	84	93	58						
2ú Bliain in Airgeadas agus Cuntasaíocht	77	89	94	63					
1ú Bliain in Airgeadas agus Cuntasaíocht	71	81	96	80	54				
3ú Bliain in Airgeadas Luathaithe	0	0	0	0	1				
3ú Bliain i mBA Ceoil	32	33	27	35	26	35	31	29	27
2ú Bliain i mBA Ceoil	33	35	31	29	37	31	33	35	26
1ú Bhliain i mBA Ceoil	25	36	36	27	26	37	41	41	34
4ú Bliain i mBA Ceoil Idirnáisiúnta	0	0	3	3					
3ú Bliain i mBA Ceoil Idirnáisiúnta	1	1	0	2					
3ú Bliain i dTeicneolaíocht an Cheoil	27	27	27						
2ú Bliain i dTeicneolaíocht an Cheoil	36	42	32	32					
1ú Bhliain i dTeicneolaíocht an Cheoil	47	41	45	39	39				
4ú Bliain i mBA Idirnáisiúnta i dTeicneolaíocht an Cheoil	3	3							
3ú Bliain i mBA Idirnáisiúnta i dTeicneolaíocht an Cheoil	6	3	3						
4ú Bliain i Staidéar Eorpach	4	6	14	11					
3ú Bliain i Staidéar Eorpach	16	5	8	16	8				
2ú Bliain i Staidéar Eorpach	11	17	10	13	16	14			
1ú Bhliain i Staidéar Eorpach	21	17	24	22	20	22	19		
4ú Bliain in Airgeadas agus Bainistíocht Fiontair	15	21	15						
3ú Bliain in Airgeadas agus Bainistíocht Fiontair	13	14	19	22					
2ú Bliain in Airgeadas agus Bainistíocht Fiontair	13	11	18	21	25				
1ú Bhliain in Airgeadas agus Bainistíocht Fiontair	0	19	16	20	28	29			
1ú Bhliain BBS i mBainistíocht Fiontair	41								
4ú Bliain i bhFraincis agus Staidéar Stairiúil	0	0	0	0	0	0	1	2	
3ú Bliain i bhFraincis agus Staidéar Stairiúil	0	0	0	0	0	0	0	1	2
2ú Bliain i bhFraincis agus Staidéar Stairiúil	0	0	0	0	0	1	0	0	2
1ú Bhliain i bhFraincis agus Staidéar Stairiúil	0	0	0	0	0	0	0	2	0
4ú Bliain i nGearmáinis agus Staidéar Stairiúil	0	0	0	0	0	2	0	6	0
3ú Bliain i nGearmáinis agus Staidéar Stairiúil	0	0	0	0	0	0	2	0	6
2ú Bliain i nGearmáinis agus Staidéar Stairiúil	0	0	0	0	0	0	1	1	0
1ú Bhliain i nGearmáinis agus Staidéar Stairiúil	0	0	0	0	0	0	0	3	2
2ú Bliain BA sa Tíreolaíocht	26								
3ú Bliain i mBA Matamaitice	3	2	6						

Mic Léinn de réir Cúrsa agus Bliana	2009/10	2008/9	2007/8	2006/7	2005/6	2004/5	2003/4	2002/3	2001/2
2ú Bliain i mBA Matamaitice	0	4	4	6					
1ú Bhliain i mBA Matamaitice	6	0	3	4	10				
4ú Bliain BA Idirnáisiúnta i Matamaitic	0	1							
3ú Bliain i Staidéar ar na Meán	30	32	31	30	38				
2ú Bliain i Staidéar ar na Meán	28	36	34	34	35	39			
1ú Bhliain i Staidéar ar na Meán	45	35	38	37	38	40	42		
4ú Bliain i mBA Idirnáisiúnta i Staidéar na Meán	1	2	4						
3ú Bliain i mBA Idirnáisiúnta i Staidéar na Meán	2	1	1						
3ú Bliain BA sna hIlmheáin	11								
2ú Bliain BA sna hIlmheáin	11	12							
1ú Bhliain i mBA sna hIlmheáin	22	15	15						
3ú Bliain BA sa Pholaitíocht	12								
2ú Bliain BA sa Pholaitíocht	20	14							
1ú Bhliain i mBA sa Pholaitíocht	25	26	22						
3ú Bliain i Síceolaíocht	49	55	57	38	34	35	36	31	
2ú Bliain i Síceolaíocht	56	53	54	57	36	35	38	37	34
1ú Bhliain i Síceolaíocht	24	26	25	21	23	21	25	23	20
Staidéar Sóisialta Feidhmeach	18	43	14	18	22	0	34	0	46
3ú Bliain in Eolaíocht Shóisialta	51	41	33	38	43	27			
2ú Bliain in Eolaíocht Shóisialta	57	49	43	34	40	45	30		
1ú Bhliain in Eolaíocht Shóisialta	56	65	60	50	36	45	44	35	
4ú Bliain i mBA Idirnáisiúnta san Eolaíocht Shóisialta	0	1							
3ú Bliain i mBA Idirnáisiúnta san Eolaíocht Shóisialta	0	0	1						
Iomlán	**6591**	**6016**	**5407**	**5148**	**5069**	**4826**	**4689**	**4444**	**4177**
Cúrsaí Dioplóma:									
Ard Dioploma san Aistriuchan	24	34	34	19					
Dioplóma larchéime in Oideachas Aosach agus Pobail	30	23	23	22	22	24	20	26	27
Ard-Dioplóma i bhFisic Fheidhmeach*	2	2	4	1	1	2	4	12	20
Ard-Dioplóma sna hEalaíona (Comhairleoireacht agus Treoir d'Aosaigh)	22	22	19	14	20	18	12	9	10
Ard-Dioplóma sna hEalaíona (Feidhmiúcháin na T.F.C. san Oideachas)	0	0	0	0	0	0	0	0	33
(Cill Chainnigh agus Maigh Nuad)									
Ard-Dioplóma in Antraipeolaíocht	2	0	1	0	0	0	1	0	5
Ard-Dioplóma sna hEalaíona (Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil)	0	0	0	0	0	0	0	0	9
Dioplóma larchéime in Obair don Phobal	0	26	27	41	26	22	18	16	12
Ard-Dioplóma sna hEalaíona (Turasóireacht Chultúrtha)*	0	0	0	0	0	0	0	0	0
Ard-Dioplóma sna hEalaíona (Airgeadas)	13	7	6	8	6	12	10	11	10
Ard-Dioplóma sna hEalaíona (Cianbhraiteacht)	0	0	17	16	15	14	19	0	19
Dioplóma larchéime sna hEalaíona (Treoirchomhairleoireacht Scoile)	22	17	25	21	23	20	22	23	23
Ard-Dioplóma in Eolaíocht Eacnamaíoch	3	2	3	1	3	6	3	4	1
Dioplóma larchéime in Oideachas	148	159	151	141	170	160	161	156	160
Dioplóma larchéime i mBainistíocht Oideachais	19	21	26	21	25	28	31	31	28
Dioplóma larchéime i gCeannaireacht Oideachais	126	143							

Mic Léinn de réir Cúrsa agus Bliana	2009/10	2008/9	2007/8	2006/7	2005/6	2004/5	2003/4	2002/3	2001/2
Dioplóma Iarchéime san Innealtóireacht Leictreonaice	16	6	1						
Ard-Dioplóma i dTeicneolaíocht Faisnéise*	37	6	5	6	6	10	9	16	55
Ard-Dioplóma i dTeagasc agus Foghlaim Nuálaíoch	18	0	0	5	20				
Ard-Dioplóma i Stair na hÉireann	9	11	13	17	13	13	17	19	7
Ard-Dioplóma i Matamaitic	5	4	1	3	3	1	1	6	5
Ard-Dioplóma in Eolaíocht Mhatamaiticiúil	3	2	2	1	1	1	0	3	0
Ard-Dioplóma i Léann na Matamaitice	9	1	3						
Dioplóma Iarchéime i dTeicneolaíocht an Cheoil	3	7	3	3	2	0	5	0	2
Ard-Dioplóma i bhFealsúnacht	19	9	12	11	10	12	8		
Ard-Dioplóma in Innealtóireacht Bogearraí	2	0	1	0	0	0	0	0	4
Ard-Teastas in Eolaíocht (Eolaíocht Ríomhaireachta)	4								
Ard-Dioplóma i Staitisticí	5	0	3	3	2	1	1	5	1
Dioplóma Iarchéime san Ard-Oideachas	21	31	21						
Dioplóma sna hEalaíona (Comhairleoireacht agus Treoir d'Aosaigh)	7	3	15	21	14	16	25	26	26
Dioplóma sna hEalaíona (Staidéar Drámaíochta agus Amharclainne)	9	21	27	29	30	29	35	35	21
Dioplóma i Staidéar Andúile	0	29	46						
Dioplóma i gCeol Eaglasta	7	10	12	6	7	9	11	0	6
Dioplóma in Obair don Phobal agus don Aos Óg	64	74	68	52	52	37	42	39	42
Dioplóma in Oideachas Leanúnach	0	0	0	0	0	0	0	41	23
Dioplóma i Stair Áitiúil	0	0	0	0	0	0	0	0	0
Dioplóma in Idirghabháil agus i Réiteach Coinbhleachta	20	13							
Dioplóma i bhFealsúnacht	0	0	0	0	0	0	1	7	7
Dioplóma i bhForbairt Tuaithe	0	0	7	11	18	22	10	18	19
Dioplóma sa Ghaeilge	50	53	44	24	38	25	8		
Teastas Iarchéime in Antraipeolaíocht	3	2	7	1	8				
Teastas Gairmiúil san Teagasc agus Foghlaim	0	19	19						
Teastas i dTeagasc agus Foghlaim Shocheolaíoch	0	0	11						
Teastas in Oiliúint d'Oiliúnóirí i dTreoir d'Aosaigh	0	0	0	0	0	17	0	14	20
Teastas sa Chultúr & Sochaí	8								
Teastas i nDaoine, Áiteanna & Oidhreacht	2								
Teastas san Eolaíocht	9	17	9	6	12	12	25	12	
Teastas san Innealtóireacht	8	7	7	5	10	3			
Teastas in Eacnamaíocht, Airgeadas agus Bainistíocht Fiontair	15	7	6	5	2				
Teastas an Fhorais Idirnáisiúnta	8	5	7	3	2				
Céim Cianoideachais	45	73	124	118	117	124	133	131	121
Céim Iarchéime sa Chianoideachas	0	0	0	0	0	0	0	19	
Síneadh Céime d'Innealtóirí (DEFT)	10	15	15	21	17	12	9		
Clár Malairte Erasmus Thar Lear	52	55	44	63	54	30	25	26	35
Clár Malairte Erasmus ar Cuairt	149	198	196	197	179	169	146	140	121
Mic Léinn Ócáideacha (Cáilitheoirí agus B.A.Th. san áireamh)	354	289	283	274	268	268	279	289	321
Teastas I Muineadh na Gaeilge d'Aosaigh	10	15							
Teastas i Litríocht na Gaeilge	0	0	0	0	0	0	0	0	9
Iomlán	**1438**	**1348**	**1190**	**1196**	**1117**	**1091**	**1134**	**1202**	**1193**

Mic Léinn de réir Cúrsa agus Bliana	2009/10	2008/9	2007/8	2006/7	2005/6	2004/5	2003/4	2002/3	2001/2
Céim Fhochéime Pháirtaimseartha: BA i Staidéar Áitiúil agus Pobail (Cill Chainnigh agus Maigh Nuad)	164	186	194	222	223	184	187	200	230
Céim Chianfhoghlama: B.Sc. i bhForbairt Tuaithe	0	0	12	14	21	22			
Foriomlán	**8147**	**7640**	**6961**	**6574**	**6509**	**6149**	**5967**	**5778**	**5609**

* Fuair na cúrsaí seo cúnamh ó Chiste Sóisialta na hEorpa

+ Fuair roinnt de na mic léinn ar na cúrsaí seo cúnamh ó Chiste Sóisialta na hEorpa

Líon na Mac Léinn de réir Dáimhe agus Stádais Chéimí	2009/10	%	2008/9	%	2007/8	%	2006/7	%	2005/6	%	2004/5	%	2003/4	%
Lánaimseartha														
Dámh Fochéimithe na n-Ealaíon, an Staidéir Cheiltigh agus na Fealsúnachta	4191	52	3897	51	3470	50	3192	49	3285	51	3127	51	3005	51
Dámh Iarchéimithe na n-Ealaíon, an Staidéir Cheiltigh agus na Fealsúnachta	816	10	713	9	708	10	758	12	783	12	761	12	778	13
Dámh Fochéimithe na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta	1302	16	1222	16	1200	17	1142	18	1013	16	981	16	950	16
Dámh Iarchéimithe na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta	363	4	304	4	261	4	253	4	242	4	224	4	233	4
Fo-iomlán	**6672**	**82**	**6136**	**80**	**5639**	**81**	**5345**	**83**	**5323**	**83**	**5093**	**83**	**4966**	**84**
Páirtaimseartha														
Dámh Fochéimithe na n-Ealaíon, an Staidéir Cheiltigh agus na Fealsúnachta	612	8	624	8	647	9	596	9	638	10	562	9	560	10
Dámh Iarchéimithe na n-Ealaíon, an Staidéir Cheiltigh agus na Fealsúnachta	510	6	513	7	280	4	216	3	173	3	125	2	123	2
Dámh Fochéimithe na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta	11	0	16	0	15	0	38	0	19	0	22	0	9	0
Dámh Iarchéimithe na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta	96	1	25	0	16	0	1	0	6	0	7	0	5	0
Fo-iomlán	1229	15	1178	15	958	13	851	12	836	13	716	11	697	12
Iomlán	**7901**	**97**	**7314**	**95**	**6597**	**94**	**6196**	**95**	**6159**	**96**	**5809**	**94**	**5663**	**96**
Erasmus ar Cuairt	149	2	198	3	196	3	197	3	179	3	169	3	146	2
Erasmus Thar Lear #	52	1	55	1	44	1	63	1	54	1	30	0	25	0
Teastas NUI i mBainistíocht na Treorach Oideachais d'Aosaigh	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	17	0	0	0
Cianoideachas	45	1	73	1	124	2	118	2	117	2	124	2	133	2
Iomlán	**8095**	**100**	**7585**	**100**	**6917**	**100**	**6511**	**100**	**6455**	**100**	**6119**	**100**	**5942**	**100**

Curtha san áireamh cheana féin sna Figiúirí Lán-Aimseartha thuas

5.3 URRAITHEOIRÍ TAIGHDE

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta
Analog Devices
Aspire
Tascfhórsa Pobail Bhaile Átha Luain
Atlantic Philanthropies
Austrian Film Magazine Skip
Gníomhaireacht na hOstaire um Chur Chun Cinn Taighde
Bayer Schering Pharma AG
Biosensia
Coimisiún Craolacháin na hÉireann (CCÉ)
Tascfhórsa Drugaí Áitiúil Phobal na Canálach
Cumann Gailf Theach Chartún
An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO)
An tIonad um Staidéar Trasteorann
Lárionad Tithe Stairiúla na hÉireann
Lárionad um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht (CSET)
Cisco Systems Inc.
Citigroup
Scoláireacht Comhpháirtíochta Chluain Dolcáin 2005
Comhpháirtíocht Chluain Dolcáin Teo
COFORD Clár Taighde Foraoise 2000-2006
An Ghníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaineachta
An Coimisiún um Uaireanta Altranais
Connecticut Cooperative Highway Research Program (USA)
Cumas Teoranta
An Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime
DAFRD Research Stimulus Fund
An Roinn Talmhaíochta agus Bia
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
An Roinn Gnóthaí Eachtracha
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
DePuy Ireland
Clár Discovery
Comhairle Contae Dhún na nGall
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath
An Chomairle um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRC)
An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI)
Cumann Léann Oideachais na hÉireann (ESAI)
Eircom
Eli Lilly
Scéim Comhaltachta Iardhochtúireachta an Tionscnaimh Embark (IRCSET)
An Chomairle um Thaighde sna Eolaíochta Fisiceacha (EPSRC) - Tionscadail
Clár Taighde Fhiontraíocht Éireann um Theicneolaíochtaí a Chur Chun Cinn
Ciste Tráchtálaithe Fhiontraíocht Éireann
Céim Cruthaithe Coincheapa Chiste Tráchtálaithe Fhiontraíocht Éireann

Céim Forbraíochta Teicneolaíochta Chiste Tráchtálaithe Fhiontraíocht Éireann

Deontas Staidéar Féidearthachta Fhiontraíocht Éireann

Staidéar Féidearthachta um Chomhpháirtíochta Nuálaíochta Fhiontraíocht Éireann

Clár Comhoibrithe Idirnáisiúnta Fhiontraíocht Éireann

Ciste Fhiontraíocht Éireann um Thaighde Nuálaíochta

Ulysses Fhiontraíocht Éireann

Fiontraíocht Éireann/IRCSET

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)

Cumann Eolaíochtaí Comhshaoil na hÉireann (ESAI)

Environmental Systems Research Institute (ESRI/USA)

Clár Cosanta Comhshaoil RTDI an EPA 2000-2006

Clár STRIVE na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) 2007 -2013

Clár an Aontais Eorpaigh um Chomhoibriú Eolaíoch Idirnáisiúnta (INCO)

Tionscnamh an Aontais Eorpaigh um Ghníomh Comhoibrithe Taighde le haghaidh Teicneolaíochta (CRAFT)

Clár ERASMUS an Aontais Eorpaigh

Clár Taighde ESPON an Aontais Eorpaigh

An Cúigiú Clár Creatlaí de chuid an Aontais Eorpaigh (FP5)

An Séú Clár Creatlaí de chuid an Aontais Eorpaigh (FP6)

An Seachtú Creatchlár an Aontais Eorpaigh (FP7)

Tionscnamh INTAS an Aontais Eorpaigh

Clár INTERREG an Aontais Eorpaigh

Clár Leonardo da Vinci an Aontais Eorpaigh (2000 –2006)

Comhaltachtaí Marie Curie an Aontais Eorpaigh

Deontas Líonra an Aontais Eorpaigh um Oiliúint Taighde

Clár Socrates an Aontais Eorpaigh

Tionscadal STREP an Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach (Bliain Eorpach na Saorántachta trí Oideachas 2005)

An Chomhdháil Eorpach um Bitheolaíocht Mhóilíneach (EMBO)

An Oifig Eorpach um Thaighde agus Fhorbairt Aeraspáis (EOARD)

Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA)

Bord Forbartha Fhine Gall

Foras na Gaeilge

Ambasáid na Fraince in Éirinn

Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann

GlaxoSmithKline S.p.a

Maoiniú Idirmheánach ón HEA

Clár Thuaidh-Theas an HEA um Thaighde Comhoibrithe

Clár an HEA um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI SRAITH 4)

Ciste an HEA um Thionscnaimh Straitéiseacha

Taighde HEA ar an Earnáil Teicneolaíochta

An Bord Taighde Sláinte (HRB)

Henkel Loctite Ireland

An Chomhairle Oidhreachta

Hewlett Packard (Déantúsaíocht)

Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC)

Comhaltacht Oiliúna HRB Cochrane

Deontas Trealamh ón HRB

Deontas Cláir ón HRB um Thaighde ar Úsáid Fola agus Heipitíteas C

Dámhachtainí Taighde an HRB

Deontais Tionscadal Taighde an HRB – Ginearálta

Intel Corporation

An Lárionad Idirnáisiúnta um Fhorbairt Áitiúil & Réigiúnach (ICLRD)

International Reading Association

Comhaltachtaí Iardhochtúireachta an IRCHSS

Deontais ón IRCHSS ar Thionscadail Thaighde

Comhaltachtaí Taighde Sinsearacha ón IRCHSS

Dámhachtain ón IRCSET um Buntaighde

Tionscnamh Embark IRCSET

Scéim Comhaltachta Iardhochtúireachta an IRCSET

Scéim Ulysses IRCSET

Fondúireacht Ollscoile na hÉireann agus Cheanada (ICUF)

Comhpháirtíocht Éireann-Talamh an Éisc

Clár Cúnaimh na hÉireann um Chomhoibriú Straitéiseach idir Chúnamh na hÉireann & an Institiúid Ardoideachais agus Taighde (2007-2011)

Ionad Eachaí na hÉireann

Cumann Seoireach na hÉireann

Foras Ospíse na hÉireann

An Chomhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS)

Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht (IRCSET)

Cumann Ollscoileanna Éireann (IUA)

James agus Adeline Callery

Joint Astronomy Centre (USA)

Iontaobhas Joseph Rowntree

Coiste Gairmoideachais Chill Dara

Iontaobhas Leverhulme

An Bord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil (LGCSB)

Foras na Mara

Bord Forbartha Chontae na Mí

Merck KGaA

Microsoft Ireland

Misean Cara – Tacaíocht ó Éirinn do Mhisinéirí

Diostróife Mhatánach Éireann (MDI)

Comhairle Eolaíoch NARSAD (SAM)

Acadamh Náisiúnta um Chomhtháthú Taighde, Teagaisc agus Foghlama

An Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí (NACD)

An tIonad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas (NCTE)

An Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Chiníochas agus Idirchultúrachas (NCCRI)

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE)

An Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil (NIRSA)

National Rosacea Society (USA)

Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann (CNÓÉ)

Clár Taighde NORFACE ERA-NET

OÉ Má Nuad

Dámhachtain OÉ Má Nuad ar Thaighdeoir Nua
Deontas Foilseachán OÉ Má Nuad
Oifig OÉ Má Nuad um Chur Chun Cinn Cáilíochta
Ciste OÉ Má Nuad um Fheabhsú Taighde
OÉ Má Nuad, ITT agus DIT
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann
Oriflame Glocal Technical Centre
Oifig an Aire Lánpháirtíochta
Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW)
Oifig Thithe an Oireachtais
Older & Bolder
PLANET Líonra na gComhpháirtíochtaí
Pro Helvetia, Comhairle Ealaíne na hEilvéise
Ciste PRODEX (Gníomhaireacht Spáis na hEorpa)
Raising Performance Ltd.
Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA)
An Chomhairle um Shaoráidí Eolaíochta agus Teicneolaíochta (STFC)
Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ)
Seagate Technology Media (Éire)
Deontas Comhdhála agus Ceardlanna FEÉ
Dámhachtain EUREKA FEÉ
Forlíonadh Tioscail/Taighde/Trealaimh FEÉ
Deontas Imscrúdaitheora FEÉ
Dámhachtain FEÉ Uachtarán na hÉireann ar Thaighdeoir Óg
Feabhsú Gairm Príomhthaighdeoirí FEÉ (PICA)
Clár an FEÉ um Oirir Thaighde
Múinteoirí Eolaíochta ina dTaighdeoirí Cúnta FEÉ (STAR)
Braisle Taighde Straitéiseach FEÉ
Comhaltacht Walton FEÉ
Siúracha na Trócaire
Solvay Pharmaceuticals B.V.
Aireacht Eolaíochta agus Teicneolaíochta na Spáinne
Tionscnamh Forbartha don Óige Thamhlacht Thiar Teo (TWCDI)
TDK Electronics Ireland Ltd.
Teagasc
Comhaltacht Teagasc Walsh
Trócaire
An tÚdarás Comhionannais
Coláiste Innealtóireachta Iarúsailéim
Clár T&F Náisiúnta an NHS um Meabhairshláinte Fhóiréinseach (RA)
Ollscoil Stáit Ohio
The Wellcome Trust
Ollscoil Ghlaschú
Aerfhórsa SAM
Youngballymun Ltd.
Wavebob Ltd.
Coimisiún Forbartha an Iarthair